An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS 2010

Radiological Protection Institute of Ireland

An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch

Don Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

De réir Cheanglais an Achta um Chosaint Raideolaíoch, 1991, is mór an onóir dom Tuarascáil Bhliantúil agus Ráiteas na gCuntas den Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010 a chur faoi bhur mbráid.

An tOll. Eugene Kennedy
Cathaoirleach

Ráiteas Misin

"A chinntiú go ndéantar muintir na hÉireann a chosaint ó éifeachtaí dochracha na radaíochta."

An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch
3 Cearnóg Chluain Sceach, Baile Átha Cliath 14.
Teileafón: 01-2697766. Facs: 01-2697437. www.rpii.ie

**Tá an tuarascáil seo ar fáil i mBéarla ag www.rpii.ie*

Clár na nÁbhar

Liosta Giorrúchán	2
Feidhmeanna an RPII	4
Tosaíochtaí Straitéiseacha don RPII 2008-2010	5
Ráiteas an Chathaoirligh	6
Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh	10
Rialáil agus ceadúnú	15
Nochtadh dhaonra na hÉireann don radaíocht	21
Radón	25
Seirbhísí Tomhais Radaíochta	29
Ullmhacht um éigeandálaí	31
Sábháilteacht na saoráidí núicléacha thar lear	34
Seirbhísí Tacaíochta Corparáideacha	38
Ár Rialachas	44
Comhaltaí Boird	46
Coistí Comhairleacha	48
Struchtúr Foirne	49
Foireann an RPII in 2010	50
Ráitis Airgeadais	51

Liosta Giorrúchán

ALMERA	Analytical Laboratories for the Measurement of Environmental Radioactivity (Saotharlanna Anailíseacha do Thomhas na Radaíochta Comhshaoil)
AWIG	Analysts Informal Working Group (Grúpa Oibre Neamhfhoirmiúil na nAnailísithe)
BAT	Best Available Techniques (Na Teicnící is Fearr atá ar Fáil)
Bq/l	becquerels per litre (beicireilí do gach lítear)
Bq/m³	becquerels per cubic metre (beicireilí do gach méadar ciúbach)
CSN	Consejo de Seguridad Nuclear (An Chomhairle um Shlándáil Núicléach)
DAFF	Department of Agriculture, Fisheries and Forestry (An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia)
DCENR	Department of Communications, Energy and Natural Resources (An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Daonna)
DCU	Dublin City University (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath)
DECC	Department of Energy and Climate Change (An Roinn Fuinnimh agus Athrú Aeráide)
DECLG	Department of the Environment, Community and Local Government (An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil)
DEHLG	Department of the Environment, Heritage and Local Government (An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil)
EGIR	Expert Group on Ionising Radiation (Sainghrúpa ar Radaíocht Ianúcháin)
ENSREG	European Nuclear Safety Regulators Group (Grúpa Rialtóirí na hEorpa um Shábháilteacht Núicléach)
EPA	Environmental Protection Agency (GCC An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil)
EPR	European Pressurised Reactor (Imoibreoir Brúchóirithe Eorpach)
ERPAN	European Radiation Protection Authorities Network (Líonra Údaráis Cosanta Radaíochta na hEorpa)
EURADOS	European External Dosimetry Group (Grúpa Dáileogmhéadrachta Seachtrach na hEorpa)
EURNMET	European Metrology Group (Grúpa Méadreolaíochta na hEorpa)
FSAI	Food Safety Authority of Ireland (Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann
GDA	Generic Design Assessment (Measúnú um Dhearadh Cineálach)
HALES	Highly Active Liquor Evaporation and Storage (Stóráil agus Galú Licéir Ardghníomhach)
HASS	High Activity Sealed Sources (Foinsí Séalaithe Ardghníomhaíochta
HASTS	Highly Active Storage Tanks (Umair Stórála Ardghníomhacha)
HLG	High Level Group (Grúpa Ardleibhéil)
HSA	Health and Safety Authority (An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
HSE	Health Service Executive (FSS Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte)
IAEA	International Atomic Energy Agency (An Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh Adamhaigh)
ICRP	International Commission on Radiological Protection (An Coimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint Raideolaíoch)
ICSD	Ionisation chamber smoke detectors (Brathadóirí deataigh seomra ianúcháin)
ICT	Information Communications Technology (TFC Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide)
INAB	Irish National Accreditation Board (Bord Creidiúnaithe Náisiúnta na hÉireann)
INES	International Nuclear Event Scale (Scála Idirnáisiúnta um Theagmhas Núicléach)
IRAC	Ionising Radiation Advisory Committee (Coiste Comhairleach um Radaíocht Ianúcháin)

IRMF	Ionising Radiation Metrology Forum (Fóram Méadreolaíochta Radaíochta Ianúcháin)
IRRS	Integrated Regulatory Review Service (Seirbhís Athbhreithnithe Rialála Chomhtháite)
mSv	millisievert (millisíveart)
MoU	Memorandum of Understanding (Meabhrán tuisceana)
NCCP	National Cancer Control Programme (Clár Náisiúnta um Rialáil Ailse)
NEA	Nuclear Energy Agency (An Ghníomhaireacht um Fhuinneamh Núicléach)
NEPNA	National Emergency Plan for Nuclear Accidents (Plean Náisiúnta Éigeandála do Thimpistí Núicléacha)
NEWS	Nuclear Events Web Based System (Córas Gréasánbhunaithe um Theagmhais Núicléacha)
NORM	Naturally Occurring Radioactive Materials (Ábhair Radaighníomhacha a Tharlaíonn go Nádúrtha)
NPP	Nuclear Power Plant (Stáisiún Núicléach)
NRPA	Norwegian Radiation Protection Authority (Údarás na hIorua um Chosaint Radaíochta)
OSPAR	Oslo-Paris Convention (Coinbhinsiún Osló Pháras)
PMDS	Performance Management and Development System (CBFF Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta)
PRMG	Personal Radiation Monitoring Group (Grúpa Monatóireachta um Radaíocht Phearsanta)
QCS	Quality Customer Services (Seirbhísí Ardchaighdeáin do Chustaiméirí)
RASSC	Radiation Safety Standards Committee (Coiste um Chaighdeáin Shábháilteachta Radaíochta)
RCSI	Royal College of Surgeons in Ireland (Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn)
RPA	Radiation Protection Adviser (Comhairleoir um Chosaint Radaíochta)
RPII	Radiological Protection Institute of Ireland (An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch)
SI	Statutory Instrument (IR Ionstraim Reachtúil)
UCD	University College Dublin (An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath)
UK-EA	UK Environment Agency (Gníomhaireacht Comhshaoil na Ríochta Aontaithe)
UK-HPA	UK Health Protection Agency (Gníomhaireacht na Ríochta Aontaithe um Chosaint Sláinte)
UK-HSE-ND	UK Health and Safety Executive-Nuclear Directorate (Feidhmeannas Sláinte agus Sábháilteachta na Ríochta Aontaithe – An Stiúrthóireacht Núicléach
UK-NPL	UK National Physical Laboratory (Saotharlann Náisiúnta Fhisiceach na Ríochta Aontaithe)
UK-NDA	UK Nuclear Decommissioning Authority (Údarás na Ríochta Aontaithe um Dhíchoimisiúnú Núicléach)
WHO	World Health Organisation (EDS An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte)

Teorainneacha na Dáileoige agus na Leibhéil Tagartha

Teorainn na dáileoige do bhall den phobal ná 1 mSv i dtréimhse 12 mhí ar bith
Teorainn na dáileoige d'oibreoirí radaíochta ná 20 mSv i dtréimhse 12 mhí ar bith. Baineann na teorainneacha breise leis an nochtadh do chodanna áirithe den chorp.
An Leibhéal Tagartha do radón i dtithe ná 200 Bq/m^3
An Leibhéal Tagartha do radón in ionaid oibre ná 400 Bq/m^3
An Leibhéal Tagartha do radón i scoileanna ná 200 Bq/m^3

Feidhmeanna an RPII

Is iad seo a leanas príomhaidhmeanna an RPII:

- Comhairle a chur ar fáil don Rialtas, don Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus d'Airí eile ar ábhair a bhaineann le sábháilteacht raideolaíoch.
- Eolas a chur ar fáil don phobal maidir le hábhair a bhaineann le sábháilteacht raideolaíoch.
- Saotharlann náisiúnta a choimeád agus a fhorbairt leis na leibhéil radaighníomhaíochta i mbianna agus sa chomhshaol a thomhas, agus chun measúnú a dhéanamh ar thábhacht na leibhéal seo do dhaonra na hÉireann.
- Seirbhís dáileogmhéadrachta pearsanta agus chalabrúcháin ionstraimí a chur ar fáil dóibh siúd atá ag obair le radaíocht ianúcháin.
- Rialú a dhéanamh faoi cheadúnas, coimeád, úsáid, déanamh, iompórtáil, iompar, dáileadh, easpórtáil agus diúscairt substaintí radaighníomhacha, gaireas ionradaithe agus foinsí eile radaíochta ianúcháin.
- Cuidiú agus forbairt á déanamh ar na pleananna náisiúnta d'éigeandálaí a tharlaíonn de bharr timpistí núicléacha agus chun gníomhú a dhéanamh le tacú le pleananna den sórt sin.
- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí thar lear a bhaineann le suiteálacha núicléacha agus sábháilteacht raideolaíoch i gcoitinne; agus an Rialtas a choinneáil ar an eolas maidir leis na himpleachtaí atá i gceist d'Éirinn.

Tosaíochtaí Straitéiseacha don RPII 2008-2010

Tá straitéis shoiléir forbartha ag an RPII le cosaint radaíochta in Éirinn a neartú thar na tréimhse trí bliana, 2008-2010. Tá sé seo leagtha amach ina iomláine sa doiciméad RPII **Plean Straitéiseach 2008–2010**.

Tá líon spriocanna leagtha amach ag an RPII inar féidir an rath atá air sa tréimhse 2008-2010 a thomhas:

- Ní mór don eolas maidir le cosaint radaíochta a bheith ar fáil go héasca, a bheith inrochtana agus intuigthe do lucht féachana neamheolaíoch, sa chaoi go bhfuil muinín ag an bpobal as an gcumas atá air a bheith faoi chosaint ó na héifeachtaí dochracha.
- Ní mór don eolas a chuireann an RPII ar fáil a bheith bunaithe ar an eolaíocht agus cruinn i gcónaí. Déanfar iarracht an seasamh atá aige a choinneáil mar fhoinse iontaofa eolais don phobal agus don lucht féachana gairmiúil in Éirinn sa réimse seo.
- Ní mór don infreastruchtúr rialála náisiúnta um chleachtais agus ghníomhaíochtaí oibre ina bhfuil radaíocht ianúcháin i gceist a bheith curtha i gcrích agus ag feidhmiú go héifeachtach. Ní mór réiteach rathúil a fháil ar na bearnaí aitheanta san infreastruchtúr cosúil leis an bpolasaí náisiúnta um dhiúscairt dramhaíola radaighníomhaí.
- Ní mór forbairt a dhéanamh ar straitéis náisiúnta chun tabhairt faoi na leibhéil arda radóin i dtithe agus í a chur i bhfeidhm. Ní mór don straitéis seo díriú go sonrach orthu siúd nár ghlac páirt in aon staidéir roimhe seo agus ar an líon mór tithe nua a tógadh le deich mbliana anuas.
- Ag eascairt as cinneadh an Rialtais chun an fhreagracht don radaíocht neamhianúcháin a thabhairt don RPII (dáileadh na n-acmhainní san áireamh), ní mór na sruthanna oibre nua seo a chomhtháthú isteach in obair an RPII.
- Leanfaidh an RPII ag cur comhairle ardchaighdeáin agus bunaithe ar an eolaíocht ar fáil maidir le cúrsaí um chosaint radaíochta mar ionchur do pholasaí an Rialtais. Beidh clár spriocdhírithe ar thaighde mar thacaíocht don ról comhairleach seo.

Déanfar an tionchar a thomhas trí na nithe seo a leanas:

- Comhlíonadh ceanglas rialála ag an úsáideoir.
- Comhoibriú éifeachtach leis na comhlachtaí agus comhpháirtithe rialála cuí a bhfuil ról um chosaint radaíochta acu.
- Feabhsú phrófíl an RPII leis na príomhchinnteoirí.
- Fáil éasca don phobal agus don Rialtas ar eolas atá ar ardchaighdeán agus monatóireacht a dhéanamh ar na sonraí maidir le gach ábhar imní a bhaineann le cosaint radaíochta.
- Tuiscint níos fearr ag an bpobal maidir le saincheisteanna a bhaineann le cosaint radaíochta.

Ráiteas an Chathaoirligh

Is cúis áthais dom an Tuarascáil Bhliantúil agus na Cuntais den Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch do 2010 a chur faoi bhur mbráid. In ainneoin an stádas buiséadach agus foirne a bhí ann, d'éirigh leis an RPII a misean a chur i gcrích lena chinntiú go ndéantar muintir na hÉireann a chosaint ó éifeachtaí dochracha na radaíochta. Rinneadh dul chun cinn i líon mór réimsí um chosaint radaíochta in Éirinn, go háirithe maidir leis an infreastruchtúr rialála agus na cláir monatóireachta, ach tá tuilleadh iarrachta de dhíth go náisiúnta i dtaobh an nochta don radón, atá mar an fhoinse inrialaithe is mó den nochtadh don radaíocht ianúcháin do dhaoine atá ag maireachtáil in Éirinn.

Do thréimhse an Phlean Straitéisigh 2008–2010, d'aithin an RPII dhá phríomhréimse riosca ar chóir tabhairt fúthu le feabhas a chur ar an gcosaint radaíochta in Éirinn. Ba iad seo forbairt an pholasaí náisiúnta um dhiúscairt dramhaíola radaighníomhaí agus forbairt agus forfheidhmiú straitéise náisiúnta chun tabhairt faoi na leibhéil arda radóin i dtithe.

Is cúis áthais dom go ndearnadh dul chun cinn ar fhorbairt polasaí náisiúnta chun déileáil leis na foinsí radaighníomhacha nár úsáideadh. Is céim shuntasach chun tosaigh í an comhaontú a rinne an Rialtas maidir leis an moltaí a bhí déanta ag an ngrúpa idir-rannach, a bunaíodh in 2008 chun anailís a dhéanamh ar na saincheisteanna a bhí i gceist agus chun iniúchadh a dhéanamh ar na roghanna a bhí ann do réiteach. Bhí an RPII ag iarraidh dul chun cinn a dhéanamh sa réimse seo le fada agus is maith an rud é gur thángthas ar chomhaontú ar an ngá atá ann do chlár um laghdú fardail, bunú Saoráide Stórála Náisiúnta Eatramhach agus socruithe don stóráil ghearrthéarmach éigeandála d'fhoinsí radaighníomhacha faoi urghabháil nó dílleachta (gan aon úinéir inaitheanta). Tá an RPII rannpháirteach go gníomhach sa Choiste Forfheidhmithe a bunaíodh chun an obair seo a chur i gcrích.

Cúis áthais dom freisin is ea cinneadh an Rialtais i Meán Fómhair na bliana 2011 cead a thabhairt chun ghrúpa idirghníomhaireachta a bhunú ar a mbeidh ionadaithe ó údaráis áitiúla cuí, d'fhonn Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin d'Éirinn a fhorbairt. Is é an radón an rud is mó a chuireann leis an nochtadh atá ag muintir na hÉireann don radaíocht, agus tá na leibhéil a tomhaiseadh i measc na leibhéil is airde san Eoraip. Bhí méid áirithe éifeacht ag na socruithe déthaobhacha a bhí ann idir an RPII, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DECLG) agus príomhghníomhaithe eile, ach tá straitéis náisiúnta comhaontaithe faoi chinnireacht an Rialtais de dhíth lena chinntiú go bhfuil baill uilig an stáit ag obair as lámha a chéile lena chinntiú go ndéantar daoine atá ag maireachtáil in Éirinn a chosaint go sásúil ó éifeachtaí dochracha an gháis radóin. Níos luaithe i mbliana, nuair a thángthas ar an dara teach in Oileán Ciarraí i gCo. Chiarraí ina raibh tiúchana radóin 185 huaire níos mó ná an Leibhéal Tagartha náisiúnta, ba mheabhrú géar dúinn é go bhfuil daoine áirithe in Éirinn nochta do leibhéil chontúirteacha radóin ina dtithe. Sa taighde a rinne an RPII le linn na bliana agus leis an gcomhairle a fuarthas ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte léirítear go bhfuil cur chuige ina bhfuil baint ag an Rialtas ar fad de dhíth ionas go mbeidh clár radóin éifeachtach ann. Tá an RPII ag tnúth le páirt a ghlacadh i bhforbairt na Stráitéise Náisiúnta um Rialú Radóin d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na contúirtí sláinte atá ann mar thoradh ar leibhéil arda radóin in Éirinn.

Leis an suíomh leanúnach i stáisiún núicléach Fukushima sa tSeapáin, tar éis an tsúnámaí uafásaigh a bhí ann i mí an Mhárta na bliana seo, léiríodh gur féidir timpistí tromchúiseacha a bheith i saoráidí núicléacha go fóill, cé go ndearnadh iarrachtaí móra idirnáisiúnta chun feabhas a chur ar shábháilteacht núicléach ó tharla an timpiste sa Searnóbail in 1986. Leis an obair a rinne an RPII san ullmhacht agus sa fhreagairt d'éigeandálaí le roinnt mhaith blianta agus leis na comhshocruithe oibre leis na príomhranna agus na príomhghníomhaireachtaí faoin bPlean Náisiúnta Éigeandála do Thimpistí Núicléacha cinntíodh go raibh Éire in ann a hacmhainní a bhogadh go héifeachtach agus go héifeachtúil. De bharr an fhad atá Éire ón tSeapáin níl aon impleachtaí sláinte i gceist in Éirinn, ach bhí na socruithe éigeandála éifeachtach agus iad ag tabhairt faoi na hábhair imní a bhí ar shaoránaigh na hÉireann atá ina gcónaí sa tSeapáin. Trí na teagmhálaithe agus líonraí idirnáisiúnta atá aige agus bunaithe ar a bhearta radaighníomhacha féin, bhí an RPII in ann eolas iontaofa agus cruinn a chur ar fáil don Rialtas, don phobal agus do na meáin de réir mar a d'éirigh an suíomh níos soiléire. Bhí tábhacht ar leith ag baint le bheith in ann fáil ar shonraí tomhais agus an cumas chun léirmhíniú a fháil orthu le tabhairt faoi ábhair imní sa tionscal maidir leis an truailliú a d'fhéadfadh a bheith ar bhia agus ar earraí nach bia iad.

Gné thábhachtach atá ann agus an dea-chleachtas radaíochta á chur chun cinn, do bhaill an phobail atá nochta don radón ina dtithe agus do dhaoine a bhaineann úsáid as radaíocht ianúcháin san ionad oibre, ná infhaighteacht eolais a bhfuil teacht air agus atá intuigthe. Lainseáil an RPII suíomh Gréasáin nua atá nuashonraithe i mí na Bealtaine 2009. Ó shin i leith, rinneadh tuilleadh forbartha ar an suíomh Gréasáin agus leathnaíodh amach é chun gnéithe idirghníomhacha agus seirbhísí ar líne do chustaiméirí a chur san áireamh. Sna blianta amach romhainn leanfaidh an RPII ag tabhairt tús áite d'fhorbairt an tsuímh Ghréasáin. Ba mhaith liom cuireadh a thabhairt do na páirtithe leasmhara breathnú ar an suíomh Gréasáin agus aiseolas a thabhairt don RPII ionas gur féidir linn feabhas a chur ar an tseirbhís a chuirimid ar fáil don phobal agus do chustaiméirí.

Thar an tréimhse 2008-2010 dhírigh an RPII go mór ar iarracht a dhéanamh agus a éifeachtacht a fheabhsú trí chomhoibriú a dhéanamh le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eile, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Thar an tréimhse bunaíodh meabhráin tuisceana le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, Met Éireann agus leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil leis na socruithe comhoibrithe atá i bhfeidhm cheana féin a chur ar bhonn foirmiúil agus a neartú. Leis na gníomhartha a ndearnadh faoi na socruithe seo cuireadh feabhas ar na torthaí a bhain an RPII agus na heagraíochtaí eile amach agus laghdaíodh an dúbláil a bhí ann. Bunaíodh teagmhálaithe go díreach le húdaráis áitiúla ar leith freisin in áiteanna ina bhfuil leibhéil arda radóin chun spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dá gcuid iarrachtaí chun an tuiscint ar radón a mhúscailt agus chun tabhairt faoin radón sna tithe sóisialta. D'éirigh go maith leis na comhiarrachtaí seo leis an mbaol ó radón a laghdú do thionóntaí údaráis áitiúil.

Go hidirnáisiúnta, trí bheith rannpháirteach i nGrúpa Rialtóirí na hEorpa um Shábháilteacht Núicléach (ENSREG) agus Ceannasaithe Údaráis na hEorpa um Rialáil Radaíochta (HERCA), tá seasamh agus íomhá an RPII níos láidre, agus tá feabhas ar a chumas dul i gcion ar chinntí a bhfuil tionchar acu ar mhuintir na hÉireann a chosaint.

I dtreo dheireadh 2010, d'fhorbair an RPII a phlean straitéiseach nua don chéad trí bliana eile. Ó thaobh na cosanta radaíochta, is é an radón an dúshláin is mó agus is práinní. Níl ach 43,000 toradh i mbunachar sonraí monatóireachta radóin an RPII a léiríonn nach bhfuil ach codán an-bheag den stoc tithíochta iomlán de 1,750,000 teach a tomhaiseadh do radón. Níor tomhaiseadh an chuid is mó de na tithe go dtí seo agus dá bhrí sin ní fios dóibh an baol ina bhfuil siad féin agus a dteaghlaigh. Tá an RPII ag coinneáil brú le cur chuige náisiúnta i dtreo an radóin a fhorbairt d'fhonn an toradh is fearr a bhaint amach ó na hacmhainní atá ar fáil ó thaobh shláinte an phobail agus cosaint a fháil i gcoinne radóin.

Bhí freagairtí éagsúla ann ar fud na hEorpa do thimpiste Fukushima maidir le forbairt na cumhachta núicléiche sa todhchaí, ach tá siad uile comhaontaithe gur chóir tabhairt

faoi mheasúnuithe riosca agus sábháilteachta atá cuimsitheach agus trédhearcach (ar a dtugtar "tástálacha struis") de na stáisiúin núicléacha de gach tír le marthanacht na stáisiún i gcoinne teagmhas fhoircneacha a mheas chomh maith le leordhóthanacht na gcumas bainistíochta ar thimpistí tromchúiseacha. Tá na "tástálacha struis" ar bun anois i stáisiúin núicléacha uile na hEorpa, á gcomhordú ag leibhéal na hEorpa. Tá an RPII ag déanamh ionadaíochta d'Éirinn i ngnéithe teicniúla den phróiseas seo agus tá sé tiomanta a ról a chur i gcrích lena chinntiú go bhfuil na tástálacha cuimsitheach agus trédhearcach agus go dtugtar faoi na heasnaimh a aimsítear i gceart.

Sa Ríocht Aontaithe, d'aimsigh an Rialtas le déanaí ocht suíomh a d'fhéadfaí a fhorbairt le bheith ina stáisiúin chumhachta núicléiche nua, Sellafield ina measc. Tá tús curtha le próiseas comhairliúcháin freisin ann chun tuairimí a lorg maidir leis an gcaoi a

n-aimseofar na suíomhanna a d'fhéadfadh a bheith ann do dhiúscairt gheolaíoch de dhramhaíl ardghníomhaíochta, leis an gcuid is mó de á stóráil faoi láthair in Sellafield, agus conas a dhéanfar iad a mheas. Ardtosaíocht don RPII go fóill ná tógáil as an nua, bainistíocht dramhaíola radaighníomhaí agus saincheisteanna leanúnacha in Sellafield.

In 2007, d'aontaigh an Rialtas gur chóir sainordú agus acmhainní an RPII a leathnú amach le gnéithe de radaíocht neamhianúcháin a chur san áireamh, iad siúd a bhfuil baint acu le crainn teileafóin agus línte cumhachta ina measc. Chuir an Bord fáilte roimh an gcinneadh seo agus tá sé réidh le glacadh leis na freagrachtaí seo, faoi réir na n-acmhainní riachtanacha a bheith curtha ar fáil.

Thar mo cheann féin, agus thar ceann bhaill an Bhoird, is mian liom buíochas a ghabháil le foireann iomlán an RPII dá ngairmiúlacht leanúnach, díograis agus solúbthacht a léirigh siad an t-am ar fad. Is mian liom freisin go ndéanfar taifead ar mo bhuíochas agus buíochas an RPII don Dr. Niall McEniff a d'éirigh as an mBord i mí Aibreáin 2010. Cuirim fáilte roimh an Dr. Stephanie Ryan a ceapadh i mí Iúil 2010 mar ainmní de Dhámh na Raideolaithe, RCSI, agus a tháinig ina áit. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis na baill den Choiste Comhairleach Ianúcháin nua a bunaíodh agus le baill an Choiste Iniúchta agus an Choiste Chomhairligh Chumarsáide as an am agus saineolas a thug siad chun cuidiú leis an RPII.

Mar chríoch, is mian liom go ndéanfar taifead ar an mbuíochas a ghabhann an RPII as ucht na tacaíochta agus an spreagtha a fuarthas ón iar-Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Mr John Gormley, TD, agus ón Aire nua Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Mr Phil Hogan, TD. Tá an RPII fíorbhuíoch d'oifigigh an Pholasaí Radaíochta Comhshaoil agus de Rannóg Chaighdeán an Aeir na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus d'oifigigh eile sa Roinn as ucht a gcomhoibrithe. Tugaimid buíochas agus aitheantas freisin don rannpháirtíocht dearfach agus comhoibriú cuidiúil a tháinig ó na gníomhaireachtaí eile, na ranna rialtais, na hinstitiúidí oideachais tríú leibhéal agus na heagraíochtaí seachtracha eile lena raibh an RPII ag obair le linn 2010.

An tOll. Eugene Kennedy
Cathaoirleach



Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

An bhliain 2010 ba ea deireadh na tréimhse pleanála straitéisí 2008-2010 don RPII. Ar an iomlán, d'éirigh thar cionn leis an RPII chun a spriocanna a bhaint amach, cé gur shuíomh dúshlánach a bhí ann ó thaobh cúrsaí foirne. Tá na príomhrudaí a baineadh amach agus na gníomhaíochtaí i ngach ceann de phríomhréimsí oibre an RPII le linn 2010 leagtha amach thíos.

Radón

Aidhm straitéiseach an RPII maidir le radón ná obair a dhéanamh chun an tuiscint a mhéadú i measc na bpríomhpháirtithe leasmhara maidir le comhairle an RPII i dtaobh radóin agus is é an príomhchuspóir ná go mbeidh straitéis náisiúnta um rialú radóin glactha agus curtha i bhfeidhm ag an Rialtas. Chuige sin, i mí Aibreáin 2010, d'fhoilsigh an RPII agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte comhráiteas staide faoi radón ina

n-aithnítear go bhfuil radón mar ghuais sláinte phoiblí a éilíonn freagairt náisiúnta chomhordaithe. Sa ráiteas moladh Grúpa Náisiúnta Saineolaithe atá comhdhéanta go hiomchuí a bhunú láithreach chun Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin a fhorbairt d'Éirinn. Tar éis an ráiteas a fhoilsiú, d'oibrigh an RPII i gcomhar leis an DEHLG chun an obair ullmhúcháin a chur i gcrích leis an nGrúpa Náisiúnta Saineolaithe a bhunú.

I mí Eanáir 2010, chraol clár RTÉ 'Prime Time' gnéchlár maidir le radón agus ag eascairt as sin músclaíodh níos mó tuisceana ar an gceist. Leis an tairbhe is fearr a bhaint as an leibhéal tuisceana seo a méadaíodh, reáchtáil an RPII feachtais eolais áitiúla sna míonna seo a leanas i Sligeach (Márta), i gCeatharlach (Aibreán) agus i bPort Láirge (Deireadh Fómhair); aimsíodh go raibh leibhéil arda radóin sna contaetha uile seo. San áireamh sna feachtais dáileadh bileoga feasachta ar gach teach sa chontae, bhí fógraí ar an raidió áitiúil agus sna nuachtáin, chomh maith le hagallaimh, gníomhaíochtaí poiblíochta, rinneadh forbairt ar leathanaigh Ghréasáin agus Facebook, reáchtáladh cruinnithe poiblí agus cuireadh seisúin eolais ar bun d'ionadaithe poiblí áitiúla agus do ghrúpaí gnó/tionscail. D'éirigh thar cionn leis na feachtais áitiúla agus mhéadaigh líon na dtoisí radóin a rinne na sealbhóirí tí go suntasach i ngach contae dá bharr.

Is eochairphointe fócasach é an Fóram Náisiúnta Radóin do chlár radóin an RPII gach bliain. I 2010, reáchtáladh an Fóram i gCorcaigh ar a raibh an téama "Is guais sláinte aitheanta é Radón – conas is féidir linn tionchar a imirt ar an bpobal chun gníomhú ina aghaidh?" Ba é an Fóram seo ceann de na fóraim ba mhó a bhí ann go dtí seo ar ar fhreastail 75 duine ó na húdaráis áitiúla, an FSS, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, comhlachtaí tomhais radóin, conraitheoirí leasúcháin ar radón agus ollscoileanna. Príomhfhócas na gclár 'radón sna hionaid oibre' den RPII in 2010 ba ea eolas faoi fhostóirí agus oideachas. Chuir cigirí RPII feasacht maidir le radóin san áireamh in 146 de na cigireachtaí a rinneadh le linn na bliana, agus thug cigirí ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta faoin radón in 440 de na cigireachtaí a rinne siad in ionaid oibre ina bhfuil leibhéal an bhunurláir iata i gceantair ina bhfuil leibhéil arda radóin. Thug cigirí den RPII cuairt ar 6 hionad oibre faoin talamh le linn na bliana freisin áit nach mór bainstíocht leanúnach a dhéanamh ar an risíocht cheirde le radón.

Faoi dheireadh na bliana, bhí toisí do bheagnach 43,000 teach san áireamh i mbunachar sonraí radóin an RPII. Tá 5080 díobh seo a bhfuil tiúchana radóin os cionn 200 Bq/m^3 acu agus tá 575 díobh a bhfuil leibhéil os cionn 800 Bq/m^3 acu. Le linn na bliana aimsíodh 9 dteach ina raibh na leibhéil radóin 10 n-uaire níos mó ná an Leibhéal Tagartha, ag leagan béime ar theachtaireacht an RPII go bhfuil fadhb radóin thromchúiseach in Éirinn agus go bhfuil gá le freagairt chomhordaithe atá faoi threoir ón Rialtas.

Rialáil agus ceadúnú

Ag deireadh 2010, bhí 1737 ceadúnas i bhfeidhm thar réimse earnálacha, lena n-áirítear na hearnálacha leighis, tionscail, oideachais, fiaclóireachta agus tréidliachta. Eisíodh seasca a cúig ceadúnas nua le linn na bliana agus ina measc bhí 33 díobh san earnáil fiaclóireachta. Dúnadh caoga a sé ceadúnas agus bhí méadú beag ar an iomlán dá bharr i gcomparáid le 2009. An t-iarratas ba shuntasaí do cheadúnas a fuarthas le linn na bliana ba ea an ceann do na hionaid radaiteiripe nua den Chlár Náisiúnta Rialaithe Ailse in Ospidéal San Séamas agus Ospidéal Beaumont i mBaile Átha Cliath, ina mbeidh ceithre luasaire líneacha i ngach ceann díobh nuair a chuirtear i gcrích iad. Fuair dhá cheann de na ceithre luasaire líneacha in Ospidéal San Séamas ceadúnas chun úsáid a bhaint astu ag tús 2011.

Rinneadh dhá chéad is tríocha cúig cigireacht le linn na bliana. I measc na réimsí ar leith ar díríodh orthu bhí dáileoirí brathadóirí deataigh seomra ianúcháin, slándáil foinsí radaighníomhacha, ceadúnais fiaclóireachta agus comhlachtaí tástála neamhscriosaí. Sna cigireachtaí díríodh freisin ar riachtanas Comhairleora um Chosaint Radaíochta (RPA) san earnáil tionscail maidir le feasacht faoi radón a mhúscailt ar fud na n-earnálacha. San earnáil fiaclóireachta, bhí caighdeán na cosanta radaíochta sna cleachtais a ndearnadh cigireacht orthu ard, agus feabhsaíodh go mór cúrsaí ceadúnaithe nuair a tugadh isteach an riachtanas le RPA a cheapadh. Rinneadh iniúchtaí slándála ar dhá ospidéal mhóra agus saoráid tionscail amháin i gcomhar le hAonad Náisiúnta Coiscthe Coireachta An Gharda Síochána. Ar an iomlán, chonaic na cigirí caighdeáin mhaithe den chosaint radaíochta ar fud na n-earnálacha, agus tugadh faoi deara gur tháinig feabhas go háirithe sna hearnálacha tionscail agus oideachais nuair a tugadh isteach an riachtanais go gceapfadh na ceadúnaithe RPA.

Gach bliain, tugann an RPII clár athnuachana do na ceadúnais atá le dul in éag laistigh den bhliain. Le linn an chláir athnuachana in 2010, bhí ar dhlíodóir an RPII scríobh chuig 27 ceadúnaí nach raibh i dteagmháil leis an RPII tar éis comhfhreagras a chur chucu le cur i gcuimhne dóibh athnuachan a dhéanamh ar na ceadúnais a bhí imithe in éag. Ghníomhaigh na ceadúnaithe mar ba ghá seachas duine amháin lena chinntiú gur chomhlíon siad a riachtanais rialála. Ní dhearna an Dr Raymond Herring, Clinic Droma agus Muiníl, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo, athnuachan ar a cheadúnas i mí Iúil 2009. Tar éis cigireachta i mí Iúil 2010, ionchúisíodh agus ciontaíodh an Dr Herring i gCúirt Dúiche Chaisleán an Bharraigh i mí Eanáir 2011. Gearradh fíneáil €350 air agus cuireadh iallach air €500 a íoc i dtreo costas dlí an RPII.

I gcomhréir leis na treoirlínte nua maidir le tuairisciú i dtaobh teagmhais a foilsíodh in 2009, cuireadh 12 theagmhas in iúl don RPII sna hearnálacha leighis agus fiaclóireachta. Is é a bhí i gceist leis an gcuid is mó de na teagmhais ná daoine ag dul faoi mhodhanna raideolaíocha áit a ndearnadh botún agus scrúdaigh baill foirne ospidéil an t-othar mícheart. I ngach cás rinneadh iniúchadh iomlán ar na teagmhais a raibh an RPII sásta leis agus chuir na hospidéil a bhí i gceist bearta i bhfeidhm ionas nach dtarlódh na teagmhais arís.

Le blianta fada tá an RPII ag iarraidh go ndéanfaí polasaí Rialtais a fhorbairt chun déileáil le bainistíocht dramhaíola radaighníomhaí in Éirinn. I mí na Nollag 2010, chuir an grúpa idir-rannach a bunaíodh in 2008 chun na saincheisteanna a mheas, a chéad tuairisc chuig an Rialtas. D'aontaigh an Rialtas le príomh-mholtaí an Ghrúpa lena n-áirítear forfheidhmiú clár céimnithe um laghdú fardail chun líon na bhfoinsí radaighníomhacha nár úsáideadh atá á stóráil faoi láthair in Éirinn a laghdú; bunú Saoráide Stórála Náisiúnta Eatramhach d'fhoinsí den sórt sin; agus forfheidhmiú, ar bhonn práinne, na socruithe don stóráil ghearrthéarmach éigeandála d'fhoinsí radaighníomhacha dílleachta (gan aon úinéir inaitheanta) nó faoi urghabháil. Tá Coiste forfheidhmithe agus grúpaí oibre bunaithe leis an obair seo a thabhairt chun cinn.

Tá an rannpháirteachas leis na páirtithe leasmhara cuí mar ghné riachtanach leis na caighdeáin arda den chosaint radaíochta a chur chun cinn agus a bhaint amach, go háirithe sa timpeallacht rialála. Le linn 2010, bhí an RPII rannpháirteah le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, An Chomhairle Fiaclóireachta, Comhairle na nDochtúirí Leighis, Comhairle Tréidlianna na hÉireann, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, An Roinn Iompair, An Garda Síochána, Custam, An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach, Cumann na gCóras Innealtóireachta Dóiteáin, An Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta (Rialuithe Iompórtála agus Easpórtála), tionscal lampaí na hÉireann agus Údarás Eitlíochta na hÉireann chun plé a dhéanamh faoi na réimsí comhleasa agus chun comhthascanna a aithint a dhíríonn ar éifeachtúlachtaí a chothú agus an dúbláil iarrachtaí a sheachaint.

Cuireann Seirbhís Dáileogmhéadrachta an RPII seirbhís monatóireachta phearsanta ar fáil chun an risíocht cheirde le radaíocht ianúcháin a aimsiú. In 2010, bhí 127 duine nó 1.5% díobh a ndearnadh monatóireacht orthu a raibh dáileoga bliantúla acu a sháraigh an t-íosleibhéal tuairiscithe de 0.1 mSv. Bhí fiche oibrí a raibh dáileoga bliantúla acu a sháraigh an teorainn dáileoige do bhaill an phobail de 1 mSv, ach níor sháraigh duine ar bith an teorainn dáileoige bhliantúil d'oibrithe de 20 mSv.

Toisc go bhfuil sé riachtanach ó thaobh dlí de, ní mór monatóireacht a dhéanamh ar nochtadh aerchriú do radaíocht ianúcháin le cinneadh a dhéanamh má tá bearta de dhíth chun an nochtadh a rialú. Le linn 2010, léiríodh ón eolas a fuarthas ó 7

n-aeroibreoir ceadúnaithe go ndearnadh meastachán go bhfuair 11,077 duine dáileog radaíochta bhliantúil os cionn 1 mSv, agus bhí 113 díobh seo a sháraigh 4 mSv agus ní raibh duine ar bith a sháraigh 6 mSv. Ó thosaigh an mhonatóireacht ar aerchriú in 2003 bhí méadú seasmhach gach bliain i líon an aerchriú a fhaigheann dáileoga a sháraíonn 1 mSv, ach coinníodh na dáileoga thíos faoi 6 mSv.

Nochtadh dhaonra na hÉireann don radaíocht

Lean an RPII lena chlár chun monatóireacht a dhéanamh ar an radaíocht sa chomhshaol le linn na bliana agus mar aidhm aige measúnú a dhéanamh ar nochtadh an daonra. Sa chlár in 2010 léiríodh go bhfuil sceitheadh leachtanna ón stáisiún breosla núicléach athphróiseála in Sellafield fós mar an fhoinse is mó de radaighníomhaíocht shaorga i Muir Éireann agus gurb é caitheamh bhia na mara an príomhbhealach ina bhfuil an pobal nochta don fhoinse radaíochta seo. Bhí na dáileoga radaíochta do na gnáthchustaiméirí bia mara go mór faoi bhun 1 mhicrisíveart (µSv), agus d'fhéadfaí é seo a chur i gcomparáid leis an meán-dáileog bhliantúil do dhuine in Éirinn ó gach foinse radaighníomhaíochta de 3950 µSv.

Léiríodh leis na leibhéil ráta dáileoige gáma chomhthimpeallaigh agus radaighníomhaíochta a tomhaiseadh i 14 agus 12 stáisiún timpeall na tíre, faoi seach, nach raibh aon léamha neamhghnácha agus go raibh siad i gcomhréir leis na leibhéil a tomhaiseadh sna blianta roimhe seo. Bhí leibhéil ísle radaighníomhaíochta i mbainne, uisce le hól agus in earraí bia measctha freisin agus i gcomhréir leis na leibhéil a tomhaiseadh sna blianta roimhe. Is dearbhú iad na toisí seo nach baol iad na leibhéil radaighníomhaíochta saorga sa timpeallacht don tsláinte agus go bhfuil siad an-bheag i gcomparáid leis an dáileog a fhaightear de bharr radaíochta nádúrtha sa chúlra.

Le linn na bliana leanadh ar aghaidh leis an staidéar radaighníomhaíochta i soláthairtí screamhuisce, a thosaigh i gcomhar leis an GCC in 2008. Faoi dheireadh 2010, bailíodh samplaí ón 220 láthair ar fad sa staidéar agus rinneadh anailís orthu i dtaobh a n-ábhair radaighníomhaíochta. Fuarthas go raibh na samplaí uile ag cloí le Treoir an CE um Uisce Óil ó thaobh ábhair radaighníomhaíochta.

In 2010 críochnaíodh an staidéar a thosaigh in 2008 ar na leibhéil tritiam in uisce farraige le tiomantas na hÉireann don Choinbhinsiún OSPAR um chaomhnú na muirthimpeallachta san Atlantach OT. Tá tocsaineacht radaighníomhach íseal ag tritiam agus dá bhrí sin níl sé san áireamh i ngnáthchlár monatóireachta an RPII. Ach, sceitheann sé ó stáisiúin chumachta núicléiche agus an aidhm a bhí leis an staidéar ná bonnlíne a bhunú i gcoinne sceite a d'fhéadfaí a thomhas amach anseo de réir mar a mhéadaíonn táirgeadh na cumhachta núicléiche san Eoraip. Bhí tiúchana tritiam faoin teorainn braite sa chuid is mó den 67 sampla a bhí san áireamh sa staidéar, agus tomhaiseadh an luach ab airde de 2.4 Bq/l i mBaile Brigín.

Le linn 2009, thug grúpa speisialta a bhí comhdhéanta de chúigear saineolaithe neamhspleách faoi athbhreithniú cuimsitheach de chlár monatóireachta an RPII lena chinntiú go gcomhlíonann an clár na haidhmeanna sonraithe atá aige agus chun moltaí a dhéanamh le feabhas a dhéanamh, más gá. Thacaigh an painéal athbhreithnithe go mór le clár monatóireachta an RPII agus rinneadh moltaí ar leith i dtaobh samplála agus scileanna a chothabháil le cur san áireamh i gcláir amach anseo. Go luath in 2010, reáchtáil an RPII ceardlanna inmheánacha éagsúla chun tabhairt faoi na moltaí agus bunaithe air seo cuireadh clár monatóireachta leasaithe do 2011 le chéile.

Seirbhísí Tomhais Radaíochta

Ar an iomlán, thomhais an RPII an t-ábhar radaighníomhaíochta in 1932 sampla comhshaoil agus earraí bia le linn na bliana. Líon na ndeimhnithe inar sonraíodh an

t-ábhar radaighníomhaíochta a eisíodh ar easpórtálaithe de tháirgí Éireannacha ba ea 3211, beagnach mar an gcéanna leis an mbliain roimhe, a léirigh an t-éileamh leanúnach agus seasta atá ann don tseirbhís seo. Chuir Seirbhís Dáileogmhéadrachta an RPII tuairim is 74,000 dáileogmhéadar ar fáil do chliaint le linn na bliana. Baineadh úsáid as na dáileogmhéadair seo chun monatóireacht a dhéanamh ar an nochtadh radaíochta de níos mó ná 8000 duine. Rinne an tSeirbhís Chalabrúcháin tástáil ar 443

ionstraim d'fhonn na sonraíochtaí déantúsaíochta cuí a chomhlíonadh. Cuireadh tomhais radóin i gcrích in 5371 teach agus 393 ionad oibre, agus 47 díobh seo ba ea scoileanna. Mar thoradh ar an gclár 'Prime Time' agus ar thionscnaimh den RPII ag díriú ar fheasacht áitiúil i dtaobh radóin, mhéadaigh líon na dtithe a tomhaiseadh go mór i gcomparáid leis an 2550 teach a tomhaiseadh in 2009.

Le linn na bliana, choinnigh an RPII an creidiúnú don chaighdeán ISO 17025 dá phríomhsheirbhísí tomhais. Lean sé ag méadú úsáid na gcomhéadan Gréasáin agus na gcomhéadan leictreonacha eile chun feabhas a chur ar an soláthar seirbhíse do chustaiméirí, agus ag an am céanna mhéadaigh éifeachtacht na próiseála laistigh den tsaotharlann.

Ullmhacht um Éigeandálaí

Le linn 2010, thug an RPII faoi thionscnaimh áirithe chun feabhas a chur ar an gcumas atá aige freagairt do thimpiste núicléach thar lear mar chuid den Phlean Náisiúnta Éigeandála do Thimpistí Núicléacha (NEPNA). Reáchtáladh comhcheardlann dhá lá do bhaill foirne ón RPII agus Met Éireann chun feabhas a chur ar an mbealach ina ndéantar ionsamhlú de staid na haimsire éagsúil agus sonraí réamhaisnéis na haimsire a chomhtháthú isteach i gcóras tacaíochta cinntí an RPII, ARGOS. Rinneadh uasghrádú ar an nGréasán Náisiúnta um Monatóireacht ar an Radaíocht nuair a suiteáladh suíomh nua i gCúil Ghréine i Loch Garman agus nuair a dúnadh seansuíomhanna i gCill Chainnigh agus sa Mhuileann gCearr.

Cuireadh leis an gclár bliantúil de chleachtaí éigeandála a d'eagraigh an RPII trí rannpháirtíocht a bheith acu i 7 gcleachtadh éigeandála idirnáisiúnta a d'eagraigh an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach agus Coimisiún na hEorpa. Tá na cleachtaí seo an-luachmhar chun béim a leagan ar shaincheisteanna teicniúla ar bith agus bearnaí i bhfreagairt na hÉireann agus ceartú á lorg. Déantar ionadaíocht don RPII agus glacann sí páirt ghníomhach i ngrúpaí idirnáisiúnta a bhaineann le hullmhacht núicléach agus um éigeandálaí lena chinntiú go bhfuil freagairt na hÉireann i gcomhréir an chleachtais is fearr agus go bhfuil sí ag cloí leis na treoirlínte idirnáisiúnta.

Sábháilteacht na saoráidí núicléacha thar lear

Rinne an RPII dlúthmhonatóireacht ar na forbairtí in Sellafield agus i suíomhanna núicléacha eile den Ríocht Aontaithe. De thoradh fadhbanna teicniúla agus bristigh phleanáilte in Sellafield sa tsaoráid Stórála agus Galú Licéir Ardghníomhach (HALES) agus san ionad gloiniúcháin dramhaíola bhí an tréchur gloiniúcháin níos lú ná mar a rabhthas ag súil leis, agus in éineacht le tosca eile bhí méadú beag i méid an leachta radaighníomhaigh aird a stóráladh faoi dheireadh na bliana. Tá na leibhéil, mar sin féin, fós go mór faoi bhun na teorann atá sonraithe ag rialtóirí na Ríochta Aontaithe. I mí Iúil, thug cuideachta oibríoch Sellafield eolas do bhaill foirne an RPII maidir le Plean Saolré Sellafield ina leagtar amach an obair atá le déanamh ar an suíomh dá shaolré go dtí 2120. Thug an RPII faoi deara nach bhfuil rialtóirí na Ríochta Aontaithe sásta le dátaí éagsúla atá san áireamh sa phlean agus go bhfuil brú á chur acu d'fheidhmíocht níos fearr. I mí Iúil freisin, chuir rialtóirí na Ríochta Aontaithe baill foirne an RPII ar an eolas faoin síneadh a bheadh ann do shaolré oibríoch Stáisiún Cumhachta Núicléiche Wylfa sa Bhreatain Bheag suas le dhá bhliain (i.e. Nollaig 2012) – dearbhaíodh an síneadh ama ina dhiaidh sin i mí Dheireadh Fómhair 2010.

Chomh maith leis sin, in 2010, d'fhógair Rialtas na Ríochta Aontaithe pleananna chun stáisiúin chumhachta núicléiche a fhorbairt ar suas le 8 suíomh i Sasana agus sa Bhreatain Bheag, agus beidh cúig cinn díobh ar Chósta Mhuir na hÉireann. Sa phlean tá sé mar aidhm tús a chur leis an tógáil in 2012 agus beidh na chéad stáisiúin ag feidhmiú roimh 2025. Mar fhreagra do na comhairliúcháin ar na pleananna seo chuir an RPII tacaíocht teicniúil ar fáil don DECLG.

Le linn na bliana, chuir rialtóirí na Ríochta Aontaithe líon teagmhas in Sellafield agus i suíomhanna núicléacha eile den Ríocht Aontaithe faoi bhráid an RPII. Rinneadh gach teagmhas a rátáil mar Leibhéal 1 nó níos ísle ar an Scála Idirnáisiúnta seacht bpointe um Theagmhais Núicléacha (INES) agus ní raibh aon iarmhairt raideolaíoch ar Éirinn ó cheann ar bith de na teagmhais. Cuireadh an RPII ar an eolas freisin faoi líon na dteagmhas INES a rátáladh ag Leibhéal 2 i dtíortha Eorpacha eile. Mar sin féin ní raibh aon iarmhairtí lasmuigh den láthair mar thoradh ar na teagmhais seo agus, dá bhrí sin ní raibh aon iarmhairt raideolaíoch acu ar Éirinn.

An eachtra ba thábhachtaí le linn na bliana ná nuair a thángthas ar cóbalt-60 píosa ag áitreabh díoltóra dramh-mhiotail sa Deilí Nua, an India. Thángthas ar an gcás seo nuair a tháinig seacht n-othar chuig ospidéal agus siomptóim orthu a tharla, de réir tuairimí, de bharr a bheith nochta don radaíocht. Ina dhiaidh sin rinneadh é a rátáil mar Leibhéal 4 ar an scála INES agus thuairiscigh an IAEA gurbh é an teagmhas radaíochta ba mheasa le ceithre bliana anuas.

Ag an leibhéal idirnáisiúnta, dhírigh iarrachtaí an RPII i dtreo a bheith rannpháirteach i nGrúpa Rialtóirí na hEorpa um Shábháilteacht Núicléach Ghrúpa (ENSREG) agus bhí ionchur aige, go háirithe, i bhforbairt Threoir Euratom um Shábháilteacht Núicléach agus i dtreoir maidir le dramhaíl radaighníomhach agus breosla caite. Chuir foireann an RPII tacaíocht ar fáil freisin don DEHLG chun athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Náisiúnta na hÉireann chun an Straitéis um Shubstaintí Radaighníomhacha a chur i bhfeidhm agus a nuashonrú faoin gCoinbhinsiún OSPAR um chaomhnú na muirthimpeallachta san Atlantach Thoir Thuaidh agus chun ullmhú do Chruinniú Athbhreithnithe an Choinbhinsiúin IAEA faoin tSábháilteacht Núicléach atá le bheith ar siúl in 2011.

Seirbhísí Corparáideacha

Tugann Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha tacaíocht do ghnéithe uile obair an RPII agus mar aidhm aige a chinntiú go gcruthaítear coinníollacha a chuireann an éifeachtacht agus éifeachtúlacht agus cultúr eagraíochtúil chun cinn, chomh maith le rialachas agus comhlíonadh láidir.

Bliain ghnóthach a bhí ann in 2010 ó thaobh gníomhaíochtaí cumarsáide de. Cothaíodh spéis na meán leis an gclúdach a fuair radón sa chlár 'Prime Time' go luath sa bhliain, agus ina dhiaidh sin leis na feachtais feasachta áitiúla um radón i Sligeach, i gCeatharlach agus i bPort Láirge. Léiríodh freisin an fócas ar radón le méadú i líon na gcuairteoirí ar shuíomh Gréasáin an RPII.

Aimsíodh sa taighde margaidh chun tuiscint a fháil ar riachtanais agus ábhair imní pháirtithe leasmhara an RPII go bhfuil an fheasacht ar an RPII sách íseal, cé go bhfuil an fheasacht ar radón ard go leor ag 77%. Aithníonn caoga a cúig faoin gcéad de dhaoine go bhfuil an radón sa teach mar bhaol don tsláinte ach i measc na ndaoine atá ar an eolas faoi radón, tá 61% díobh nár dhócha go ndearnadh tástáil ar a dtithe, a chuireann béim ar an bhfíordhúshlán atá ann chun an fheasacht seo a dhíriú i dtreo an ghníomhaithe. San áireamh sa taighde freisin bhí gnéithe cáilíochtúla a chuirfidh le feachtais feasachta agus cúrsaí cumarsáide i gcoitinne amach anseo.

Is dúshlán é i gcónaí leanúint ar aghaidh agus feidhmeanna reachtúla an RPII a chur i gcrích cé go bhfuil líon na mball foirne ag laghdú. Cuireadh éifeachtúlachtaí i gcrích agus cuireadh feabhas ar an tseirbhís do chustaiméirí áit arbh fhéidir é trí úsáid na teicneolaíochta. De bhreis air sin, rinneadh an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta a nuashonrú agus a chur ar an ríomhaire. Rinneadh an bhunobair chun cumraíocht an fhreastalaí a aistriú chuig an teicneolaíocht fíorúlaithe nua agus tugadh isteach an fhíschomhdháil. Tá siad seo agus gníomhartha eile san áireamh i bPlean Gníomhaíochta an RPII faoi Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí atá ar fáil ar ár suíomh Gréasáin.

Bhí gach gné dá rialachas fós mar thosaíocht don RPII le linn 2010. I measc na bhforbairtí móra a bhí ann cuireadh feabhas ar fheidhm an iniúchta inmheánaigh, bunaíodh foras comhairleach ardleibhéil saineolaithe chun comhairle a chur ar an mBord maidir le hábhair a bhaineann le radaíocht ianúcháin agus athbhunaíodh an Coiste Comhairleach Cumarsáide.

Is mian liom buíochas pearsanta a ghlacadh le foireann uile an RPII dá ndíograis agus gairmiúlacht leanúnach le linn na bliana. Ba bhliain dheacair a bhí ann in 2010 de bharr na héiginnteachta maidir leis na buiséid agus líon na mball foirne amach anseo, agus ghníomhaigh an fhoireann go han-dearfach agus éilimh bhreise curtha orthu. Táim buíoch freisin d'fhoireann na Rannóga Radaíochta Comhshaoil den DECLG agus d'oifigigh eile sa Roinn as ucht a gcuid tacaíochta d'obair an RPII.

An Dr Ann McGarry
Príomhfheidhmeannach

Rialáil agus ceadúnú

Tá ról lárnach ag an radaíocht ianúcháin sa timpeallacht eacnamaíoch agus sóisialta in Éirinn. Tá tábhacht ar leith leis an úsáid a bhaintear as inár n-ospidéil chun seirbhísí diagnóiseacha agus radaiteiripe ar ardchaighdeán a chur ar fáil agus cuireann an úsáid a bhaintear as i gcúrsaí tionscail le seirbhísí agus táirgí atá ar ardchaighdeán a chur ar fáil go héifeachtach. Mar sin féin, ní mór foinsí den radaíocht ianúcháin a bhainistiú go sábháilte agus go slán. Tá an RPII freagrach as úsáid na radaíochta ianúcháin a rialú trí chóras ceadúnaithe agus cigireachta. Rialaíonn an RPII nochtadh an aerchriú do radaíocht chosmach agus, de réir mar is cuí, gníomhaíochtaí oibre ina bhfuil Ábhair Radaighníomhacha a Tharlaíonn go Nádúrtha (NORM).

Ceadúnú

Ceann amháin de phríomhghníomhaíochtaí an RPII ná ceadúnú úsáideoirí uile fhoinsí na radaíochta ianúcháin. Tá bunriachtanais chóras ceadúnaithe an RPII bunaithe ar Threoir Eorpach in 1996 maidir le hoibreoirí agus baill den phobal a chosaint a ndearnadh a thrasuí i reachtaíocht na hÉireann. Cuidíonn an Treoir seo, in éineacht le Treoracha eile atá ag déileáil le gnéithe ar leith den radaíocht ianúcháin, lena chinntiú go bhfuil cur chuige comhsheasmhach ann i dtreo rialáil na radaíochta ianúcháin ar fud na hEorpa. Cinntítear go gcuirtear na caighdeáin is airde den chosaint radaíochta i bhfeidhm ar fud na hÉireann trí na ceadúnaithe a bheith ag cloí le riachtanais na reachtaíochta agus leis na coinníollacha atá ceangailte le gach ceadúnas, in éineacht leis an gcigireacht rialta a dhéanann an RPII.

Ag deireadh 2010, bhí 1737 ceadúnaí a raibh ceadúnais acu thar earnálacha éagsúla lena n-áirítear na hearnálacha leighis, tionscail, oideachais, fiaclóireachta agus tréidliachta (Fíor 1). Eisíodh seasca a cúig ceadúnas nua le linn na bliana, agus tugadh níos mó ná 50% (33) díobh seo do cheadúnaithe san earnáil fiaclóireachta (Fíor 2). Dúnadh caoga a sé ceadúnas le linn 2010 go príomha sna hearnálacha tionscail (19), tréidliachta (14) agus fiaclóireachta (12). I measc an chuid is mó de na ceadúnais a dúnadh san earnáil tionscail bhí na seirbhísí don tionscal aerlíne, an tionscal leictreonaic agus cuideachtaí a chuir deireadh le tomhsairí dlúis taise núicléiche de bharr an choir chun donais i gcúrsaí tógála. Chomh maith leis sin, dhún líon beag ceadúnaithe a gceadúnas tar éis foinsí séalaithe agus neamhshéalaithe nár úsáideadh atá fágtha a dhiúscairt.

Fíor 1: Líon na gceadúnaithe leighis, tionscail, oideachais, fiaclóireachta agus tréidliachta ó 1993 - 2010



Fíor 2: Catagóirí na gceadúnas nua ó 2003 i leith



An t-iarratas ba thábhachtaí le haghaidh ceadúnais le linn na bliana ba ea do na hionaid radaiteiripe nua den Chlár Náisiúnta Rialaithe Ailse in Ospidéal San Séamas agus Ospidéal Beaumont i mBaile Átha Cliath. Agus iad curtha i gcrích, beidh ceithre luasaire líneacha i ngach ceann de na hionaid seo chun cóir leighis a chur in aghaidh na n-ailsí agus, tá siad chomh maith leis na saoráidí atá ann cheana féin in Ospidéal Naomh Lúcás, Baile Átha Cliath, mar Chéim I d'fhorfheidhmiú na moltaí atá i dtuarascáil Hollywood, a d'fhoilsigh Grúpa Oibre Saineolaithe um Sheirbhísí Oinceolaíochta Radaíochta na Roinne Sláinte agus Leanaí in 2003. I dtreo dheireadh na bliana, chuir an NCCP iarratas isteach don chéad dá luasaire in Ospidéal San Séamas chun tús a chur le seirbhís chlinciúil, agus bronnadh ceadúnas chun iad a úsáid ag tús 2011.

Rinneadh níos mó ná 800 leasú ar cheadúnais i rith na bliana a chlúdaigh gach earnáil agus a chlúdaigh go príomha leasuithe a bhí iarrtha don fhardal (breiseanna agus diúscairt) agus do bhaill foirne.

Cigireacht

Ceann amháin de chroí-eilimintí ghníomhaíochtaí rialála an RPII ná a chlár cigireachta bliantúil. Leis an gclár cigireachta tá an RPII in ann measúnú a dhéanamh ar an gcultúr um chosaint radaíochta agus ar na caighdeáin atá i bhfeidhm i ngach suíomh ina bhfuil foinsí radaíochta ianúcháin á gcoimeád agus in úsáid. Chomh maith leis sin, le linn na gcigireachtaí seo spreagann cigirí an RPII na ceadúnaithe chun tuilleadh feabhais a chur ar na cleachtais um chosaint radaíochta, go minic trí shamplaí den dea-chleachtas a chonacthas roimhe seo i saoráidí comhchosúla a chomhroinnt. Déantar athbhreithniú foirmiúil ar an gclár cigireachta gach bliain agus aimsítear réimsí ar leith inar féidir tuilleadh feabhsúchán a dhéanamh sa chosaint radaíochta le gníomhú orthu amach anseo.

Tá cur chuige rioscabhunaithe ag an RPII chun a chlár cigireachta bliantúil a fhorbairt, agus tugtar tús áite do na ceadúnaithe sin a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí a bhfuil baol níos airde i gceist leo, cosúil leis an radaiteiripe, an tástáil neamhscriosach, etc. Cuirtear san áireamh freisin an t-am atá caite ón uair dheireannach a rinneadh cigireacht ar cheadúnais aonair chomh maith le teagmhais ar bith a d'fhéadfadh a bheith ann. Tugtar faoi na cigireachtaí um chosaint radaíochta uile de réir réim chreidiúnú ISO 17020 an RPII.

Le linn 2010, tugadh faoi 235 cigireacht áit ar díríodh ar an gcosaint radaíochta (Tábla 1). Cé go dtugtar faoi na cigireachtaí go príomha chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh I.R. Uimh. 125 de 2000 agus na gcoinníollacha atá ceangailte le gach ceadúnas, tá deis ann freisin do na cigirí chun breathnú ar shamplaí den dea-chleachtas agus ansin cuirtear iad faoi bhráid ceadúnaithe eile atá i mbun feidhmeanna comhchosúla. Is iad seo a leanas na réimsí fócais ar leith a bhí ann don chlár oibre le linn na bliana::

- Dáileoirí brathadóirí deataigh seomra ianúcháin (ICSDs).
- Cur i bhfeidhm an riachtanais do Chomhairleoir um Chosaint Radaíochta san earnáil tionscail ar bhonn céimithe.
- Ionchorprú shlándáil na bhfoinsí isteach sna cigireachtaí ábhartha.
- An tuiscint ar radón a mhúscailt le linn na gnáthchigireachtaí
- An scéim fógra radagrafaíochta ar láithreán a chur i bhfeidhm le cuideachtaí Tástála Neamhscriosaí.
- An earnáil fiaclóireachta.

Tugadh faoi fheachtas cigireachta suntasach san earnáil fiaclóireachta le linn na bliana agus rinneadh cigireacht ar 50 cleachtas fiaclóireachta príobháideacha. Aidhm an fheachtais seo ba ea measúnú a dhéanamh ar an gcomhlíonadh i gcoitinne san earnáil seo, leibhéal na cosanta radaíochta a aimsiú agus luacháil a dhéanamh ar an tionchar a bhí ag ceapachán na RPAanna, a tugadh isteach in 2008, ar an gcosaint radaíochta san earnáil. Ar an iomlán bhí an ardchaighdeán i gcosaint radaíochta sna cleachtais a ndearnadh cigireacht orthu, agus bhí feabhsúcháin shuntasacha i gcúrsaí ceadúnaithe i gcomparáid leis an staid ina raibh cúrsaí sular tugadh an riachtanas isteach chun RPA a cheapadh.

Coinníodh le cigireacht a dhéanamh ar úsáideoirí tomhsairí, saoráidí steirilithe, trealamh X-ghathach don tástáil neamhscriosach nó chun críocha scagthástála slándála agus trealamh tréidliachta X-ghathach.

Is mór an t-ábhar misnigh é gur lean na cigirí ag breathnú ar dhea-chaighdeáin den chosaint radaíochta ar fud gach earnála. Rinneadh líon suirbhéanna slándála leis an nGarda Síochána freisin chun measúnú a dhéanamh ar na socruithe slándála atá i bhfeidhm ag na ceadúnaithe seo.

Tábla 1: Cigireachtaí a rinneadh in 2010

Catagóir an Cheadúnais	An líon sa Chatagóir	Cigireachtaí a rinneadh in 2010
Úsáideoirí Tionscail	296	73
Dáileoirí Tionscail	25	4
Oideachas & Taighde	22	8
Ranna Rialtais agus Seirbhísí atá faoi riar an Stáit	5	3
Ospidéil/Leigheas	173	55
Dáileoirí Leighis	21	7
Tréidlianna	262	22
Fiaclóirí	933	50
Suirbhéanna Slándála	-	3
Oibreoirí Aeir	-	4
Ionaid Oibre faoi thalamh		6
IOMLÁN	**1737**	**235**

Slándáil na bhFoinsí Radaighníomhacha

Rinneadh cothabháil ar chomhchlár oibre an RPII agus An Gharda Síochána a bhfuil mar aidhm aige measúnú a dhéanamh ar na soláthairtí slándála ag aitreabh ceadúnaí d'fhonn na caighdeáin a ardú go dtí an cleachtas slándála idirnáisiúnta is fearr le linn 2010. Le linn na bliana, rinneadh iniúchtaí slándála ar dhá ospidéal mhóra agus saoráid tionscail amháin i gcomhar le hAonad Náisiúnta Coiscthe Coireachta An Gharda Síochána (NCPU). Moladh líon mionbheart feabhsúcháin chun an dea-chleachtas a chur chun cinn.

Comhairleoir um Chosaint Radaíochta

D'fhonn feabhas a chur ar an dea-chleachtas sa chosaint radaíochta agus tabhairt faoi na bearnaí san infreastruchtúr rialála, bhunaigh an RPII clár Chatagóir II (na hearnálacha tionscail agus oideachais) na gComhairleoirí um Chosaint Radaíochta (RPA) ag deireadh 2009. Le linn 2010, cheadaigh an RPII beirt RPA ar an gclár seo agus tugadh isteach an riachtanas go gceapfadh na ceadúnaithe RPA leis na hiarratais do cheadúnais nua, saoráidí steirilithe, radagrafaíocht tionsclaíochta, sealbhóirí foinsí séalaithe ardghníomhaíochta, ollscoileanna agus sealbhóirí ilfhoinsí radaighníomhacha a chur san áireamh.

Ó bunaíodh clár Chatagóir I an RPA (na hearnálacha leighis agus fiaclóireachta) i mí na Samhna 2005, cheadaigh an RPA 38 RPA agus cuireadh an riachtanas i bhfeidhm go mbeadh ar na ceadúnaithe uile sna hearnálacha leighis agus fiaclóireachta RPA ceadaithe a cheapadh. Rachaidh na ceaduithe do na chéad RPAanna in éag i mí an Mhárta 2011. Le linn na bliana, d'fhoilsigh an RPII critéir le RPAanna a athcheadú ina mbeidh ar na RPAanna atá ann faoi láthair léiriú do Choiste um Measúnú ar RPAanna an RPII an chaoi inar choinnigh siad an t-eolas atá acu maidir le prionsabail agus cleachtais na cosanta radaíochta suas chun dáta chomh maith le forbairtí nua i bhfealsúnacht agus rialacháin na cosanta radaíochta, agus teicneolaíochtaí agus gnáthaimh leighis nua.

Dáileoga Intuairiscithe

Is coinníoll é de gach ceadúnas nach mór don cheadúnaí fiosrú iomlán a dhéanamh ar an ábhar aon uair a dhéantar dáileog a sháraíonn leibhéal tuairiscithe sonraithe a thaifeadadh ar dháileogmhéadar. Na leibhéil tuairiscithe sa cheadúnas do dháileoga coirp iomláin agus foircneacha ná 2 mhillisíveart (mSv) agus 50 mSv faoi seach thar tréimhse 16 seachtaine.

Cuireadh naoi gcás mar seo in iúl don RPII le linn na bliana, agus tuairiscíodh go raibh an dáileog ab airde mar dháileog fhoircneach de 1397.9 mSv ar dháileogmhéadar fáinne a chaith radagrafaí a bhí ag obair i rannóg leighis núicléach. Rinne RPA an ospidéil fiosrú iomlán ar an teagmhas agus an chúis ar taifeadadh an dáileog ar an dáileogmhéadar ná gur ceapadh gur truaillíodh an dáileogmhéadar le braon de Tc-99m, agus nach raibh aon impleachtaí ann don radagrafaí a bhí i gceist. Rinneadh cigireacht ina dhiaidh sin ar rannóg leighis núicléach an ospidéil inar tharla an teagmhas go luath in 2011 agus bhí an RPII sásta le torthaí an fhiosraithe. I ndiaidh na bhfiosruithe a rinneadh ar gach ceann de na dáileoga eile a tuairiscíodh, ní raibh aon cheann rangaithe mar dháileog a fuair an duine a bhí á chaitheamh.

Cur i bhFeidhm

Gach bliain tugann an RPII faoi chlár athnuachana do cheadúnais atá le dul in éag laistigh den bhliain. Beidh catagóirí na gceadúnaithe a bhfuil a gceadúnais le hathnuachan laistigh den bhliain áirithe ag brath ar chineál na ngníomhaíochtaí a dhéanann an ceadúnaí, agus beidh athnuachan le déanamh gach bliain ag na gníomhaíochtaí a bhfuil baol níos airde i gceist leo. Tá ceadúnaithe ar an iomlán an-chomhlíontach agus déanann siad athnuachan ar a gceadúnas nuair a iarrann an RPII orthu a leithéid a dhéanamh. Mar sin féin, uaireanta ní chuireann ceadúnaithe áirithe iarratas isteach le hathnuachan a dhéanamh agus dá bhrí sin caithfidh an RPII gníomh forfheidhmiúcháin a dhéanamh. Nuair a theip ar an Dr Raymond Herring, Clinic Droma agus Muiníl, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo, athnuachan a dhéanamh ar a cheadúnas i mí Iúil 2009, rinne an RPII cigireacht rialála ar áitreabh an Dr Herring i mí Iúil 2010. Tugadh faoin gcuairt seo seo tar éis gach iarracht a dhéanamh chun an Dr Herring a spreagadh le hathnuachan a dhéanamh ar an gceadúnas a bhí aige. Le linn na cuairte, aimsíodh gur coimeádadh aonad X-ghathaithe nach raibh ceadúnaithe agus dá bhrí sin ionchúisíodh agus ciontaíodh an Dr Herring i gCúirt Dúiche Chaisleán an Bharraigh i mí Eanáir 2011. Gearradh fíneáil Gearradh €350 air agus cuireadh iallach air €500 a íoc i dtreo costas dlí an RPII.

Mar chuid de phróiseas athnuachana an cheadúnais, le linn na bliana, bhí ar dhlíodóir an RPII scríobh chuig 27 ceadúnaí nach ndeachaigh i dteagmháil leis an RPII tar éis comhfhreagras a fháil ag meabhrú dóibh faoin dualgas atá orthu faoin reachtaíocht athnuachan a dhéanamh ar cheadúnais atá imithe in éag do ghníomhaíochtaí incheadúnaithe ar nós trealamh X-ghathach agus foinsí radaighníomhacha a choimeád agus a úsáid. Dá éis sin, ghníomhaigh gach duine de na ceadúnaithe mar ba ghá lena chinntiú go gcomhlíonann siad a riachtanais reachtúla.

Teagmhais

In 2009, d'fhoilsigh an RPII treoirlínte nua maidir le teagmhais raideolaíocha a thuairisciú agus cuireadh isteach riachtanais nua do na cineálacha teagmhas atá le tuairisciú san earnáil leighis. Le linn na bliana, cuireadh 12 theagmhas den sórt sin in iúl don RPII a tharla sna hearnálacha leighis agus fiaclóireachta. Ach, nuair a rinneadh anailís ar chúiseanna na dteagmhas fuarthas amach nár chóir dhá cheann de na teagmhais seo a thuairisciú toisc gur bhain siad le hothair a bhí taobh amuigh de shainchúram an RPII. An chuid is mó de na teagmhais a measadh gur chóir iad a thuairisciú ba ea daoine ag dul faoi mhodhanna raideolaíocha áit ar scrúdaigh baill foirne ospidéal an t-othar mícheart. Toisc nach bhfuair na daoine seo nochtadh a bhí mar thairbhe dóibh ní féidir iad a rangú mar othair i gcomhthéacs I.R. Uimh. 125 de 2000 agus dá réir sin ní féidir plé leo ach amháin mar bhaill den phobal. In dhá chás eile bhain na teagmhais le lochtanna a ceapadh a bheith sa trealamh. I ngach cás rinneadh fiosrú iomlán ar na teagmhais chun sástacht an RPII agus chuir na hospidéil a bhí i gceist bearta i bhfeidhm ionas nach dtarlóidh na teagmhais arís chomh fada agus is féidir.

Níor tuairiscíodh aon teagmhais don RPII a bhain le hábhar radaighníomhach a úsaid ná a iompar ó na hearnálacha tionscail, tréidliachta nó oideachais & Taighde le linn 2010.

Creidiúnú

Mar chuid dá thiomantas don fheabhsú leanúnach i gcaighdeán agus comhsheasmhacht na seirbhíse, chuir an RPII córas cáilíochta i bhfeidhm dá ghníomhaíochtaí cigireachta. Rinneadh an córas a fhorbairt de réir riachtanais an ISO 17020, caighdeán idirnáisiúnta atá deartha go sonrach d'fhorais cigireachta. Ceann amháin de riachtanais an chaighdeáin ná go gcaithfidh na bainisteoirí teicniúla i Rannóg na Seirbhísí Rialála a bheith i láthair mar fhinné nuair a thugann gach cigire ina rannóg faoi na cigireachtaí i ngach earnáil chuí. Le linn 2010, tugadh faoi chúig chigireacht ina raibh bainisteoirí teicniúla i láthair mar fhinné laistigh den Rannóg. Leis na cigireachtaí seo ina mbíonn finnéithe cinntítear go bhfuil comhsheasmhacht idir na cigirí agus na cigireachtaí, agus tá ról lárnach acu le cáilíocht na cigireachta a dhéantar gach bliain a chinntiú. Chomh maith leis sin rinneadh dhá hiniúchadh inmheánacha ar an meán in aghaidh na míosa ar lámhleabhar cáilíochta, na nósanna imeachta agus na doiciméid a bhaineann leo.

Coinníodh creidiúnú an RPII don ISO 17020 i ndiaidh cuairte faireachais ó Bhord Creidiúnaithe Náisiúnta na hÉireann (INAB) i mí Iúil. Mar chuid den chuairt faireachais bhí measúnóirí an INAB i láthair mar fhinnéithe agus cigirí RPII ag tabhairt faoi chigireacht ar shaoráid steirilithe agus rannóg X-ghathach diagnóiseach ospidéil.

Dramhaíl Radaighníomhach

Le blianta fada tá an RPII ag iarraidh go ndéanfaí polasaí Rialtais a fhorbairt chun déileáil le bainistíocht dramhaíola radaighníomhaí in Éirinn, bunú saoráide náisiúnta chun dramhaíl radaighníomhach a stóráil agus a bhainistiú go heatramhach.

Ag eascairt as tuarascáil nuashonraithe a d'ullmhaigh an RPII, bunaíodh grúpa idir-rannach in 2008 leis an DEHLG ag déanamh cathaoirleachta air agus an phríomhaidhm a bhí i gceist ná anailís a dhéanamh ar an mbainistíocht dramhaíola radaighníomhaí in Éirinn agus chun breathnú ar dheiseanna le haghaidh réitigh, agus tiomantais idirnáisiúnta, sábháilteacht, slándáil agus muinín an phobail á gcur san áireamh. Chuir an Grúpa a chéad tuairisc chuig an Rialtas i mí na Nollag 2010. D'aontaigh an Rialtas leis na príomh-mholtaí, lena n-áirítear iad seo a leanas::

- Gur chóir fardal na bhfoinsí radaighníomhacha nár úsáideadh atá á stóráil in Éirinn faoi láthair a laghdú trí chlár laghdaithe fhardail atá comhordaithe agus céimithe.
- Gur chóir Saoráid Stórála Eatramhach Náisiúnta d'fhoinsí radaighníomhacha nár úsáideadh a bhunú.
- Ba chóir socruithe a chur i bhfeidhm, ar bhonn práinne, don stóráil ghearrthéarmach éigeandála d'fhoinsí radaighníomhacha dílleachta nó faoi urghabháil i saoráid atá ann faoi láthair.

Bunaíodh Coiste forfheidhmithe agus grúpaí oibre chun an obair seo a thabhairt ar aghaidh. Is céim mhór chun cinn í an tiomantas seo ón Rialtas chun an tsaincheist thábhachtach seo a réiteach maidir le sábháilteacht an phobail agus slándáil atá ann le fada agus beidh gá le tacaíocht ghníomhach agus leanúnach ó na gníomhaireachtaí uile a bhfuil baint acu leis.

Comhoibriú idir-ghníomhaireachta

Léirigh an RPII ina Phlean Straitéiseach agus a ráiteas misin go bhfuil rannpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara de dhíth chun na hardchaighdeáin sa chosaint radaíochta a chur chun cinn agus a bhaint amach. Tá tábhacht ar leith leis seo sa timpeallacht rialála agus le linn 2010, bhuail an RPII leis an FSS, an Chomhairle Fiaclóireachta, an Chomhairle Leighis, Comhairle Tréidlianna na hÉireann, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, an Roinn Iompair, an Garda Síochána, Custam, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Cathaoirleach Chumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach, Cathaoirleach Chumann na gCóras Innealtóireachta Dóiteáin, An Roionn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta (Rialuithe Iompórtála agus Easpórtála), tionscal lampaí na hÉireann agus Údarás Eitlíochta na hÉireann chun plé a dhéanamh faoi na réimsí comhleasa agus chun comhthascanna a aithint a dhíríonn ar éifeachtúlachtaí a chothú agus an dúbláil iarrachtaí a sheachaint. Bhuail an RPII le hÚdarás na Fraince um Shábháilteacht Núicléach (ASN) de réir chomhaontú malairte faisnéise an RPII/ASN.

Nochtadh an Aerchriú don Radaíocht Chosmach

Faoi I.R. Uimh. 125 de 2000 ní mór do shealbhóir teastais aeroibreora na dáileoga a fhaigheann an t-aerchriú a mheas chun a fháil amach an fiú iad na bearta atá ann chun an nochtadh don radaíocht chosmach a smachtú. Baineann an riachtanas seo leis na haeroibreoirí a d'fhéadfadh dáileog bhliantúil níos mó ná 1 mSv a fháil, agus dá bhrí sin ní bhaineann sé ach amháin leis na haerlínte sin a eitlíonn os cionn 8000 méadar. Déanann na haerlínte a úsáideann samhlacha bogearraí atá aitheanta go hidirnáisiúnta na dáileoga mheas. Do 2010, léirigh an fhaisnéis a fuarthas ó sheacht n-aeroibreoir ceadúnaithe gur measadh go bhfaigheadh 11,077 duine dáileoga radaíochta bliantúla os cionn 1 mSv. Fuair 4415 díobh seo idir 1 agus 2 mSv, agus fuair 6549 díobh dáileoga idir 2 agus 4 mSv agus fuair 113 díobh dáileoga os cionn 4 mSv. Níor tuairiscíodh dáileoga ar bith os cionn 6 mSv. Ó thosaigh an mhonatóireacht ar aerchriú in 2003 bhí méadú leanúnach ann gach bliain i líon an aerchriú a fuair dáileoga níos mó ná 1 mSv (Fíor 3). D'fhéadfadh sé seo a bheith ann de bharr méadú i líon an aerchriú atá de dhíth chun bealaí atá ann cheana féin agus chun bealaí nua a fheidhmiú de réir mar a mhéadaíonn an t-éileamh do thaisteal aeir.

Fíor 3: Líon an aerchriú a fuair dáileoga radaíochta níos mó ná 1 mSv



Nochtadh dhaonra na hÉireann don radaíocht

Monatóireacht chomhshaoil

Is iad seo a leanas aidhmeanna agus cuspóirí chlár monatóireachta an RPII:

- Chun measúnú a dhéanamh ar dháileoga do dhaoine aonair agus don daonra ó radanúiclídí sa chomhshaol.
- Chun measúnú a dhéanamh ar dháileacháin aimseartha agus gheografacha de thiúchana de radanúiclídí saorga agus nádúrtha sa chomhshaol.
- Chun cothabháil a dhéanamh ar na córais, na nósanna imeachta agus an saineolas atá de dhíth le measúnú tapa a éascú don truailliú comhshaoil sa chás go mbíonn teagmhas núicléach nó raideolaíoch ionas go mbeifear in ann frithbhearta éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun pobal na hÉireann a chosaint.
- Faisnéis cothrom le dáta agus chruinn maidir le leibhéil radaíochta sa chomhshaol a chur ar fáil don Rialtas agus don phobal.
- Tacú le ról an RPII chun comhairle ardcháilíochta eolaíochtbhunaithe a chur ar fáil mar ionchur i bpolasaí an Rialtais, go háirithe chun cuidiú le bearta a aimsiú atá de dhíth chun daoine aonair a chosaint.
- Tacú le tionscal bia agus talmhaíochta na hÉireann trí mheasúnú críochnúil a dhéanamh ar stádas radaighníomhaíochta earraí bia na hÉireann. Tá an measúnú seo mar bhunús de dheimhniú radaighníomhaíochta i dtáirgí atá le heaspórtáil.

Is é atá i gceist leis an gclár seo ná sampláil agus tástáil a dhéanamh do radaighníomhaíocht san aer, in uisce óil, earraí bia, iasc, sliogiasc, feamainn, dríodair agus uisce na farraige chomh maith le tomhas leanúnach a dhéanamh ar radaíocht gáma sheachtrach sna stáisiúin ar fud na tíre. Tá an radaighníomhaíocht shaorga ar fáil sa chomhshaol, de bharr, i measc rudaí eile, tástáil a dhéanamh ar airm núicléacha, teagmhais núicléacha a tharla roimhe seo ar nós Searnóbail agus gnáthsceitheadh leachtanna ó stáisiúin núicléacha. Tá sceitheadh leachtanna ón stáisiún breosla núicléach athphróiseála in Sellafield in Iarthuaisceart Shasana fós mar phríomhfhoinse na radaighníomhaíochta saora i Muir na hÉireann. Léirítear leis na sonraí monatóireachta mara gurb é an príomhbhealach a chuirtear le nochtadh an phobail de bharr sceite radaighníomhaíochta saorga ná trí bhia na mara ithe.

Léiríonn Fíor 4 na dáileoga do ghnáth-thomhaltóirí bhia na mara idir 1982 agus 2010 de bharr caeisiam-137, atá mar an chuid is mó den dáileog tríd an mbealach seo. Is dáileoga beaga iad na dáileoga a fhaigheann pobal na hÉireann de bharr radaighníomhaíochta saorga sa chomhshaol mara nuair a chuirtear i gcomparáid iad leis an meán-dáileog bhliantúil a fhaigheann duine in Éirinn ó gach foinse radaighníomhaíochta. In 2010, measadh go raibh an dáileog do ghnáth-thomhaltóir bhia na mara ó caeisiam-137 ag 0.05 micrisíveart (µSv) i gcomparáid leis an meán-dáileog iomlán bliantúil de 3950 µSv.

Tá Gréasán Náisiúnta um Monatóireacht ar an Radaíocht á fheidhmiú ag an RPII, le cuidiú ó Met Éireann agus líon údaráis átiúla, ina bhfuil tomhas leanúnach ráta dáileoige gáma chomhthimpeallaigh, sampláil cáithníní aeriompartha chun measúnú a dhéanamh ar an radaighníomhaíocht san

Fíor 4: Dáileoga éifeachtacha thiomanta do ghnáth-thomhaltóirí de bhia na mara de bharr caeisiam-137, 1982-2010



aer agus bailiú uisce báistí san áireamh. Le linn 2010, tomhaiseadh ráta dáileoige gáma chomhthimpeallaigh ag 14 stáisiún agus tomhaiseadh an radaighníomhaíocht san aer ag 12 stáisiún. Tá sonraí reatha an ráta dáileoige gáma chomhthimpeallaigh ar fáil ar an suíomh Gréasáin, www.rpii.ie . Ní fhacthas aon leibhéil neamhghnácha den ráta dáileoige gáma chomhthimpeallaigh le linn na tréimhse. Bhí leibhéil ísle sna leibhéil radaighníomhaíochta aeriompartha a tomhaiseadh agus bhí siad i gcomhréir leis na toisí sna blianta roimhe.

Tá clár córasach i bhfeidhm ag an RPII chun monatóireacht a dhéanamh ar an radaighníomhaíocht i mbainne, in uisce óil agus in aiste bia measctha ina bhfuil béilí iomlána a fuarthas mar shamplaí ó cheaintíní in ollscoileanna. Chomh maith leis sin, déantar réimse leathan de chineálacha bia eile a thástáil go rialta. Léiríonn torthaí na n-anailísí seo go bhfuil leibhéil na radaighníomhaíochta in earraí bia fós an-íseal. Léiríonn clár monatóireachta an RPII nach baol don tsláinte é na dáileoga a fhaigheann pobal na hÉireann mar thoradh ar radaighníomhaíocht shaorga sa chomhshaol agus tá siad an-bheag i gcomparáid leis an dáileog a fuarthas mar thoradh na radaíochta cúlra (nádúrtha). Tá na torthaí uile foilsithe mar shraith tuarascálacha monatóireachta atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin an RPII, www.rpii.ie.

An Radaighníomhaíocht i bhFoinsí Screamhuisce

Cuireadh tús le staidéar náisiúnta ar an radaighníomhaíocht i soláthairtí screamhuisce in 2008. Tá an staidéar seo beagnach críochnaithe agus beidh an chéim deiridh ar siúl go luath in 2011 nuair a dhéantar an tsampláil agus an anailís.

Faoi dheireadh 2010, bailíodh samplaí ón 220 suíomh uile sa staidéar agus rinneadh anailís orthu le haghaidh ábhair radaighníomhaíochta. Baineadh úsáid as treoirlínte na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) maidir le cáilíocht uisce óil mar bhunús chun samplaí a scagadh a mbíonn tuilleadh anailíse de dhíth orthu. Bhí na hollghníomhaíochtaí béite a tomhaiseadh as na samplaí a tástáladh faoi bhun leibhéal scagtha an EDS de 1.0 beicireil in aghaidh an lítir (Bq/l). Fuarthas go raibh fiche a seacht sampla gar don leibhéal scagtha EDS nó os a chionn de 0.1 Bq/l don ollghníomhaíocht alfa agus eagraíodh tuilleadh samplála sna háiteanna seo. Rinneadh é seo i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil a thomhais paraiméadair cheimiceacha, úráiniam ina measc, do na foinsí céanna, agus thomhais an RPII raidiam-226 agus polóiniam-210. Cuireadh anailísí de na samplaí a bailíodh in 2010 i gcrích go luath in 2011 agus fuarthas go raibh na samplaí ar fad ag cloí leis Treoir an CE um Uisce Óil maidir leis an ábhar radaighníomhaíochta.

Le héifeachtaí a chur san áireamh a d'fhéadfadh a bheith ann ag brath ar an séasúr sna leibhéil radóin i soláthairtí screamhuisce, rinneadh trí bhabhta éagsúla de shampláil agus anailís. In 2010, cuireadh dhá cheann de na trí bhabhta samplála agus anailíse i gcrích. Níor sháraigh aon fhoinse screamhuisce a tástáladh leibhéal molta an RPII de 500 Bq/l don radón i soláthar uisce poiblí.

Athbhreithniú Piara ar Chláir Monatóireachta

Mar chuid den phróiseas leanúnach athbhreithnithe agus feabhsaithe, in 2009 rinne grúpa piara idirnáisiúnta athbhreithniú ar scóip agus éifeachtacht chlár monatóireachta an RPII. Príomhaidhm an athbhreithnithe ba ea féachaint an bhfuil clár monatóireachta comhshaoil an RPII ag baint amach a chuid aidhmeanna agus cuspóirí atá sonraithe agus moltaí a chur ar fáil le feabhas a dhéanamh más gá.

Thug an grúpa piara athbhreithnithe formhuiniú mór do chláir monatóireachta an RPII agus ceapadh go raibh an clár reatha leordhóthaineach agus bailí, ó thaobh athdheimhniú a thabhairt don phobal agus ó thaobh an ghá le comhairle chruinn agus bailí ó thaobh na heolaíochta de a chur ar an Rialtas. Agus iniúchadh á dhéanamh ar na cláir monatóireachta rinneadh líon moltaí maidir le hatosaíocht a dhéanamh ar shampláil, úsáid a bhaint as biotáscairí, ar nós feamainn, agus beartú samplaí.

Go luath in 2010, d'eagraigh an RPII líon ceardlann inmheánacha chun athbhreithniú a dhéanamh ar aidhm agus cuspóirí an chláir agus chun moltaí teicniúla an ghrúpa phiara a mheas go mion. Dhírigh gach ceann de na ceardlanna ar ghnéithe éagsúla de rannóg monatóireachta

an RPII, is é sin le rá: an mhuir, monatóireacht leanúnach agus earraí bia talún/uisce óil. Thug an scrúdú seo faoi mholtaí uile an athbhreithnithe phiara agus aithníodh athruithe ar bith atá de dhíth in éineacht le fráma ama chun iad a chur i bhfeidhm. Bunaithe air seo rinneadh forbairt ar chlár monatóireachta leasaithe do 2011.

Tionscadal Tritiam in uisce na farraige 2008-2010

Cé go gciallaíonn sé leis an tocsaineacht radaighníomhach íseal i dtritiam nach bhfuil sé san áireamh mar radanúiclíd leasa i ngnáthchlár monatóireachta comhshaoil an RPII, thug an RPII faoi thionscadal chun tritiam a thomhas in uisce na farraige timpeall chósta na hÉireann idir 2008 agus 2010 chun leibhéil reatha na radanúiclíde i dtimpeallacht mara na hÉireann a aimsiú. Déantar é seo d'fhonn tiomantais na hÉireann a chomhlíonadh don Choinbhinsiún OSPAR um chaomhnú na muirthimpeallachta san Atlantach Thoir Thuaidh agus chun bonnlíne a chur ar fáil, go háirithe leis an seans atá ann go mbeadh tuilleadh sceite tritiam sa timpeallacht mara de réir mar a mhéadaíonn táirgeadh cumhachta núicléiche san Eoraip amach anseo.

Bailíodh 67 sampla d'uisce farraige ó thimpeall chósta na hÉireann agus ó Mhuir na hÉireann thar tréimhse trí bliana (2008–2010). An ghníomhaíocht ab airde ba ea 2.4 Bq/l i mBaile Brigín in 2010. Sa chuid is mó de na samplaí a ndearnadh anailís orthu bhí tritiam i dtiúchana uisce farraige faoi theorainneacha na brathadóireachta: Léirítear an uastiúchan a tomhaiseadh i ngach áit samplála i bhFíor 5. Chuir ball foirne den RPII an obair seo i láthair ag an 11ú Siompóisiam Idirnáisiúnta um Anailís Radaicheimiceach Comhshaoil a d'eagraigh Cumann Ríoga an Ceimice, an Ríocht Aontaithe.

Cé go raibh na tiúchana tritiam ar fad íseal i samplaí d'uisce farraige a ndearnadh breathnóireacht orthu timpeall Chósta na hÉireann, tá sé i gceist an tionscadail tomhais a leathnú amach toisc go bhfuil an Ríocht Aontaithe tar éis a chur in iúl go bhfuil seans ann go méadóidh sceitheadh an tritiam ó Sellafield go sealadach le linn na chéad chúig bliana eile mar thoradh ar obair dhíchoimisiúnaithe.

Fíor 5: Uasghníomhaíochtaí Tritiam (H-3) a tomhaiseadh (Bq/l) in uisce na farraige timpeall chósta na hÉireann



N1	1.3
N2	<1.0
N3	<1.0
N4	<1.0
N5	<1.0
N6	1.1

Monatóireacht ar na teorainneacha

I mí Iúil 2010, chuir Gníomhaireacht Fheidearálach na Beilge um Rialú Núicléach an RPII ar an eolas faoi thiúchan tae ón India a bhí ar long agus a bhí le dul go Corcaigh, a spreag monatóirí radaíochta ag Cuan Zeebrugge. Tar éis teacht isteach sa duga i gCorcaigh, thóg Seirbhís Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim samplaí den tiúchan agus cuireadh ar aghaidh iad le go bhféadfadh an RPII anailís orthu. Fuarthas go raibh leibhéil arda potaisiam-40 (K-40), radanúiclíd a tharlaíonn go nádúrtha, sna samplaí uile. Is cinnte gurbh é seo cúis an fholáirimh a cláraíodh in Zeebrugge. Toisc gur radanúiclíd nádúrtha é K-40 a fhaightear sa chuid is mó bia, agus toisc nach radanúiclíd í a charntar sa chorp agus toisc gur ghá an tiúchan tae a chaolú sula n-óltar é, measadh nach raibh aon chúis imní i gceist leis na leibhéil seo ó thaobh shláinte an phobail.

Nochtadh ceirde

Cuireann Seirbhísí Dáileogmhéadrachta an RPII seirbhís monatóireachta phearsanta ar fáil chun an risíocht cheirde le radaíocht ianúcháin a aimsiú. Cuireann an RPII dáileogmhéadair coirp iomláin agus foircneacha ar fáil, ar chóir a roghnú ag brath ar an gcineál oibre agus an cineál radaíochta. Baintear úsáid as dáileogmhéadair coirp iomláin chun dáileog éifeachtach a mheas agus baintear úsáid astu áit a meastar go bhfuil an nochtadh mar an gcéanna ar fud an choirp. Baineann an chuid is mó de chustaiméirí an RPII úsáid as an gcineál seo dáileogmhéadar. Baintear úsáid as dáileogmhéadair fhoircneacha i gcásanna ina bhfuil seans ann go mbeidh páirt ar leith den chorp nochta, ar nós na lámha. D'fhéadfadh seo a bheith ann, mar shampla, i gcás ina mbaineann an obair i gceist le hábhair atá gar do léas radaíochta nó láimhsiú foinsí béite.

In 2010, bhí 127 duine nó 1.5% díobh a ndearna an tSeirbhís Dáileogmhéadrachta monatóireacht orthu a raibh dáileoga bliantúla coirp iomláin acu a sháraigh an

t-íosleibhéal tuairiscithe de 0.1 mSv. Bhí 20 oibrí ó na hearnálacha leighsi, tréidliachta agus tionscail a raibh dáileoga bliantúla acu a sháraigh an teorainn dáileoige do bhaill an phobail de 1 mSv.

Fuair céad duine atá ag obair sna réimsí tionscail, leighis, tréidliachta agus taighde a fuair dáileoga foircneacha intomhaiste. An dáileog bhliantúil charnach ab airde ba ea 64.8 mSv ar láimh chlé d'fhisiceoir leighis.

D'fhéadfaí na dáileoga seo a chur i gcomparáid le teorainneacha na dáileoige bliantúla dhon chorp iomlán agus na dáileoga foircneacha d'oibrithe atá nochta do radaíocht ianúcháin de 20 mSv agus 500 mSv, faoi seach.

Radón

Is gás radaighníomach é Radón a tharlaíonn go nádúrtha agus a thagann le chéile sa talamh trí mheath úráiniam atá ar fáil i méideann éagsúla i ngach cineál carraige agus ithreach. Is é an radón an phríomhfhoinse den nochtadh radaíochta don phobal i gcoitinne agus tá ceangal aige le tuairim is 200 duine a fhaigeann bás ó ailse sna scamhóga gach bliain in Éirinn. Tá na leibhéil radóin in Éirinn sách ard i gcomparáid le figiúirí go hidirnáisiúnta; léiríodh i dtuarascáil EDS le déanaí go bhfuil an 8ú meántiúchan radóin laistigh is airde in Éirinn as an 29 tír den ECFE a ndearnadh suirbhé orthu.

Leis an mbaol sláinte ó radón a laghdú tá gá le réimse leathan idirghabhálacha, a thugann faoi foirgnimh nua a chosaint agus fadhbanna radóin a aithint agus a réiteach i bhfoirgnimh atá ann cheana féin. Tá an RPII den tuairim le fada go bhfuil gá le cur chuige comhordaithe chun é seo a bhaint amach, ina mbeidh baint ag na gníomhaireachtaí stáit cuí agus na páirtithe leasmhara eile. Dá bhrí sin, ó 2006 thacaigh sé le Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin a chur i bhfeidhm. Tacaíonn an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (Lámhleabhar Radóin EDS, 2009) agus Coimisiún na hEorpa (Dréacht-Threoir Athmhúnlaithe um Bunchaighdeáin Sábháilteachta) leis an gcur chuige seo, tá an dá eagraíocht ag iarraidh ar na Ballstáit straitéisí náisiúnta a bhunú chun déileáil le radón. Idir an dá linn, tá an RPII ag leanúint agus ag comhoibriú go déthaobhach maidir leis an mbuncheist radóin leis na ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (DEHLG), Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) agus na hÚdaráis Áitiúla ina measc.

Comh-staidpháipéar an RPII agus FSS maidir le Gás Radóin in Éirinn

I mí Aibreáin, d'fhoilsigh an RPII agus an FSS comh-staidpháipéar maidir le gás radóin in Éirinn ag iarraidh tionchar a imirt ar an bpolasaí sa réimse seo. Sa ráiteas seo, a d'ullmhaigh comhghrúpa oibre den RPII agus den FSS a bunaíodh in 2009, cuirtear achoimre ar fáil de na rioscaí sláinte a bhaineann le nochtadh radóin in Éirinn agus na céimeanna a d'fhéadfaí a ghlacadh chun na rioscaí sin a laghdú.

Sa Chomhráiteas Staide tá formhuiniú suntasach ar staid an RPII maidir leis an riachtanas do Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin agus moladh go háirithe go mbunófaí Grúpa Náisiúnta Saineolaithe láithreach atá comhdhéanta go cuí chun straitéis den sórt sin a stiúradh agus a fhorbairt d'Éirinn. Tar éis an ráiteas seo a fhoilsiú, chuir an RPII i gcomhar leis an DEHLG obair ullmhúcháin mhionsonraithe i gcrích chun an Grúpa Náisiúnta Saineolaithe a bhunú. Tá sé beartaithe go gcuirfidh an Roinn Meabhrán isteach chuig an Rialtas maidir le Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin a fhorbairt sula mbunófar grúpa den sórt sin.

Ag obair leis na hÚdaráis Áitiúla

Leanann an RPII ar aghaidh ag cur tacaíochta teicniúla agus comhairle ar fáil d'údaráis áitiúla maidir le tástáil radóin agus leasúchán in ionaid oibre agus/nó i dtithíocht shóisialta. Le linn na bliana, bhuail an RPII le húdaráis áitiúla i gContaetha Longfoirt, Lú, Chill Mhantáin agus Chorcaí chun tacaíocht agus comhairle den sórt sin a chur ar fáil. Le linn 2010, bhí cláir mhóra tomhais agus leasúcháin údaráis áitiúla ar bun nó beartaithe don tithíocht shóisialta i gContaetha Chorcaí, Cheatharlach agus na Gaillimhe. Leanann na cláir seo ag baint amach beart inláimhsithe chun an baol ó radón a laghdú.

Bhí an RPII ag obair chomh maith i gcomhar le húdaráis áitiúla i gContaetha Shligigh, Cheatharlach agus Phort Láirge chun feachtais feasachta poiblí fhorleathan a chur i bhfeidhm sna contaetha sin. Chomh maith leis sin, rinneadh cur i láthair áitiúil ag Comhdháil Ghrúpa Chiarraí um Aitheantas don Chomhshaol ar fhreastail ionadaithe áitiúla éagsúla air, ag cruinniú bliantúil Institiúid na hÉireann um Rialú Tógála agus ag Fóram Sláinte agus Sábháilteachta Phort Láirge a d'eagraigh Clár LEADER Phort Láirge.

Féadfaidh na sonraí tomhais ó na cláir údaráis áitiúla a bheith mar fhianaise úsáideach ó thaobh an rath a bhí ar na leasúcháin ar an leibhéil radóin sna tithe a tógadh ó cuireadh na rialacháin tógála 1998 i bhfeidhm inar éilíodh ionchorprú na mbeart chun radón a chosaint. Tá tábhacht leis na sonraí seo chun tacú leis an mbonn fianaise don Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin agus dá bhrí sin, le linn 2010, thosaigh an RPII i gcomhar le Comhairle Contae Chorcaí ag obair ar anailís a dhéanamh ar na torthaí ó níos mó ná 4500 teach a tomhaiseadh sa chontae. Cuireadh na réamhthorthaí ón obair seo i láthair ag an bhFóram Náisiúnta Radóin i mí Dheireadh Fómhair.

Radón sna hionaid oibre

Príomhfhócas an chláir 'radón sna hionaid oibre' in 2010 ba ea eolas faoi fhostóirí agus oideachas. Laistigh de Chreat an Mheabhráin Tuisceana leis an FSS, chuir cigirí an FSS feasacht maidir le radóin san áireamh in 440 cigireacht in ionaid oibre ina bhfuil leibhéal an bhunurláir iata i gceantair ina bhfuil leibhéil arda radóin le linn 2010. Ar an mbonn céanna chuir cigirí den RPII feasacht maidir le radóin san áireamh in 146 de na cigireachtaí a rinneadh ó mhí na Bealtaine 2010. Chomh maith leis sin, thug baill foirne rialála den RPII cuairt ar 6 hionad oibre faoin talamh (mianaigh agus pluaiseanna) le linn 2010 freisin áit nach mór bainstíocht leanúnach a dhéanamh ar an risíocht le radón. Rinne an RPII léirithe éagsúla freisin agus mar aidhm acu an fheasacht um radón a chur chun cinn in ionaid oibre ag seimineáir réigiúnacha a d'eagraigh Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann agus Fóram Bainistíochta Riosca Ghrúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath. De bharr na n-iarrachtaí seo bhí méadú suntasach sna fiosruithe a tháinig ó fhostóirí maidir le radón.

Feasacht Phoiblí

I mí Eanáir 2010, chraol clár RTÉ 'Prime Time' gnéchlár ar leith maidir le radón a mhúscail feasacht maidir leis an mbuncheist faoi radón go náisiúnta. Bhí méadú mór i líon na n-iarratas a cuireadh chuig an RPII le haghaidh eolais agus toisí radóin. D'fhonn an tairbhe is fearr a bhaint as an leibhéal ardaithe tuisceana ar radón a tharla mar gheall ar an bpoiblíocht seo, reáchtáil an RPII feachtais eolais áitiúla i Sligeach i mí an Mhárta agus i gCeatharlach i mí Aibreáin. Tá fadhb leathan i dtaobh radóin i Sligeach agus i gCeatharlach agus aimsíodh iad cheana mar thíortha tosaíochta don RPII. San áireamh sna feachtais bhí fógraí ar an raidió áitiúil agus sna nuachtáin, chomh maith le hagallaimh, gníomhaíochtaí poiblíochta, rinneadh forbairt ar leathanaigh Ghréasáin agus Facebook, reáchtáladh cruinnithe poiblí agus cuireadh seisúin eolais ar bun d'ionadaithe poiblí áitiúla agus do ghrúpaí gnó/tionscail. Measadh gur éirigh thar cionn leis na feachtais chomhtháite agus chuimsitheacha, agus dá bhrí sin, tugadh faoin tríú feachtas i bPort Láirge i mí Dheireadh Fómhair.

Bhí aiseolas dearfach agus rannpháirtíocht sna cruinnithe poiblí le linn na dtrí fheachtas. Chonacthas méadú i ngach cás i bhfiosruithe poiblí a bhí ag lorg eolais maidir le radón chomh maith le i líon na mbeart a rinneadh. Le linn fheachtas Cheatharlach, d'fhógair Comhairle Contae Cheatharlach go ndéanfaí radón a thomhas i ngach teach sóisialta. Meánlíon na dtoisí radóin i dtithe a dhéantar gach bliain i gCeatharlach, Sligeach agus i bPort Láirge idir deireadh an tSuirbhé Náisiúnta Radóin agus 2009 ba ea: 39, 92 agus 71 faoi seach. I gcomparáid leis sin, líon na n-iarratas le tomhais a dhéanamh, i ndiaidh na bhfeachtas i ngach contae, in 2010 ba ea: 369, 538 agus 874 faoi seach.

I mí an Mheithimh, choimisiúnaigh RPII Millward Brown, Lansdowne chun taighde cáilíochtúil a dhéanamh ag baint úsáide as ceithre ghrúpa fócais in dhá áit. Aidhm na hoibre seo ba ea an chaoi ar airigh an pobal faoin teachtaireacht radóin a aithint agus chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a spreagtar nó a díspreagtar iad chun tástáil radóin a dhéanamh. Rinneadh imscrúdú ar bhealaí chun teachtaireacht radóin an RPII a dhéanamh níos láidre freisin. Rud amháin tábhachtach a aimsíodh ná nár chóir an RPII amháin tacú leis an teachtaireacht radóin ach gur chóir do na gníomhaireachtaí Rialtais eile tacú leis freisin ar nós an DEHLG, na hÚdaráis Áitiúla agus an FSS. Bhreathnaigh an comhghrúpa radón den RPII agus den FSS ar an mbuncheist maidir le tacaíocht a thabhairt don teachtaireacht, a chinn go neartaítear éifeachtacht theachtaireacht radóin phoiblí an RPII má thugann an FSS formhuiniú don radón mar bhuncheist shláinte phoiblí. Mar thoradh air seo, bhí brandaí an DEHLG, an FSS agus an tÚdarás Áitiúil ar an ábhar a úsáid le linn fheachtas Phort Láirge. Chonacthas go raibh sé seo éifeachtach chun tionchar fheachtas Phort Láirge a mhéadú.

Fóram Náisiúnta Radóin

I mí na Samhna, d'eagraigh an RPII an t-ochtú Fóram Náisiúnta Radóin i gCorcaigh. Téama an Fhóram in 2010 ba ea "Is guais sláinte aitheanta é Radón – conas is féidir linn tionchar a imirt ar an bpobal chun gníomhú ina aghaidh?" Cuireadh an téama seo le chéile bunaithe ar thaighde a rinneadh don RPII a léirigh cé go raibh tuairim is 76& de dhaoine fásta in Éirinn ar an eolas faoin radón, is dúshlán

mór é sealbhóirí tí a mhealladh chun gníomhú i gcoinne radóin. Ag an bhFóram labhair cainteoirí ó Millward Brown Lansdowne, a bhí tar éis an taighde a dhéanamh, Comhairle Contae Chorcaí, Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas, An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus an RPII. Topaicí eile a bhí ann ná cleachtaí ó chlár radón i dtithíocht shóisialta de Chomhairle Contae Chorcaí, peirspictíocht um rialú tógála maidir le radón agus torthaí suirbhé ar radón sna hionaid oibre a rinne an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. Ba é an Fóram seo ceann de na fóraim ba mhó a bhí ann go dtí seo ar ar fhreastail 75 duine ó na húdaráis áitiúla, an FSS, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, comhlachtaí tomhais radóin, conraitheoirí leasúcháin ar radón, ollscoileanna agus baill den phobal.

Staitisticí Tomhais Radóin

Cuireadh tomhais radóin i gcrích in 5371 teach le linn 2010, atá mar ardú suntasach ón 2250 teach a tomhaiseadh in 2009. I dTábla 2 léirítear an briseadh síos de réir Contae ar na tomhais a rinneadh in 2010. Is é is dóichí ná gur chuir an phoiblíocht bhreise maidir le radón a bhí ann le linn 2010 go mór le líon ard na dtomhas a rinneadh. Ba chóir a thabhairt faoi deara go raibh 743 teach a raibh tiúchana radóin os cionn an Leibhéil Tagartha náisiúnta de Bq/m^3. Bhí naoi gcinn díobh seo a raibh leibhéil an-ard de níos mó ná 10 n-uaire den Leibhéal Tagartha. Léiríonn na figiúirí seo an líon is airde a aimsíodh i dtréimhse ar bith ó thosaigh an clár náisiúnta radóin níos mó ná 20 bliain ó shin agus leis seo leagtar béim ar theachtaireacht an RPII go bhfuil fadhb thromchúiseach radóin in Éirinn ina bhfuil freagra atá faoi cheannasaíocht an Rialtais agus comhordaithe de dhíth.

Taighde agus foilseacháin eolaíochta

Aimsíodh tosca ceartúcháin séasúracha nua do thomhais radóin i dtithe na hÉireann i gcomhar le Roinn na Staitisticí sa Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath (UCD) agus foilsíodh an obair seo i mí an Mheithimh. D'eascair na tosca nua ó thoisí a fuarthas i níos mó ná 5600 teach in Éirinn agus cuireadh ann iad in ionad na dtosca ceartúcháin séasúracha a úsáideadh roimhe seo, a rinneadh a idirshuí ó shonraí den Ríocht Aontaithe. Déanfar prótacal tomhais radóin an RPII, a úsáidtear do sheirbhísí tomhais radóin uile in Éirinn, a nuashonrú chun na tosca ceartúcháin séasúracha nua seo a chur san áireamh a thiocfaidh i bhfeidhm i mí Eanáir 2011.

Lean an RPII lena rannpháirtíocht sa ghréasán RADPAR (Cosc agus Leasúchán ar Radón) atá á mhaoiniú ag Coimisiún na hEorpa. Príomhobair an ghrúpa seo le linn 2010 ba ea sonraí a bhailiú le chéile ar éifeachtacht na dteicnící leasúcháin radóin ón Eoraip ar fad.

Tábla 2: Dáileadh na dtorthaí toisí radóin de réir an chontae (bunaithe ar na toisí a fuarthas suas go dtí 31 Nollaig 2010)*

Contae	Líon na dtithe a tomhaiseadh	Céatadán na dtithe >200 Bq/m³	Líon na dtithe i gcatagóirí na tiúchana radóin			An tiúchan is mó a tomhaiseadh (Bq/m³)
			0-199 Bq/m³	200-800 Bq/m³	>800 Bq/m³	
Ceatharlach	1010	17%	830	160	8	1700
An Cabhán	415	2.5%	400	10	0	800
An Clár	3455	12%	3050	340	63	3500
Corcaigh	4865	12%	4305	520	38	4500
Dún na nGall	1270	4.7%	1210	60	0	600
Baile Átha Cliath	2860	6.3%	2775	180	2	1400
Gaillimh	5260	21%	4145	985	122	3400
Ciarraí	3415	15%	2905	400	108	49000
Cill Dara	1120	4.2%	1070	45	3	1100
Cill Chainnigh	1060	13%	925	130	7	2400
Laois	520	3.8%	500	20	0	600
Liatroim	345	6.1%	325	20	1	1600
Luimneach	1185	7.0%	1100	80	3	1900
An Longfort	290	7.2%	270	20	1	900
An Lú	685	12%	600	80	0	700
Maigh Eo	3640	16%	3050	545	45	6200
An Mhí	865	7.7%	795	65	2	900
Muineachán	270	5.6%	255	15	0	800
Uíbh Fhailí	735	14%	720	10	0	500
Ros Comáin	620	10%	560	60	2	1400
Sligeach	1990	24%	1515	395	76	5500
Tiobraid Árann	1765	11%	1570	175	17	2800
Port Láirge	1250	21%	980	230	36	9700
Loch Garman	1495	15%	1270	205	19	2900
An Iarmhí	630	7.9%	575	50	0	700
Cill Mhantáin	1835	16%	1530	280	22	16000
Iomlán	**42850**	**13%**	**37230**	**5080**	**575**	

* Rinneadh líon na dtithe sna colúin a shlánú síos don 0 nó 5 is cóngaraí. Eisceacht dó seo is ea an colún leis an gceannteideal níos mó ná 800 Bq/m³ , áit nach gá slánú síos de bharr líon réasúnta íseal na n-uimhreacha.

Seirbhísí Tomhais Radaíochta

Cuireann saotharlann an RPII seirbhísí tomhais radaíochta ar bhonn tráchtála ar fáil don tionscal, don earnáil Sláinte, don earnáil oideachais agus do ghníomhaireachtaí Stáit eile. Faoi láthair cuirtear seirbhísí ar fáil sna réimsí dáileogmhéadrachta pearsanta, calabrúchán ionstraimí, seirbhísí analíseacha agus teastasaithe táirgí. Tá an RPII tiomanta don ardchaighdeán a choinneáil ina sheirbhísí uile i gcomhréir le riachtanais na gcustaiméirí agus leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta. Tá cur chuige ina bhfuil trí shraith curtha i bhfeidhm ag an RPII chun an cháilíocht a choinneáil agus a fhorbairt: cleachtaí idirchomparáide, creidiúnú agus an dea-chleachtas idirnáisiúnta. Glacann an tsaotharlann páirt i réimse leathan de cheachtanna idirchomparáide tomhais a eagraíonn an IAEA, Coimisiún na hEorpa agus eagraíochtaí eile. Le linn 2010, glacadh páirt in 11 cheacht idirchomparáide ar an iomlán; ceann amháin a bhain leis an gcalabrú, 4 cinn a bhain le dáileogmhéadar, cean amháin a bhain le radón agus 5 cinn a bhain leis an radaicheimic. Déantar iniúchadh seachtrach ar chóras cáilíochta na saotharlainne agus déantar é a chreidiúnú don chaighdeán ISO 17025. Glacann an RPII páirt ghníomhach i ngrúpaí agus gréasáin idirnáisiúnta de shaineolaithe teicniúla lena chinntiú go bhfuil na modhanna atá in úsáid suas chun dáta agus i gcomhréir leis an dea-chleachtas a nglactar leis go hidirnáisiúnta.

Le linn 2010, lean an RPII ar aghaidh agus méadaíodh an úsáid a baineadh as an gcomhéadan Gréasáin agus comhéadain leictreonacha eile chun a sheirbhísí a chur ar fáil. San áireamh sna forbairtí ar leith a rinneadh sa réimse seo bhí leathnú amach fheidhmiúlacht na dáileogmhéadrachta ar líne agus tugadh isteach seirbhís foláirimh téacs do chustaiméirí radóin chun a mheabhrú dóibh nuair is gá dá mbrathadóirí a chur ar ais. Trí úsáid a bhaint as an nGréasán tá deiseanna suntasacha ar fáil chun feabhas a chur ar an tseirbhís do chustaiméirí agus ag an am céanna an éifeachtúlacht próiseála a mhéadú sa tsaotharlann.

Dáileogmhéadracht Phearsanta

In 2010, d'eisigh an tSeirbhís Dáileogmhéadrachta tuairim is 74,000 dáileogmhéadar coirp iomláin ar níos mó ná 8,000 oibrí in Éirinn. Ba laghdú é seo ar líon na ndáileogmhéadar coirp iomláin a eisíodh in 2009 ag 78,000. Léiríonn an laghdú seo na hathruithe i líon na ndaoine a bhfuil monatóireacht á déanamh orthu agus fad na tréimhse a chaitheann siad iad.

D'eisigh an tSeirbhís Dáileogmhéadrachta tuairim is 570 dáileogmhéadar neodrón in 2010 a léirigh laghdú freisin i líon na ndáileogmhéadar a eisíodh in 2009 ag 890. Seans gur tharla an laghdú seo de bharr an laghdaithe i líon na ndaoine a raibh monatóireacht de dhíth orthu de bharr an choir chun donais i ngníomhaíochtaí san earnáil tógála. In 2010, d'eisigh an tSeirbhís Dáileogmhéadrachta tuairim is 3300 dáileogmhéadar foircneacha a bhí beagnach mar an gcéanna leis an líon a eisíodh in 2009 ag 3200.

Le linn 2010, leathnaíodh amach an córas dáileogmhéadrachta ar líne chun feidhmiúlacht bhreise a thabhairt do chustaiméirí. Tríd an gcóras seo, tá custaiméirí in ann teacht ar a dtaifid dáileogmhéadrachta, fiosrúcháin a rith, athbhreithniú a dhéanamh ar a dtuarascálacha dáileogmhéadrachta agus leasuithe a lorg ó thaobh riachtanais na ndaoine a chaitheann iad. Leis an gcóras seo tá buntáistí móra ar fáil don chustaiméir toisc go bhfuil siad in ann fáil ar a dtaifid láithreach agus laghdaíonn sé an t-ualach riaracháin atá orthu agus ar an tseirbhís toisc go méadaíonn sé an éifeachtúlacht próiseála. Léirítear líon na ndáileogmhéadar coirp iomláin, foircneacha agus neodróin a eisíodh in aghaidh na bliana ó 2006 i bhFíor 6.

Fíor 6: Líon na ndáileogmhéadar a eisíodh in aghaidh na bliana, 2006 - 2010



Tá ríthábhacht leis na gréasáin idirnáisiúnta dáileogmhéadrachta chun seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a choinneáil agus lena chinntiú go bhfuil na nósanna imeachta i gcomhréir leis an dea-chleachtas a nglactar leis go hidirnáisiúnta. Le linn 2010, lean foireann na Seirbhíse Dáileogmhéadrachta ag glacadh páirte i nGrúpa Dáileogmhéadrachta Radaíochta na hEorpa (EURADOS) agus i nGrúpa Monatóireachta um Radaíocht Phearsanta na Ríochta Aontaithe (PRMG).

Seirbhís Chalabrúcháin

Tá tomhas cruinn na radaíochta ianúcháin lárnach lena chinntiú go mbaintear úsáid aisti go sábháilte agus go héifeachtach. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go ndéantar calabrú go rialta ar na hionstraimí a úsáidtear don fhaireachas raideolaíoch. In 2010, rinne an tSeirbhís Chalabrúcháin tástáil ar 443 ionstraim le haghaidh comhlíontachta sonraíochtaí na ndéantúsóirí cuí.

I mí Eanáir, leathnaíodh scóip an chreidiúnaithe ISO 17025 le calabrúchán na monatóirí truaillithe a chur san áireamh. Le linn 2010, lean baill foirne na Seirbhíse Calabrúcháin ar aghaidh mar bhaill de Ghréasán Dáileogmhéadrachta Caighdeáin Tánaistigh na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh Adamhaigh (IAEA SSDL), Fóram Méadreolaíochta Radaíochta Ianúcháin (IRMF), agus grúpa Méadreolaíochta na hEorpa EURAMET.

Tomhas Radóin

Cuireann an RPII seirbhís tomhais radóin in aer ar fáil do thithe cónaithe, ionaid oibre agus scoileanna. In 2010, cuireadh tomhais radóin i gcrích i 5371 teach agus 393 ionad oibre, 47 díobh a bhí i scoileanna. Léirigh seo méadú suntasach i líon na dtomhas a críochnaíodh in 2009 ag 2550 teach agus 302 ionad oibre. Léirítear líon na dtomhas radóin i dtithe agus in ionaid oibre ó 2006 i bhFíor 7.

Fíor 7: Líon na dtomhas radóin i dtithe agus in ionaid oibre



Le linn 2010, thug an tSeirbhís Tomhais Radóin líon feabhsúcháin teicniúla isteach lena n-áirítear teicneolaíocht léitheora nua chun an próiseas tomhais a leasú chun dáta, athruithe ar an mbunachar sonraí radóin chun próiseáil na n-iarratas radóin ar líne a dhéanamh níos éifeachtaí agus tús seirbhíse foláirimh téacs le meabhrú do chustaiméirí nuair ba chóir dóibh a mbrathadóirí a chur ar ais. In 2010 freisin tháinig méadú ar líon na ndaoine a bhaineann úsáid as córas na n-iarratas ar líne le haghaidh brathadóirí radóin. Is é an modh ar líne le hiarratas a dhéanamh an modh is mó a úsáidtear anois agus tagann níos mó ná 50% de na hiarratais ar fad uaidh sin.

Seirbhísí Anailíseacha

Déanann an RPII an radaighníomhaíocht a thomhas i raon leathan d'earraí bia agus samplaí comhshaoil. Déantar an obair seo mar thaca do chlár monatóireachta radaighníomhaíochta comhshaoil an RPII agus ar bhonn conartha thar ceann na gcliant seachtracha. I measc na seirbhísí anailíseacha conartha a cuireadh ar fáil le linn 2010 bhí na nithe seo a leanas: tástáil a dhéanamh ar tháirgí Éireannacha ó thaobh comhlíontachta riachtanais na dtíortha allmhairithe, tástáil uisce óil ó thaobh comhlíontachta riachtanais Rialacháin na gComhphobal Eorpach, tástáil a dhéanamh ar thástálacha ciarsúir d'fhoinsí radaighníomhacha, tástáil a dhéanamh ar shamplaí dreidireachta ó thaobh comhlíontachta riachtanais an Achta um Dhumpáil ar Farraige, 1996, agus radón a thomhas in uisce óil. Ar an iomlán, rinneadh tástáil ar 1932 sampla le linn na bliana agus léirítear briseadh síos ar an bhfigiúr seo de réir gach sampla i dTábla 3.

Tábla 3: Tástáil radaighníomhaíochta ar shamplaí comhshaoil agus earraí bia, 2010

Cineál Sampla	Líon
Samplaí aerscagaire	201
Samplaí comhshaoil – talamh & muir	733
Samplaí tástála ciarsúir	371
Samplaí Conartha	627
Iomlán	**1932**

Soláthraíonn an RPII seirbhís teastaithe d'onnmhaireoirí earraí agus táirgí Éireannacha eile. Líon na dteastas táirge a eisíodh in 2010 ba ea 3211. Cuirtear é seo i gcomparáid le 3198 in 2009 agus 3301 in 2008 agus léirítear leis seo nach raibh mórán athraithe san éileamh le blianta beaga anuas.

Léirítear líon na dteastas táirge a eisíodh in aghaidh na bliana ó 2006 i bhFíor 8.

Fíor 8: Líon na dteastas táirge a eisíodh 2006-2010



Ullmhacht um Éigeandálaí

Faoin bPlean Náisiúnta Éigeandála do Thimpistí Núicléacha (NEPNA), tá an RPII freagrach as measúnú a dhéanamh ar an éifeacht ar Éirinn má tharlaíonn eachtra núicléach thar lear agus comhairle a chur ar fáil ar raon gníomhartha cosanta a d'fhéadfaí a chur san áireamh. Mar thaca do na feidhmeanna seo, feidhmíonn an RPII Greasán Náisiúnta um Monatóireacht ar an Radaíocht, coinníonn sé nósanna imeachta éigeandála agus glacann sé páirt go rialta i gcleachtaí éigeandála náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Tá ról gníomhach ag an RPII freisin i dtionscnaimh náisiúnta a bhaineann leis an NEPNA agus grúpaí pleanála eile um éigeandálaí. Léirítear na naisc idir na grúpaí seo i bhFíor 9 don fhreagairt um éigeandálaí agus don phleanáil, faoi seach. Ceann amháin de na tionscnaimh náisiúnta reatha atá ag fáil tacaíochta faoi láthair ón RPII ná prótacal comhordaithe náisiúnta a fhorbairt chun freagairt d'eachtra dhochrach CBRN (Ceimiceach/Bitheolaíoch/Raideolaíoch/Núicléach). Príomhról an RPII ag freagairt d'eachtra den sórt sin ná comhairle shaineolach a chur ar fáil maidir le bearta cosanta radaíochta

Comhoibriú le Met Éireann

Dhéanfadh an RPII measúnú ar an éifeacht ar Éirinn dá mbeadh timpiste núicléach thar lear i gcomhar le saineagraíochtaí, Met Éireann, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann san áireamh. An príomhbhealach a thacaíonn an RPII leis an ról seo ná tríd an gcóras tacaíochta cinntí ARGOS (Córas Tuairiscithe Timpistí agus Oibriúcháin Treorach) agus tá na sonraí réamhaisnéise aimsire, a chuireann Met Éireann ar fáil, riachtanach don oibríocht seo. I gcás éigeandála, rachadh duine amháin de réamhaisnéiseoirí Met Éireann ar dualgas in éineacht leis an RPII ar an bhFoireann Measúnaithe Theicniúil chun saineolas a sholáthar maidir leis an mbuncheist mheitéareolaíoch agus ar an gcúis seo eagraítear comhchleachtaí don RPII agus Met Éireann chun oiliúint a chur ar an bhfoireann agus nósanna imeachta maidir leis an ullmhacht um éigeandálaí a thástáil.

.

Fíor 9: Struchtúir agus naisc don chomhordú náisiúnta in éigeandáil núicléach



Fíor 10: Gréasán Náisiúnta um Monatóireacht ar an Radaíocht

In 2010, d'eagraigh an RPII ceardlann dhá lá don fhoireann ón RPII agus Met Éireann. Leis an gceardlann cuireadh deis ar fáil don RPII agus do Met Éireann le plé mion a dhéanamh ar raon topaicí ábhartha maidir leis an obair mheasúnaithe éigeandála lena n-áirítear éiginnteachtaí a bhaineann leis na torthaí ó ionsamhluithe i staideanna éagsúla aimsire agus an chaoi a ndéantar sonraí na réamhaisnéise aimsire a chomhtháthú agus an chaoi a úsáid na samhlacha iad. Mar fhorbróir atá chun tosaigh ar shamhail an easraithe atmaisféaraigh sa chóras ARGOS, tugadh cuireadh do shaineolaí ó Ollscoil Teicniúil na Danmhairge (RISØ) chun oiliúint a sholáthar ar an dara lá.

Gréasán Náisiúnta um Monatóireacht ar an Radaíocht

Tá Gréasán Náisiúnta um Monatóireacht ar an Radaíocht (Fíor 10) á fheidhmiú ag an RPII, le cuidiú ó Met Éireann agus líon údarás áitiúla, ina bhfuil tomhas leanúnach ar ráta na dáileoige gáma chomhthimpeallaigh, sampláil cáithníní aeriompartha chun measúnú a dhéanamh ar an radaighníomhaíocht san aer agus bailiú uisce báistí san áireamh. Le linn 2010, tomhaiseadh ráta dáileoige gáma chomhthimpeallaigh ag 14 stáisiún agus tomhaiseadh an radaighníomhaíocht san aer ag 12 stáisiún. Ní fhacthas aon leibhéil neamhghnácha den ráta dáileoige gáma chomhthimpeallaigh le linn na tréimhse. Bhí leibhéil ísle sna leibhéil radaighníomhaíochta aeriompartha a tomhaiseadh agus bhí siad i gcomhréir leis na toisí sna blianta roimhe.

Rud ar leith a tharla in 2010 ná gur suiteáladh an suíomh deiridh sa Ghréasán Náisiúnta um Monatóireacht ar an Radaíocht ag suíomh Chomhairle Contae Loch Garman i gCúil Ghréine agus nuair a dúnadh dhá stáisiún monatóireachta den RPII. Dúnadh na stáisiún i gCill Chainnigh agus sa Mhuileann gCearr de bharr uathoibriú agus dhúnadh, faoi seach, na suíomhanna meitéareolaíocha a d'fheidhmigh Met Éireann sna háiteanna seo.

Cleachtaí d'Éigeandálaí

Tá clár bliantúil de chleachtaí éigeandála á reáchtáil ag an RPII chun saineolas na foirne a chothabháil. I measc na gcleachtaí seo tá gnéithe dreisireachta de phleananna éigeandála an RPII, ar nós oifigeach an RPII ar dualgas a fhógairt ar dtús, measúnú a dhéanamh ar thimpiste núicléach ionsamhlaithe trí úsáid a bhaint as uirlisí réamhaisnéise ríomhaire agus úsáid na nasc cumarsáide tiomnaithe leis an Ionad Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí Chomh maith leis na cleachtaí éigeandála inmheánacha, ghlac an RPII páirt i seacht gcleachtadh éigeandála idirnáisiúnta freisin a d'eagraigh an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh Adamhaigh (cleachtaí ConvEx) agus Coimisiún na hEorpa (cleachtaí ECURIE).

Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh Adamhaigh (IAEA SSDL), Fóram Méadreolaíochta Radaíochta Ianúcháin (IRMF), agus grúpa Méadreolaíochta na hEorpa EURAMET. Cleachtadh ar leith a bhí ann ná cleachtadh Leibhéal-3

ECURIE i mí Iúil 2010. Dearadh an cleachtadh chun tástáil a dhéanamh ar nósanna imeachta malairte faisnéise an ECURIE sa chás ina raibh scaoileadh radaighníomhach san atmaisféar tar éis timpiste ionsamhlaithe ag Stáisiún Núicléach Brokdorf sa Ghearmáin.

Tástáil an-úsáideach ba ea an cleachtadh seo a mhair ar feadh lá amháin d'fhaisnéis a chomhroinnt maidir le freagairtí náisiúnta don eachtra a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar líon mór tíortha. Baineadh úsáid as uirlisí réamhaisnéise ríomhaire an RPII chun samhlacha a dhéanamh den scaoileadh ionsamhlaithe agus de chórais aimsire na huaire sin agus toisc go raibh sé soiléir nach mbeadh éifeacht dhíreach i gceist d'Éirinn, fócas an RPII don chuid eile den chleachtadh ba ea úsáid chóras EURDEP an AE a chuireann rochtain ar fáil do na gréasáin náisiúnta uile um monatóireacht ar an radaíocht ar fud an AE agus comhairle ullmhaithe do shaoránaigh Éireannacha sa Ghearmáin nó atá chun cuairt a thabhairt ar an nGearmáin. Le linn an chleachtaidh bhí fadhb theicniúil le freastalaí ríomhaire a chuireann sonraí monatóireachta na hÉireann chuig córas an EURDEP agus aimsíodh an locht agus réitíodh é go tapa. Cuirfear nósanna imeachta athshlánaithe feabhsaithe do na freastalaithe TF a bhaineann le freagairt an RPII um éigeandálaí i bhfeidhm in 2011.

Foláirimh Éigeandála

Tá dhá córais idirnáisiúnta neamhspleácha i bhfeidhm don mhear-fhógra d'éigeandálaí raideolaíocha ar bith ina bhféadfadh éifeachtaí trasteorann a bheith i gceist. Tá siad seo á bhfeidhmiú ag an IAEA sa Vín (EMERCON) agus an CE i Lucsamburg (ECURIE). Feidhmíonn na córais seo go leanúnach agus déantar iad a thástáil agus a nuashonrú go rialta (mar shampla, déantar bealaí cumarsáide do chóras an CE a thástáil go huathoibríoch gach lá). Tá leibhéil éagsúla práinne ag na teachtaireachtaí a chuirtear in iúl faoi na bealaí seo, agus is é 'foláireamh' an ceann is práinní. Ní raibh aon fholáirimh EMERCON ná ECURIE in 2010.

Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

Bhí ionadaithe den RPII ar líon grúpaí idirnáisiúnta a bhain le hullmhacht um éigeandálaí núicléacha agus raideolaíocha. In 2010, ina measc bhí Páirtí Oibre um Ábhair d'Éigeandálaí Núicléacha na Gníomhaireachta um Fhuinneamh Núicléach (NEA-WPNEM), Údaráis Inniúla ECURIE (Malartú Faisnéise Raideolaíche Práinneach Chomhphobal na hEorpa) agus Oifigigh Náisiúnta INES (Scála Teagmhas Núicléacha Idirnáisiúnta) an IAEA; an aidhm atá ag na grúpaí seo ná an dea-chleachtas a chomhroinnt agus treoir agus socruithe idirnáisiúnta a fhorbairt d'éigeandálaí núicléacha. Bhí ball foirne den RPII mar chathaoirleach ar cheann amháin de na sainghrúpaí a bhunaigh an NEA-WPNEM chun straitéisí a fhorbairt le feabhas a chur ar an mbainistíocht éigeandála sna réimsí athshlánaithe, bia agus talmhaíochta; in 2010 chríochnaigh an grúpa lena obair nuair a foilsíodh tuarascáil an NEA "Gnéithe Straitéiseacha den Bhainistíocht ar Éigeandálaí Núicléacha agus Raideolaíocha".

Sábháilteacht na Saoráidí Núicléacha Thar Lear

Sábháilteacht Núicléach sa Ríocht Aontaithe

Leanann an RPII agus dlúthmhonatóireacht á déanamh ar na forbairtí in Sellafield ag suíomhanna eile sa Ríocht Aontaithe. In Sellafield, tugtar aird ar leith don dul chun cinn atá á dhéanamh chun na hUmair Stórála Ardghníomhaíochta (HASTanna) ina bhfuil méideanna móra de dhramhaíl radaighníomhach leachta ardleibhéil a tháirgtear mar thoradh ar bhreosla spíonta a athphróiseáil. Déantar na HASTanna a fholmhú trí dhramhaíl an leachta a ionchorprú i mbloic ghloine (glaoitear gloiniúchán ar an bpróiseas seo). Sonraíonn Feidhmeannas Sábháilteachta-Stiúrthóireacht Núicléach Sláinte agus Sábháilteachta na Ríochta Aontaithe (UK HSE-ND) teorainneacha dochta ar mhéid na dramhaíla leachta, ar féidir a stóráil sna HASTanna am ar bith agus éiríonn an teorainn seo níos doichte le ham go dtí an teorainn is doichte nuair nach mbeidh ach méid "maolánach" de 200 m^3 faoi 2015. Coinnítear an RPII go hiomlán ar an eolas faoin dul chun cinn atá á dhéanamh chun méid na dramhaíola leachta a stóráiltear sna HASTanna a laghdú. Ag eascairt as na fadhbanna teicniúla agus bristigh bheartaithe le linn 2010 sa tsaoráid Galaithe agus Stórála Licéir Ardghníomhaí (HALES) agus san ionad gloiniúcháin dramhaíola bhí tréchur gloiniúcháin níos ísle ná mar a rabhthas ag súil leis. Dá bhrí sin, mhéadaigh méid na dramhaíola leachta a stóráiltear sna HASTanna go himeallach in 2010. Mar sin féin, tá na leibhéil fós go mór faoi bhun teorann sonraithe an ND.

Cuireadh an DEHLG agus an RPII ar an eolas maidir le Plean Saolré Sellafield (LTP10) i mí Iúil 2010. Déanann an LTP10 cur síos ar an obair a dhéanfar ar shuíomh Sellafield thar a shaolré (go dtí 2120), lena n-áirítear mionchlár oibre ceithre bliana agus achoimre de chlár do 13 bliana ina dhiaidh sin. Tá an Plean Saolré déanta suas de dhá phlean ar leith – an plean 'cás is measa' insoláthartha ('Bonnlíne Saolré') a léiríonn bonnlíne an chonartha ar gá a chur i gcrích agus an 'plean feidhmíochta', plean a leagann amach spriocanna, le sprioc-amanna níos gaire ná bonnlíne an chonartha. Agus plé á dhéanamh leis an RPII, nótáil rialtóirí na Ríochta Aontaithe nach raibh siad sásta le líon mór dátaí sa Bhonnlíne Saolré agus tugadh le fios go mbeidh an dul chun cinn á rianú maidir leis na Pleananna Feidhmíochta a leagan amach. Ceann amháin de na réimsí a ndéanfaidh an RPII monatóireacht air ar feadh roinnt mhaith blianta ná ar na forbairtí ar an LTP10.

D'fhógair Údarás Díchoimisiúnaithe Núicléach na Ríochta Aontaithe i mí Dheireadh 2010 go bhfuil Stáisiún Cumhachta Núicléiche Wylfa sa Bhreatain Bheag chun leanúint ar aghaidh agus leictreachas a ghiniúint tar éis an dáta a bhí beartaithe roimhe seo chun é a dhúnadh síos de mhí na Nollag 2010, go ceann dhá bhliana eile. Chuir an UK HSE-ND agus Gníomhaireacht Comhshaoil na Ríochta Aontaithe (UK EA) an RPII ar an eolas trí theileachomhdháil i mí Iúil 2010 maidir leis an dóchúlacht atá ann go mbeidh síneadh am sa tsaolré oibriúcháin.

Teagmhais Núicléacha

Trína Mheabhrán Tuisceana leis an UK HSE-ND agus teagmháil leanúnach leis an UK EA, cuireadh líon teagmhas ag Sellafield agus ag suíomhanna núicléacha eile den Ríocht Aontaithe faoi bhráid an RPII le linn na bliana. Rinneadh gach eachtra a rátáil mar Leibhéal 1 nó níos ísle ar an Scála Idirnáisiúnta seacht bpointe um Theagmhais Núicléacha (INES). Ceann amháin de na heachtraí ba ea briseadh isteach na soláthairtí d'uisce fuaraithe sa tsaoráid Galaithe agus Stórála Licéir Ardghníomhaí (HALES) i Sellafield ar feadh tréimhse ama ghearr ar 22 Eanáir. Mar thoradh air seo d'ardaigh an teocht beagáinín sna humair a bhí fós taobh istigh de na teorainneacha sábháilteachta. Cé nár scaoileadh aon radaighníomhaíocht agus gur fhan an t-uisce fuaraithe istigh, d'iarr agus fuair an RPII cruinniú faisnéise ón UK HSE-ND toisc gurbh é seo an dara heachtra den sórt seo a tharle sa tsaoráid chéanna taobh istigh de bhliain. Chomh maith leis sin, briseadh isteach ar an soláthar leictreachais do HALES ar feadh tuairim is 20 nóiméad i mí Lúnasa agus bhí caillteanas sealadach i gcúrsaíocht an uisce fuaraithe dá bharr. Réitíodh an soláthar leictreachais agus an chúrsaíocht uisce fhuaraithe agus níor scaoileadh aon radaighníomhaíocht. Tá fiosrú ar bun faoi láthair ag an UK HSE-ND maidir leis an gcúis ar tharla an dá theagmhas HALES agus déanfaidh an RPII monatóireacht ar fhorbairtí ar bith.

Eachtra eile ar cuireadh an RPII ar an eolas faoi ba ea áit a bhfuair Sellafield, trí bhotún, réidh le líon málaí de dhramhaíl radaighníomhach ar leibhéal íseal ag suíomh líonta talún áitiúil. Aimsíodh é seo nuair a thángthas ar locht i gceann

amháin de na gléasanna monatóireachta mála. Chuir Sellafield Ltd stop leis an diúscairt de dhramaíl i málaí le linn do na fiosrúcháin a bheith ar bun agus athshlánaíodh na málaí ar fad ó shin. Chuir an UK EA na mionsonraí chuig an RPII maidir leis an teagmhas. Ar 21 Nollaig tharla crith talún de mhéid 3.5 ar an scála Richter in Cumbria. Cé nár tuairiscíodh gur tharla aon damáiste do na foirgnimh ag suíomh Sellafield, nuair a chualthas faoin gcrith talún, d'imigh an RPII i dteagmháil leis an UK HSE-ND a dhearbhaigh leis an RPII go gciallaíonn na tréithe seismeacha in Cumbria nach dócha go mbeadh crith talún chomh dona sin ann a bheadh mar bhagairt do shábháilteacht shuíomh Sellafield. Nótáil UK HSE-ND freisin go raibh Sellafield Ltd, mar bhearta réamhchúraim, ag athbhreithniú na bhfoirgneamh uile ar an suíomh lena chinntiú nach ndearnadh damáiste orthu. Ní raibh aon éifeacht raideolaíoch ar Éirinn mar gheall ar na teagmhais thuas.

Chomh maith leis na heachtraí sa Ríocht Aontaithe, cuireadh an RPII ar an eolas freisin i dtaobh líon teagmhas núicléacha de Leibhéal 2 de INES i dtíortha Eorpacha eile trí Chóras Eachtraí Núicléacha Bunaithe ar an nGréasán (NEWS) an IAEA. Eachtra Leibhéil 2 is ea an dara pointe is ísle ar an scála seo agus déantar é a rangú mar 'teagmhas'. Chlúdaigh siad seo rónochtadh d'oibrithe mianaigh sa tSualainn; rónochtadh d'oibrí ag stáisiún núicléach sa Fhrainc; teagmhas truaillithe ag teilgcheárta miotal sa Fhrainc; rónochtadh d'oibrí ag stáisiún núicléach san Eilvéis; rónochtadh radagrafaíochta san Fhionlainn; truailliú de sheisear oibrithe in Val-de-Marne, sa Fhrainc; agus aismíodh foinse dílleachta cóbailt-60 (Co-60) i gcoimeádán de dhramh-mhiotail ag Cuan Genova san Iodáil. Arís ní raibh aon iarmhairtí i gceist leis na teagmhais seo lasmuigh den láthair agus, dá bhrí sin, ní raibh aon éifeacht raideolaíoch ar Éirinn.

An eachtra ba thábhachtaí a bhí ann in 2010 ná nuair a aimsíodh píosaí cóbailt-60 ag áitreabh díoltóra dramh-mhiotail sa Deilí Nua, an India. Tharla sé seo nuair a tháinig seacht n-othar chuig ospidéal agus siomptóim orthu a tharla, de réir tuairimí, de bharr a bheith nochta don radaíocht. Leis na measúnuithe a ndearnadh ar na dáileoga léiríodh go bhfuair na hothair dáileoga sa raon idir 0.4 agus 3.7 Grae (Gy). I gcomparáid leis seo, an mheándáileog radaíochta ó X-gha boilg ná 0.0014 Gy agus ó scanadh CT ná 0.008 Gy. Fuair duine de na hothair bás ó shin nuair a theip ar orgáin éagsúla. Rinneadh an teagmhas a rátáil mar Leibhéal 4 ar an Scála Teagmhas Núicléacha Idirnáisiúnta (INES) agus nótáil an IAEA é seo mar an teagmhas radaíochta ba mheasa le ceithre bliana anuas. Déantar eachtra ag leibhéal 4 a rangú mar 'timpiste ina bhfuil iarmhairtí áitiúla'. Toisc go raibh an teagmhas chomh tromchúiseach sin agus d'fhonn a chur i gcuimhne d'úsáideoirí radaighníomhaíochta in Éirinn maidir leis na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann mura láimhseáiltear na foinsí radaighníomhacha i gceart nó má chailltear iad, chuir an RPII nóta eolais maidir leis an teagmhas ar a shuíomh Gréasáin.

Pleananna do Stáisiúin Cumhachta Núcléiche sa Ríocht Aontaithe

In 2010, d'fhógair Rialtas na Ríochta Aontaithe pleananna chun stáisiúin cumhachta núicléiche nua a fhorbairt suas go dtí idir ocht agus deich suíomh i Sasana agus sa Bhreatain Bheag. Tá cúig cinn de na suíomhanna atá beartaithe le haghaidh forbairtí faoi 2025 ar Chósta Mhuir na hÉireann (agus b'fhéidir go ndéanfaí dhá shuíomh sa bhreis ar chósta Mhuir na hÉireann a fhorbairt amach anseo). An aidhm atá ag pleananna reatha na Ríochta Aontaithe ná go dtarlóidh an tógáil ar an gcéad cheann de na stáisiúin núicléacha go luath in 2012, agus go mbeidh na stáisiúin ag feidhmiú roimh 2025, agus leis an bhféidearthacht ann go dtarlóidh sé a luaithe agus 2017. Bhí líon áirithe comhairliúchán a d'eagraigh Rialtas na Ríochta Aontaithe le 12 mhí anuas maidir le straitéisí agus pleananna fuinnimh na Ríochta Aontaithe agus tá tacaíocht theicniúil á cur ar fáil ag an RPII don DEHLG mar fhreagraí ar na comhairliúcháin.

I gcomhthéacs na bpleananna seo, d'iarr an DEHLG ar an RPII measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ar an gcomhshaol in Éirinn maidir leis an gclár tógála núicléiche nua. D'fhonn an t-iarratas seo a fhreagairt agus chun tacú le riachtanais an RPII sa todhchaí le haghaidh sonraí maidir le tiúchana agus dáileoga comhshaoil réamh-mheasta do dhaoine in Éirinn ó na stáisiúin cumhachta núicléiche atá beartaithe, dhear agus thosaigh an RPII tionscadal chun measúnú a dhéanamh ar an éifeacht raideolaíoch ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Tá an sceitheadh radaighníomhach isteach san aer agus san fharraige ó na stáisiúin atá beartaithe á chur faoi chaibidil ag an tionscadal, faoi na gnáthchoinníollacha oibriúcháin agus sa chás go mbíonn timpiste ann agus tá forléargas de na pleananna tógála nua atá beartaithe i gcomhthéacs dhearaí an imoibreora atá faoi bhreithniúchán, prionsabail na sábháilteachta núicléiche agus na cosanta radaíochta, chomh maith leis an réimeas rialála atá i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe san áireamh anseo. Tá samhaltú an scaoilte radaighníomhaigh á dhéanamh le tacaíocht ó chomhghleacaithe in Met Éireann, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Riarachán Náisiúnta Aigéanach agus Atmaisféarach na SAM agus bunaíodh painéal athbhreithnithe piara neamhspleách chun tuairimí a fháil ar an tionscadal de réir mar a leanann sé ar aghaidh agus torthaí á gcur ar fáil. Tá sé i gceist go gcríochnófar an tionscadal in 2011.

Grúpa Rialtóirí na hEorpa um Shábháilteacht Núicléach (ENSREG)

D'fhan an RPII rannpháirteach go gníomhach in obair Ghrúpa Rialtóirí na hEorpa um Shábháilteacht Núicléach (ENSREG) i rith 2010. An ról atá ag ENSREG ná chun cuidiú leis na coinníollacha a bhunú d'fheabhsú leanúnach agus chun teacht ar chomhthuiscint sna réimsí sábháilteachta núicléiche agus bainistíochta dramhaíola radaighníomhaí. In 2010, dhírigh obair ENSREG ar (i) trasuíomh agus forfheidhmiú beart Threoir Chomhairle na hEorpa (Treoir 2009/71/EURATOM) agus bunaíodh creat Pobail um shábháilteacht na suiteálacha núicléacha (An Treoir um Shábháilteacht Núicléach) (ii) feabhsuithe sna socruithe trédhearcacha sa réimse sábháilteachta núicléiche agus (iii) forbairt na dréacht-treorach maidir leis an dramhaíl radaighníomhach agus bainistíocht breosla spíonta. Tá dáta aontaithe ag ENSREG don chéad chomhdháil i sraith comhdhálacha maidir le Sábháilteacht Núicléach na hEorpa a bhfuil mar aidhm aige athbhreithniú a

dhéanamh ar a bhfuil bainte amach sa tsábháilteacht núicléach san Eoraip go dtí seo agus plé a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara maidir leis na dúshláin agus meonta amach anseo. Beidh an chéad chomhdháil ar siúl sa Bhruiséil i mí an Mheithimh 2011 agus beidh an Dr McGarry ina leas-chathaoirleach ar an gComhdháil.

Coinbhinsiún Osló-Pháras (OSPAR)

Ó Choinbhinsiún OSPAR um chaomhnú na muirthimpeallachta san Atlantach Thoir Thuaidh in 1992 éilítear ar na tíortha sínithe na céimeanna féidearthachta a ghlacadh chun cosc a chur ar thruailliú sa timpeallacht mara agus chun fáil réidh leis faoi 2020. In 2010, i gcomhréir leis na dualgais atá ar Éirinn mar Pháirtí Conarthachta do OSPAR, chríochnaigh an DEHLG, le cuidiú ón RPII, an t-athbhreithniú agus an t-uasdátú ar Phlean Náisiúnta na hÉireann um Straitéis Substaintí Radaighníomhacha a chur i bhfeidhm.

I bPlean 2010 tá athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na gcuspóirí a leagadh amach i bPlean 2002 agus athbhreithniú ar na húdaruithe sceite agus na feabhsuithe teicniúla chun sceitheadh substaintí radaighníomhacha sa mhuirthimpeallacht in Éirinn a laghdú. Chomh maith leis sin cuireann sé faisnéis ar fáil maidir leis an sceitheadh substaintí radaighníomhacha réamhaisnéisithe in Éirinn thar an gcéad chúig go deich de bhlianta eile. I measc an dul chun cinn a rinneadh ó 2002 glacadh staid náisiúnta ar an riachtanas atá ann d'umair a choimeádann iaidín in ospidéil ina bhfuil áiseanna eisídithe iaidín, tugadh faoi mheasúnú a dhéanamh ar sceiteadh iaidín-131 isteach i limistéar Chuan Bhaile Átha Cliath agus cuireadh athbhreithniú piara ar chláir monatóireachta comhshaoil an RPII i gcrích. Chuir ball foirne den RPII plean 2010 faoi bhráid an chruinnithe in 2010 de Choiste Substaintí Radaighníomhacha OSPAR.

Coinbhinsiún um Shábháilteacht Núicléach

Coinbhinsiún an IAEA um Shábháilteacht Núicléach ná an coinbhinsiún idirnáisiúnta ina bhfuil dualgas ar na tíortha sínithe uile ardleibhéil sábháilteachta núicléiche sna himoibreoirí cumhachta agus tuairisciú a dhéanamh ar na bearta a glacadh maidir leis seo. San áireamh sa Choinbhinsiún tá na dualgais a bhaineann leis an gcreat náisiúnta rialála, sábháilteacht na suiteálacha núicléacha agus na socruithe pleanála d'éigeandálaí. Tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm in 1996 agus gach trí bliana ní mór do na Páirtithe Conarthachta, Éire san áireamh, tuarascáil náisiúnta a chur isteach ina leagtar amach na bearta a bhfuil glactha leo ag an tír sin le dualgais chuí an Choinbhinsiúin a chur i bhfeidhm. Déanann Páirtithe Conarthachta eile athbhreithniú piara ar na tuarascálacha náisiúnta seo agus cuirtear ceisteanna ar na tíortha maidir lena dtuarascálacha agus a gcláir sábháilteachta núicléiche.

In 2010, chuidigh an RPII leis an DEHLG chun ullmhúchán a dhéanamh don Chruinniú Athbhreithnithe trí ionchur a bheith aige in ullmhú thuarascáil náisiúnta na hÉireann agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar cheisteanna a chur maidir le tuarascálacha náisiúnta eile. Cuirfidh an RPII tuarascáil na hÉireann faoi bhráid an Chruinnithe Athbhreithnithe in 2011.

Seirbhísí Tacaíochta Corparáideacha

Trí sheirbhísí tacaíochta a sholáthar cinntíonn Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha go gcoinnítear agus go bhforbraítear éifeachtúlacht agus éifeachtacht na heagraíochta ar an iomlán.

Tá na buaicphointí a baineadh amach don bhliain liostaithe thíos faoi na ceannteidil éagsúla.

Cumarsáid

Mar chomhlacht poiblí, tá faisnéis á cur in iúl don phobal, cinnteoirí agus na páirtithe leasmhara uile lárnach do ghníomhaíochtaí an RPII agus príomhsprioc straitéiseach ná a bheith in ann fáil ar fhaisnéis go héasca maidir le cosaint radaíochta agus monatóireacht a dhéanamh ar shonraí. Leis an gcuspóir seo a bhaint amach, rinneadh líon gníomhaíochtaí cumarsáide le linn na bliana lena n-áirítear rannpháirtíocht an RPII i raon leathan imeachtaí, seimineár, comhdhálacha agus cruinnithe le heagraíochtaí eile.

Baineann an RPII úsáid as na meáin chun faisnéis a scaipeadh maidir leis na buncheisteanna cosanta radaíochta atá mar ábhar imní don phobal. In 2010, eisíodh 11 phreaseisiúint ar na meáin náisiúnta agus eisíodh preaseisiúintí breise, a bhí in oiriúint do gach tír ina raibh faisnéis áitiúil ar leith maidir le radón, chuig na meáin réigiúnacha. Bhí clúdach mór sna meáin de ghníomhaíochtaí an RPII le linn na bliana agus go háirithe faoin mbuncheist radóin. Ghlac foireann den RPII páirt i 3 chlár teilifíse agus 56 clár raidió ag an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach. Bhí tionchar ag an gclúdach sna nuachtáin, ag an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach, chun an fheasacht phoiblí a mhúscailt maidir leis na buncheisteanna cosanta radaíochta, go háirithe ó thaobh gáis radóin agus bhí 263 alt a rinne tagairt don RPII.

Rinneadh taighde margaidh le linn na bliana chun tuiscint a fháil ar riachtanais agus ábhair imní pháirtithe leasmhara an RPII maidir leis na mbuncheisteanna cosanta radaíochta. Rinneadh taighde cainníochtúil thar an teileafón de shampla ionadaíoch go náisiúnta do 1000 duine fásta le leibhéal an ábhair imní a mheas ó thaobh na radaíochta agus na radaighníomhaíochta. Rinneadh taighde cáilíochtúil, trí cheithre fhócasghrúpa a reáchtáil in dhá áit, chun an chaoi ar bhraith an pobal faoin teachtaireacht radóin agus ar an gcaoi a spreagtar nó a díspreagtar iad chun tástáil radóin a dhéanamh.

Sa taighde cainníochtúil a bhí déanta aimsíodh go raibh an fheasacht faoin RPII sách íseal. Níl ach duine as ceathrar ar an eolas faoin eagraíocht. Mar sin féin, tá dhá thrian den daonra a cheapann go bhfuil tábhacht le foras rialála a bheith ann a chinntíonn riarachán sábháilte na radaíochta agus na radaighníomhaíochta in Éirinn.

Sa taighde seo aimsíodh freisin go raibh 77 faoin gcéad de dhaoine ar an eolas faoi ghás radóin agus bhraith 56 faoin gcéad díobh gur baol sláinte é an radón sa teach. Ach, aimsíodh sa taighde freisin, nach dócha go ndéanfaí tástáil ar thithe de 61% de na daoine a bhí ar an eolas faoi radón. Sa taighde fhócasghrúpa (pléite ar leathanach 27) cuireadh aiseolas criticiúil maidir le hábhair poiblíochta an RPII agus ar an gcur chuige a glacadh sna feachtais feasachta radóin, chomh maith le léargas a fháil sa chúis nach ngníomhaíonn daoine bunaithe ar an tuiscint agus radón a thomhas. Chuir agus cuirfidh torthaí an taighde seo le feachtais feasachta agus cumarsáid i gcoitinne.

An phríomhfhoinse den fhaisnéis uile a chuirtear ar fáil don phobal agus do na páirtithe leasmhara maidir leis an RPII ná an suíomh Gréasáin www.rpii.ie. Cuirtear eolas ar fáil maidir le cosaint radaíochta, nuacht agus faisnéis faoi ghníomhaíochtaí an RPII i bhformáid ar féidir rochtain a dhéanamh orthu go héasca agus a dhéantar a nuashonrú agus monatóireacht air gach lá. San áireamh sna gnéithe atá ar an suíomh Gréasáin tá léarscáil idirghníomhach radóin inar féidir le cuairteoirí a seoladh baile a chur isteach lena fháil amach an bhfuil siad ina gcónaí i gCeantar ina bhfuil Leibhéil Arda Radóin, is féidir leo iarratas a dhéanamh do thomhas radóin agus íoc as, is féidir leo a ndáileog radaíochta féin trí úsáid a bhaint as áireamhán dáileoige ar líne agus is féidir leo breathnú ar ghréasán monatóireachta an RPII agus fáil ar thorthaí an chláir mhonatóireachta comhshaoil. Féadfaidh cuairteoirí a choinneáil suas chun dáta leis na forbairtí sa chosaint radaíochta trí chlárú le foláirimh a fháil a fhógraíonn freisin nuair a chuirtear foilseacháin nua, preaseisiúintí agus nuacht ar fáil.

Léirigh suíomh Gréasáin an RPII gur mhéadaigh líon na gcuairteaoirí sé huaire go neasach ó 2000 agus tá níos mó ná 84,000 cuairt á thabhairt ag beagnach 60,000 cuairteoir in 2010. Caitheann cuairteoirí, ar an meán, díreach faoi bhun cúig nóiméad ar gach seisiún ar an suíomh agus tugtar cuairt ar tuairim is sé leathanach. Léiríonn sé seo go dtagann an chuid is mó cuairteoirí ar a bhfuil siad ag súil leis agus go mbaineann siad úsáid as an ábhar. Tháinig tuairim is 55% de

Fíor 11: Cuairteoirí uathúla in aghaidh na seachtaine chuig suíomh Gréasáin an RPII le linn 2010



na cuairteoirí chuig an suíomh Gréasáin trí inneall cuardaigh; tháinig 28% díobh chuig an suíomh Gréasáin agus atreoraíodh 16% díobh ó shuíomhanna eile. Réimsí a bhfuil móréileamh orthu ar an suíomh Gréasáin ná an léarscáil radóin, faisnéis maidir le radón, tomhas radóin, foilseacháin, áireamhán na dáileoige radaíochta, faisnéis cheadúnaithe, stáisiúin monatóireachta, faisnéis pleanála d'éigeandálaí, foláirimh nuachta agus preaseisiúintí.

Tarlaíonn na buaicleibhéil sa trácht ar an suíomh Gréasáin nuair a bhíonn gníomhaíocht meán i gceist; go sonrach rinneadh taifeadadh ar bheagnach 22,000 agus 18,000 cuairteoir uathúil i mí Eanáir/Feabhra agus mí Mheán Fómhair/ Dheireadh Fómhair, faoi seach, de bharr ball foirne den RPII a bheith ar an teilfís náisiúnta agus de bharr preaseisiúna maidir leis an mbuncheist faoi radón i dtithe (Fíor 11).

Foilseacháin

Gach bliain, soláthraíonn an RPII líon foilseachán, lena n-áirítear tuarascálacha, nótaí treorach, cóid chleachtais, bileoga eolais agus póstaeir – atá ar fad ar fáil saor in aisce ar www.rpii.ie.

Tuarascálacha an RPII

Fegan, M., Currivan, L., Dowdall, A., Hanley, O., Hayden, E., Kelleher, K., Long, S., McKittrick, L., Somerville, S., Wong, J., Pollard, D. *Radioactivity Monitoring of the Irish Environment 2008*. Tuarascáil den RPII 10/01.

McGinnity, P., Currivan, L., Dowdall, A., Fegan, M., Hanley, O., Kelleher, K., McKittrick, L., Somerville, S., Wong, J., Pollard, D. *Radioactivity Monitoring of the Irish Environment 2009.* Tuarascáil den RPII 10/02.

RPII agus FSS

Radon Gas in Ireland. Comh-staidpháipéar ón Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch agus ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Nótaí Treorach

Prótacal an RPII um radón a thomhas i dtithe. Nóta treorach leasaithe.

Nóta Treorach ar Dhiúscairt Comhdhúl Úráiniam/Tóiriam ullmhaithe.

Ailt Ghinearálta

Fennell, S. Iodine-131 Ablation Holding Tanks in Ireland. *European ALARA Newsletter*. Feabhra 2010, Eagrán Uimh. 26.

Long, S., and Brennach, E. Radon gas and the risk of lung cancer. *Irish Medical Times*, Deireadh Fómhair 2010.

Long, S. and Fenton, D. An Overview of Ireland's National Radon Policy. *Proceedings 6th Conference on Protection against Radon at Home and Work.* Prague, Meán Fómhair 2010.

McGarry, A. Nuclear Safety and Radiation Protection in Europe – a common approach. *Contrôle, the French Nuclear Safety Authority Review, No. 189, The construction of a European Nuclear Safety and Radiation Protection Area*, Samhain 2010.

Ailt irise, páipéir chomhdhálacha agus póstaeir

Alves, J.G., Ambrosi, P., Bartlett, D.T., Currivan, L.,* van Dijk, J.W.E., Fantuzzi, E., Kamenopoulou, V., Recommendations for monitoring individuals occupationally exposed to external radiation. *Hospital Imaging & Radiology*. Samhradh 2010, Imleabhar 5, Uimh 2.

Burke, Ó., Long, S.,* Murphy, P., Organo, C.,* Fenton, D.* and Colgan, P.A., Estimation of seasonal correction factors through Fourier decomposition analysis – a new model for indoor radon levels in Irish homes. *J. Radiol. Prot*. 30 (2010) 433-443.

Burke, Ó., Long S.*, Murphy, P., Organo C.*, Fenton D.*, Colgan, P.A.*, Estimation of seasonal correction factors through Fourier decomposition analysis – a new model for indoor radon levels in Irish homes. Póstaer a cuireadh faoi bhráid an Tríú Comhdháil Eorpach den Chumann Idirnáisiúnta um Chosaint Raideolaíoch. Heilsincí Meitheamh 2010.

Fennell, S., Cunningham, N., Howett, D., Kenny, T., Ryan, T., Synnott, H., A training programme for Regulatory Inspectors under ISO 17020. *Proceedings of Third European IRPA Congress of the International Radiological Protection Association* Meitheamh 2010, Leathanaigh 14-18.

Olbert, A.I., Hartnett, M., Dabrowski, T., Kelleher, K.* Effects of complex hydrodynamic processes on the horizontal and vertical distribution of Tc-99 in the Irish Sea. *Science of The Total Environment* Imleabhar 409, Eagrán 1, 1 Nollaig 2010, lgh. 150-161.

Rochford, H.*, Fenton, D.*, Murphy, P. and Regan L., A comparison of one month and three month measurements in Ireland. *Imeachtaí an Tríú Comhdháil Eorpach den IRPA den Chumann Idirnáisiúnta um Chosaint Raideolaíoch*. Heilsincí Meitheamh 2010.

Rochford, H., Fegan, M. and Fenton, D., An assessment of radon exposure to CR-39 alpha track detectors during postal transit in Ireland. Póstaer a cuireadh faoi bhráid an Tríú Comhdháil Eorpach den Chumann Idirnáisiúnta um Chosaint Raideolaíoch. Heilsincí Meitheamh 2010.

**Foireann an RPII i gcomhar le húdair eile*

Comhpháirtíocht

Tugann an coiste Comhpháirtíochta an Fhoireann, an Bhainistíocht agus an Ceardchumann le chéile chun eolas a mhalartú, dúshláin a phlé agus réiteach buncheisteanna a chomhroinnt. In 2010 bhí mear-athrú sa gheilleagar a raibh tionchar aige ar an tseirbhís phoiblí i gcoitinne agus bhí plé mór sna meáin agus in áiteanna eile maidir le luach na seirbhíse poiblí. Leis an bhfóram seo cuireadh deis mhaith ar fáil don fhoireann chun tuiscint a fháil ar na dúshláin a bhí rompu agus bhí gach duine a raibh baint acu leis in ann comhroinnt a dhéanamh i bhfreagairt an RPII chucu.

Féadfaidh ball foirne ar bith na buncheisteanna a mholadh a ndéileáiltear leo sa Chomhpháirtíocht. Tháinig an coiste le chéile seacht n-uaire in 2010 agus is iad seo a leanas samplaí de na buncheisteanna a ndéileáiltear leo:

- Athbhreithniú ar Lámhleabhar Fostaithe an RPII
- Athbhreithniú ar Pholasaí Earcaíochta agus Ardú Céime an RPII
- Plean Gníomhaíochta an RPII faoi Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014
- Gníomhaíochtaí le déanamh chun leathnú fhliú na muc
- Cumarsáid Inmheánach

Airgeadas

Ioncam an RPII

Ioncam an RPII in 2010 ba ea €7.353m a bhí comhdhéantar de dheontas de €3.381m chun críocha reatha, deontas infhála de €1.329m chun críocha pinsean de réir mar a éilíodh faoi FRS 17, agus tuillimh de €2.008m ó mhuirir ceadúnais agus dáileogmhéadracht, teastasú táirge, tomhas radóin agus seirbhísí eile. Rinneadh €0.649m den deontas caipitil a amúchadh sa bhliain.

Fuair an RPII deontas caipitil de €0.304m chun a threalamh a uasghrádú agus a chothabháil. Sháraigh an t-ioncam don bhliain an caiteachas faoi €0.254m.

Seirbhísí Airgeadais

Tugadh córas rialaithe creidmheasa isteach le linn na bliana chun taú le héifeachtúlacht fheabhsaithe na bainistíochta ar fhiacha deireanacha. Faoi dheireadh 2010 bhain an RPII laghdú 95% amach i luach na bhfiach deireanach.

Íoc Pras na gCuntas

Tagann an RPII faoi shainchúram an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, a tháinig i bhfeidhm ar 2 Eanáir, 1998, agus faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Pras in Idirbhearta Tráchtála) 2002 a tháinig i bhfeidhm ar 7 Lúnasa 2002. Is é seo a leanas tuarascáil maidir leis na cleachtais íoca den RPII don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010.

Is é polasaí an RPII a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Is é atá i gceist le córas rialuithe inmheánaigh na heagraíochta ná rialuithe cuntasaíochta agus ríomhaire lena áirithiú go n-aithnítear na sonraisc agus conarthaí atá híoc laistigh de fhráma ama forordaithe an Achta. Cuireann rannóg na gcuntas tuarascáil ar fáil a aithníonn na sonraisc gan íoc agus déantar athbhreithniú ar an tuarascáil seo go rialta.

Rinneadh tuairim is 99.75% de na híocaíochtaí uile a éilíodh le linn 2010 laistigh den fhráma ama forordaithe. Bhí 4 íocaíocht deireanacha ina raibh luach de níos mó ná €317 i gceist agus sháraigh siad seo an dáta dlite íoca faoi 16 lá ar an meán. Méid iomlán na n-íocaíochtaí deireanacha ba ea €16,675.85 agus na híocaíochtaí úis pionóis a bhain leis na híocaíochtaí deireanacha seo ba ea €102.04. Na híocaíochtaí deireanacha ba ea 0.0024% de na híocaíochtaí soláthraithe iomlána do sholáthraithe in 2010.

Saineolaithe agus Comhairleoirí

In 2010, d'fhostaigh an RPII líon saineolaithe agus comhairleoirí. I dTábla 4 tá liosta de na príomhchonarthaí agus na cineálacha seirbhísí a chuirtear ar fáil.

Táblaí 4: Na Príomhchonarthaí in 2010 le comhairleoirí seachtracha agus an cineál oibre a rinneadh

Comhairleoir	An cineál oibre a rinneadh
The Royal Surrey County Hosp	Anailís ar fheidhmeanna ceadúnaithe radaiteiripe casta
Public Authority Pension Services Ltd	Comhairle riaracháin Pinsean
Marine Modelling Centre	Iompar na radanúiclídí a shamhltú sa chomhshaol mara
Foras na Mara	Sampláil mara
Dr James McLaughlin	Tionscadal taighde Thoron
Grant Thornton	Athbhreithniú ar na struchtúir phraghsála
An tOll. Pat Horton	Measúnuithe agus cigireachtaí RPA
Integrity Solutions	Córais Slándála TF
Mooney O'Sullivan and Associates	Comhairle Dlí
Prospectus Ltd	Athbhreithniú ar fheidhmíocht an bhoird
Norton and Associates	Cuntasaíocht
X-Communications Ltd	Dearadh agus Forbairt Ghréasáin
Team Info Sec Ireland	Athbhreithniú ar TF agus cosaint Sonraí
RILTA Environmental	Foinsí a bhaint
An Ghníomhaireacht um Chosainte Sláinte	Athbhreithniú Piara ar chórais ceadúnaithe agus cigireachta radaiteiripe
First Impression	Dearadh agus priontáil foilseachán
Murray Consultants	Comhairle Cumarsáide

Acmhainní Daonna agus Cúrsaí Foirne

Leis an moratóir atá ar earcaíocht agus ardú céime is dúshlán é seo i gcónaí don RPII. Ó tháinig sé isteach in 2009, chaill an RPII 6 bhall foirne toisc nár fostaíodh daoine eile nuair a d'imigh baill foirne ar scor agus nuair a d'éirigh siad as, agus nuair nach ndearnadh athnuachan ar chonarthaí. Mar sin féin, d'éirigh linn cead a fháil ón DEHLG agus ón Roinn Airgeadais chun post Príomhoifigigh Eolaíochta a líonadh trí chomórtas inmheánach agus ní líonfar an post as a dtiocfadh an duine. Líonadh an post i mí na Nollag 2010.

Cuireadh córas bainistíochta agus forbartha feidhmíochta (CBFF) i bhfeidhm don fhoireann uile in 2010 tar éis clár phíolótaigh in 2009 agus ar éirigh leis. Leis an gcóras athchóirithe seo cuireadh iarracht bhreise isteach sa phlé ar an bhfeidhmíocht seachas ar an bpróiseas.

Gníomhaíocht tábhachtach d'fheidhm na nAcmhainní Daonna ná chun tacú le foghlaim agus forbairt foirne. Chomh maith le leanúint ar aghaidh agus sprioc-chlár forbartha do bhainisteoirí, cuireadh clár ar leith i bhfeidhm don ghrúpa riaracháin agus mar aidhm aige feabhas a chur ar fheidhmíocht an RPII trí bhainistíocht chomhsheasmhach a dhéanamh agus soiléire na n-ionchas.

Radaíocht neamhianúcháin

I mí an Mhárta 2007, de bharr Meabhráin a chuir an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha a bhí ann ag an am, faoi bhráid an Rialtais, d'aontaigh an Rialtas gur chóir sainordú agus acmhainní an RPII a leathnú amach le gnéithe radaíochta neamhianúcháin a chur san áireamh. Ó 2008 tháinig moill ar an dul chun cinn maidir leis na freagrachtaí a thabhairt don RPII agus níl an dáta tosaigh ar fáil faoi láthair.

Sláinte agus Sábháilteacht

Feidhmíonn an RPII Córas Bainistíochta Sábháilteachta (SMS) chun tacú le bainistíocht stuama na sláinte agus sábháilteachta ina ghníomhaíochtaí uile. Le linn 2010, rinneadh athbhreithniú iomlán ar an SMS agus cuireadh oiliúint athnuachana ar fáil do bhainisteoirí chun feasacht a mhúscailt maidir le forbairtí agus freagrachtaí nua. Leis an SMS spreagtar feabhasú leanúnach a dhéanamh trí spriocanna feidhmíochta bliantúla a leagan amach. In 2010, bhreathnaigh an Coiste Sábháilteachta ar impleachtaí sláinte agus sábháilteachta an RPII a leathnú thar trí láthair oifige éagsúla. Sna ngnéithe ar breathnaíodh orthu bhí bainistíocht éigeandála dóiteáin agus leas agus sábháilteachta na foirne agus iad ag taisteal idir oifigí ina measc.

Ní raibh aon "timpistí intuairiscithe" ná teagmhais dhainséaracha in 2010.

Comhionannas

Tá an RPII tiomanta do pholasaí comhdheiseanna. Léirítear é seo i leith na foirne ó thaobh an chomhionannais in earcú foirne, coinníollacha fostaíochta agus ardú céime, oiliúint agus forbairt ghairme a fháil. Tacaíonn an RPII le socruithe oibre solúbtha freisin toisc go bhfuil tábhacht leo agus an t-ionad oibre a bheith inrochtana do dhaoine atá gnóthach leis an obair agus le hoibleagáidí eile. Ó thaobh an chustaiméara de, déanann an RPII iarracht go leanúnach ionas go mbeidh a chuid oibre ar fáil do gach duine. Déantar foilseacháin agus doiciméid a scagadh le bheith cinnte go n-úsáidtear gnáth-Bhéarla agus cuireadh oiliúint san fheasacht ar mhíchumas ar fáil don fhoireann ar fad in 2010.

Cóiríocht agus Úsáid Fuinnimh

In 2010, rinneadh feabhsúcháin ar sheomra an Bhord agus sna limistéir fháiltithe i bpríomhoifigí an RPII. Chomh maith leis sin iompaíodh oifig ina seomra cruinnithe ionas go mbeadh tuilleadh spáis le haghaidh cruinnithe ar fáil. Le suiteáil na n-áiseanna físchomhdhála ciallaíonn sé seo go bhfuil am agus costais á sábháil ó thaobh taisteal a dhéanamh chuig cruinnithe.

An úsáid fuinnimh in oifigí an RPII ná 50% leictreachais agus 50% gáis nádúrtha go garbh. An chuid is mó den ghás a úsáidtear ná ar an téamh agus baintear úsáid as leictreachas don soilsiú, do théamh uisce agus don trealamh TF agus saotharlainne. In 2010, d'úsáid an RPII 523.9MWh d'fhuinneamh, ina raibh 259.5MWh de Ghás nádúrtha agus 264.4MWh de leictreachas.

Le blianta beaga anuas, chuir an RPII bearta áirithe i bhfeidhm chun fuinneamh a shábháil. In 2008, rinneadh iniúchadh fuinnimh agus cuireadh príomh-mholtaí i bhfeidhm ó shin lena n-áirítear laghdú i líon na soilse

fluaraiseacha a shábháil tuairim is 25% de na costais soilsithe agus suiteáil rialuithe teirmeastatacha ar na radaitheoirí agus bhí laghdú inmheasta in úsáid an gháis ina dhiaidh sin dá bharr.

In 2010, le linn na n-oibreacha athchóirithe, cuireadh isteach bolgáin solais atá tíosach ar fhuinneamh san fháiltiú agus sna seomraí cruinnithe agus cuireadh isteach soilse a ghníomhachtaítear le gluaisne sna háiteanna cuí. Le linn na bliana, rinneadh imscrúdú faoin rogha maidir le freastalaithe a fhíorúlú mar bhealach le costais a shábháil go fadtéarmach agus bhain an tsábháil ba mhó le sábháil fuinnimh (cumhacht agus fuarú). Rinneadh cinneadh dul ar aghaidh agus an fíorúlú iomlán a dhéanamh in 2011.

Seirbhís do Chustaiméirí

Chuir an RPII an dara plean gníomhaíochta maidir le Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí (QCS) i gcrích 2010 a thosaigh in 2008. Leis an bplean gníomhaíochta seo rinneadh feabhsuithe móra i soláthar seirbhíse ar fud na heagraíochta agus an feabhas ba mhó a bhí ann ná lainseáil suímh Ghréasáin nua ag díriú ar chustaiméirí a chuir rochtain fheabhsaithe ar na seirbhísí ar fáil. Anois is féidir le custaiméir brathadóirí radóin a cheannach ar líne agus tá custaiméirí dáileogmhéadrachta in ann rochtain agus bainistíocht a dhéanamh ar a gcuid faisnéise anois.

Thug grúpa oibre um sheirbhísí do chustaiméirí an RPII nós imeachta um ghearáin inmheánacha chun críche freisin lena chinntiú go ndéantar bainistíocht ar na gearáin uile i mbealach comhsheasmhach agus go ngníomhaítear go hiomchuí agus i gceart tar éis an fhiosraithe. Beidh freagracht leanúnach ar an ngrúpa oibre anois chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhainistíocht na ngearán a thuairiscítear chuig Stiúrthóir na Forbartha Corparáidí.

Cuirtear oiliúint i seirbhísí do chustaiméirí ar fáil don fhoireann gach bliain agus dhírigh an oiliúint a cuireadh ar fáil in 2010 go mór ar an bhfeasacht ar mhíchumas.

Teicneolaíocht Faisnéise Cumarsáide

In 2010, príomhfhócas ba ea feabhas a chur ar na córais inmheánacha lena n-áirítear bainistíocht freastalaí agus slándáil na Teicneolaíochta Faisnéise Cumarsáide.

Léirigh athbhreithniú ar chumraíocht fisiciúil fhreastalaí an ríomhaire a úsáidtear san RPII go mbeadh buntáistí ann leis an aistriú chuig teicneolaíocht fhíorúlaithe nua ó thaobh tuilleadh feabhais a dhéanamh san athshlánú ó thubaiste agus bainistíocht ghinearálta freastalaí chomh maith le costais mhóra a shábháil. Rinneadh cinneadh chun an t-aistriú iomlán a dhéanamh in 2011.

Gach trí de bhlianta, fostaíonn an RPII saineolaithe slándála seachtracha chun athbhreithniú a dhéanamh ar chaighdeán slándála faisnéise an ISO 27001. Cé nár aithníodh aon ábhair imní láithreacha, aimsíodh réimsí éagsúla le feabhas a dhéanamh orthu agus tabharfar fúthu seo in 2011.

I measc na bhfeabhsuithe eile a bhí ann in 2010 cuireadh feabhas ar an gcianrochtain ar ríomhphost, tugadh na córais slándála suas chun dáta, tugadh isteach slándáil críochphointe, nuashonraíodh na córais láthreoireachta agus cuireadh tús leis an bhfíschomhdháil.

Ár Rialachas

Trí chreat rialachais a bhunú rinneadh an RPII a threorú go príomha trí riachtanais an Achta um Chosaint Raideolaíoch (1991) faoinar bunaíodh an RPII agus an Chóid Chleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit 2009. Leanann an RPII treoir na Roinne Airgeadais maidir le rialacha agus nósanna imeachta ó thaobh fheidhmeanna airgeadais an phárolla, na bpinsean, an cheannaigh agus an bhuiséadaithe.

Tuairiscíonn an RPII chuig Bord atá tacaithe le trí choiste comhairleach: An Coiste Iniúchta a thugann comhairle maidir le hairgeadas, rialachas agus riosca eagraíochtúil; An Coiste Comhairleach Radaíochta Ianúcháin atá ina fhoras comhairle ardleibhéil ar chúrsaí a bhaineann le radaíocht ianúcháin; agus an Coiste Comhairleach Cumarsáide a thugann comhairle maidir le straitéis chumarsáide. Tá mionsonraí de bhallraíocht an Bhoird agus na gcoistí ar fáil i gcodanna eile den doiciméad seo.

Pleanáil Straitéiseach

In 2010 tháinig deireadh le tréimhse reatha na pleanála straitéisí agus cuireadh iarracht ar leith isteach i dtreo dheireadh na bliana chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn i gcoinne an Phlean Straitéisigh 2008 – 2010 agus ar Phlean Straitéiseach nua a fhorbairt a chlúdaíonn an tréimhse 2010 – 2013. Bhí baill foirne sinsearacha den RPII i mbun na hoibre seo, agus tacaíocht agus ionchur ón mBord agus trí shraith comhairliúchán duine le duine leis an bhfoireann uile agus leis na príomhpháirtithe leasmhara seachtracha. Agus an timpeallacht sheachtrach agus inmheánach chomh maith le tuairimí a nocht na páirtithe leasmhara le linn na gcomhairliúchán curtha san áireamh, rinneadh forbairt ar cheithre thosaíocht straitéiseacha. Tugann na tosaíochtaí seo faoi obair lárnach an RPII ina gcuirtear ar fáil an saineolas, an cumas teicniúil agus an t-eolas atá riachtanach chun daonra na hÉireann agus an comhshaol a chosaint agus chun úsáid shábháilte agus shlán na radaíochta ianúcháin a rialáil in Éirinn. Leagtar béim agus tógtar ar an ngá atá ann don RPII le hobair a dhéanamh i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí eile chun a spriocanna a bhaint amach. Na príomhthéamaí atá mar fhothaca na ceithre thosaíocht straitéiseacha ná luach don phobal, trédhearcacht, cumarsáid agus inbhuanaitheacht.

Seirbhísí Tráchtála

In 2009, bhunaigh an Bord fochoiste chun athbhreithniú a dhéanamh ar ról an RPII agus seirbhísí tráchtála a bhaineann le cosaint radaíochta á soláthar. Bhí an Bord ar an eolas go háirithe ar na hathruithe a bhí san éileamh do sheirbhísí áirithe a bhí aige agus ar an iomaíocht breise in áit an mhargaidh. Toisc go bhfaigheann an RPII idir aon chúigiú agus aon trian dá chuid ioncaim ó sheirbhísí den sórt sin in aon bhliain amháin, mheas an Bord go mbeadh ciall le hathbhreithniú a dhéanamh ar na seirbhísí chun straitéis a fhorbairt do sholáthar seirbhísí den sórt sin ón RPII. Chuir an Fochoiste a thuarascáil deiridh isteach chuig an mBord i mí na Samhna 2010. Nótáil an Bord gur comhlacht neamhthráchtála é an RPII go bunúsach agus nár chóir seirbhísí tráchtála a chur ar fáil ach amháin má bhíonn siad i gcomhréir le straitéis iomlán an RPII chun tacú le cosaint radaíochta. Agus na mórathruithe a tharla sa timpeallacht sheachtrach, coinníollacha an mhargaidh agus laghduithe i líon na mball foirne curtha san áireamh, d'aontaigh an Bord nach mór don RPII díriú ar a acmhainní agus a chinntiú, áit a bhfuil an RPII ag cur seirbhísí áirithe ar fáil a bhaineann le cosaint radaíochta, go léiríonn seo an luach is fearr don phobal. D'fhorbair agus d'aontaigh an Bord le mionthograí maidir le todhchaí gach ceann de na seirbhísí.

Athbhreithniú ar Fheidhmíocht an Bhoird

Le linn 2010, choimisiúnaigh an Bord le hathbhreithniú neamhspleách seachtrach a dhéanamh ar a fheidhmíocht. Is é a bhí i gceist leis an athbhreithniú seo ná an dara cleachtadh dá leithéid. Rinneadh an chéad cheann in 2006. D'aimsigh an t-athbhreithniú gur tháinig feabhas suntasach ar rialachas an RPII trí na moltaí ón athbhreithniú a bhí ann roimhe a chur i bhfeidhm agus beartaíodh anois gur chóir cloí leis an dea-chleachtas. D'fhéadfaí tuilleadh feabhais a chur ar réimsí ar leith lena n-áirítear an gaol idir an RPII agus a mháthair-roinn ó thaobh an rialachais agus an oibriúcháin de agus an bhainistíocht agus rioscaí á dtuairisciú. Tá na hathruithe curtha i bhfeidhm anois chun tabhairt faoi na moltaí seo.

An Coiste Iniúchta

Tháing an Coiste Iniúchta le chéile ceithre huaire i rith 2010. Príomhsprioc a baineadh amach ná cur le feidhm an iniúchta inmheánaigh atá i bhfeidhm cheana féin tríd an gcuideachta comhairleachta Deloitte a cheapadh mar iniúchóirí inmheánacha. Thug Deloitte faoi mhioniniúchadh ceannaigh le linn na bliana. Níor aimsíodh aon chinntí suntasacha ach tharla feabhsuithe áirithe sa phróiseas dá bharr.

An Coiste Comhairleach um Radaíocht Ianúcháin

Bhí an cruinniú tionscnaimh de Choiste Comhairleach Radaíochta Ianúcháin (IRAC) an RPII ar siúl ar 11 Bealtaine 2010 agus bhí an dara cruinniú ina dhiaidh seo i mí Dheireadh Fómhair. Bunaíodh an Coiste le gníomhú mar fhoras comhairleach eolaíochta ardleibhéil maidir le hábhar ar bith a bhaineann le radaíocht ianúcháin, agus béim ar leith ar chúrsaí sláinte poiblí, a thagann ón mBord nó ó Fheidhmeannas an RPII. Tá saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta san áireamh mar bhaill den choiste ar a bhfuil 16 bhall, agus clúdaítear réimse leathan disciplíní lena n-áirítear mar seo a leanas: cosaint radaíochta, sláinte phoiblí, eipidéimeolaíocht, freagairt éigeandála agus fisic leighis. I measc na dtopaicí a pléadh in 2010 bhí plean straitéiseach an RPII do 2011 go 2013, athruithe ar an gcóras rialála agus scileanna agus cumais a chothabháil laistigh den RPII.

An Coiste Comhairleach Cumarsáide

Rinneadh athbhreithniú ar théarmaí tagartha an Choiste Chomhairligh Chumarsáide in 2010 agus cheadaigh an Bord athrú sa bhallraíocht. Méadaíodh líon bhaill an Bhord ar an gCoiste go triúr agus tugadh isteach an rogha le saineolaí seachtrach a cheapadh. Le linn 2010, dhírigh an Coiste ar fheachtais radóin an RPII, forbairt a dhéanamh ar straitéis chumarsáide don RPII agus ar ról tábhachtach shuíomh Gréasáin nua an RPII chun cumarsáid a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara.

Comhaontú na Seirbhíse Poiblí

Nuair a d'fhoilsigh an Rialtas Comhaontú na Seirbhíse Poiblí agus an Plean Gníomhaíochta 2010-2014 a bhaineann leis cuireadh dualgas ar na comhlachtaí poiblí a bplean gníomaíochta féin a fhorbairt. Chomh maith leis sin, thuairiscigh an RPII an dul chun cinn in aghaidh na ngníomhaíochtaí don Chomhlacht Náisiúnta Forfheidhmithe, atá freagrach as Comhaontú na Seirbhíse Poiblí a chur i bhfeidhm.

Is iad seo a leanas na príomh-bhuaicphointí in 2010:

- Feabhas ar an éifeachtúlacht agus ar an tseirbhís do chustaiméirí trí leasuithe a dhéanamh ar líne ar orduithe a éascú agus chun fáil ar thorthaí tástála do chustaiméirí na seirbhísí dáileogmhéadrachta.
- Feabhas ar an éifeachtúlacht agus ar an tseirbhís do chustaiméirí tríd an ordú agus íocaíocht do sheirbhísí tomhais radóin ar líne a éascú.
- Córas bainistíochta feidhmíochta feabhsaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a thugann faoin bhfeidhmíocht agus faoi cháilíocht na feidhmíochta.
- Bainistíocht fheabhsaithe ar fhéichiúnaithe le laghdú 95% i luach na bhfiach deireanacha in 2010.
- Físchomhdháil a chur i bhfeidhm a shábhálann ar chostais taistil agus tacaíocht á tabhairt do chumarsáid idirghníomhaireachta ag an am céanna.
- Comhoiliúint le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta maidir le réimsí comhleasa chun costais a shábháil.
- Oiliúint um fhreagairt éigeandála agus shábháilteacht radaíochta ón RPII ar na gníomhaireachtaí eile cuí chun ár saineolas a chomhroinnt.

Comhaltaí Boird

Tháinig an Bord le chéile ocht n-uaire i rith na bliana. Léirítear líon na gcruinnithe ar fhreastail gach comhalta Boird air thíos. Léiríonn an uimhir idir lúibíní líon na gcruinnithe a raibh an comhalta i gceist i dteideal freastal air. Chomh maith leis sin léirítear ainm an duine/ na heagraíochta ainmnithe agus dáta an chéad cheapacháin.

Ainm	Ainmnithe ag	Dáta an Chéad Cheapacháin	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu le linn 2010
An tOll. Eugene Kennedy *Cathaoirleach*	An tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	Lúnasa 2006	8(8)
Ms Nuala Ahern	An tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	Bealtaine 2008	8(8)
Ms Fionnuala Barker	Cumann Míochaine Núicléach na hÉireann	Bealtaine 2007	6(6)
An Dr Éamann Breatnach	An Chomhairle Leighis	Samhain 2008	5(8)
An Dr Maurice Fitzgerald	An Chomhairle Fiaclóireachta	Iúil 2008	5(8)
Mr James Fitzmaurice	An tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	Aibreán 2002	3(6)
Mr Patrick Gilligan	Cumann na nEolaithe Fisice i gCúrsaí Leighis	Lúnasa 2006	7(8)
An Dr Kevin Kelleher	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	M.Fómhair 2007	5(6)
Dr Niall McEniff	Dámh na Raideolaithe RCSI	Aibreán 2007 (d'éirigh sé as i mí Aibreáin2010)	2(3)
Ms Darina Muckian	An tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	Aibreán 1997	8(8)
Mr John O'Dea	An tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	Samhain 2009	7(8)
Ms Adi Roche	An tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	Meitheamh 1997	7(8)
An Dr Stephanie Ryan	Dámh na Raideolaithe RCSI	Iúil 2010	1(2)

An tOllamh Eugene Kennedy *(Cathaoirleach)*

Ceapadh an tOllamh Kennedy ina Chathaoirleach agus ar Bhord an RPII in 2006. Tá sé in Ollamh le Fisic in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) le breis agus 20 bliain, agus tá sé ina Leas-Uachtarán le Taighde faoi láthair.

Tá cáil air go hidirnáisiúnta as an taighde atá déanta aige san fhisic plasma agus adamhach agus foilsíodh a shaothar go forleathan. Toghadh ina Chomhalta d'Institiúid na Fisice in 1987 agus ina bhall d'Acadamh Ríoga na hÉireann in 2004. Bhí an tOllamh Kennedy ar líon mór bord náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Ms Nuala Ahern

Ceapadh Ms Ahern ar an mBord in 2008. Is anailísí polasaí comhshaoil agus scríbhneoir ar an éiceolaíocht agus ar an tsíceolaíocht í. Is iar-bhall de Pharlaimint na hEorpa (Comhaontas Glas) í agus bhí sí ina hionadaí Laighean ar feadh 10 mbliana ó 1994-2004.

Ms Fionnuala Barker

Ceapadh Ms Barker ar Bhord an RPII in 2007. Mar Phríomhfhisicí in Ospidéal Naomh Lúcás, Baile Átha Cliath, tá saineolas fairsing aici i réimse na fisice leighis, go háirithe sa leigheas núicléach agus sa chosaint radaíochta. Is iar-Rúnaí Chumann na nEolaithe Fisice i gCúrsaí Leighis í.

Dr Éamann Breatnach

Is Raideolaí Comhairleach sa Ospidéal Mater é an Dr Breatnach agus is iar-Dhéan Dhámh na Raideolaithe, Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn, é. Is Cathaoirleach Choiste Oideachais de Chumann Eorpach na Raideolaithe é agus tá sé ina bhall d'fheidhmeannas stiúrtha an Chumainn.

Dr Maurice Fitzgerald

Cháiligh an Dr FitzGerald ó UCC in 1989 agus tá sé ag obair mar chleachtóir fiaclóireachta ginearálta i Sligeach. Fuair sé MSc sa Raideolaíocht Fiaclóireachta in 2000 ó Ollscoil Londain agus tá sé bhord an RPII mar ainmní na Comhairle Fiaclóireachta, ar a bhfuil sé mar bhall tofa.

Mr James Fitzmaurice

Ceapadh Mr James Fitzmaurice ar an mBord in 2002. Tá sé ina Chathaoirleach ar Choiste Comhairleach Cumarsáide an RPII agus tá sé mar bhall den Choiste Iniúchta freisin. Tá sé ina Stiúrthóir Bainistíochta ar an nGrúpa Foilsitheoireachta Bradan a fhoilsíonn an Public Sector Times agus nuachtáin éagsúla áitiúla. Tá sé ina chomhalta d'Institiúid Chairte na nIriseoirí agus tá céim aige sa Bhainistíocht, BA (Mgmt); agus MBA. Ar na poist a bhí aige roimhe seo áirítear Cathaoirleach ISME; Uachtarán Chomhlachas Tráchtála Bhré; agus Cathaoirleach ar Dhamhachtainí R-Sheirbhísí Rialtas na hÉireann. Bhí sé ar líon mór tascfhórsaí gnólachtaí beaga agus coistí, chomh maith le bheith ina bhall fadtéarmach de Choiste Polasaí Straitéiseach um Chomhshaol agus Dhramhaíl de Chomhairle Contae Chill Mhantáin.

Mr Patrick Gilligan

Ceapadh Mr Gilligan ar an mBord in 2006. Is Príomhfhisicí é a chuireann seirbhísí cosanta radaíochta agus saineolas fisice leighis ar fáil d'Ospidéal Príobháideach an Mater. Tá sé ina iar-Chathaoirleach ar Chumann na nEolaíochtaí Fisice i gCúrsaí Leighis agus tá sé ina bhall den Choiste Radaíochta Ianúcháin Leighis den Chomhairle Leighis.

Dr Kevin Kelleher

Ceapadh an Dr Kevin Kelleher ar an mBord in 2007. Tá an Dr Kelleher ina Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta do Shláinte an Daonra – Cosaint Sláinte, ag bainistiú na seirbhísí sláinte poiblí don FSS. Tá spéis ar leith aige in éifeachtaí an chomhshaoil ar shláinte an duine.

Dr Niall McEniff

Ceapadh an Dr Niall McEniff ar an mBord in 2007. Is Raideolaí Comhairleach é in Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath. Tá sé ina chomhalta de Dhámh na Raideolaithe i gColáiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn.

Ms Darina Muckian

Is céimí Fisice í Ms Muckian a ceapadh ar an mBord in 1997 agus tá níos mó ná deich mbliana taithí aici sna tionscail leictreonaice agus bog earraí agus rinne sí stocaireacht ar shaincheisteanna comhshaoil.

Mr John O'Dea

Ceapadh Mr John O'Dea ar an mBord in 2009 tar éis a bheith ag obair mar mhúinteoir/léachtóir fisice, eolaíochta comhshaoil agus oideachais. D'fhoilsigh sé sna réimsí radaíochta go hacadúil agus don phobal i gcoitinne. Bhí sé rannpháirteach le fada i ngníomhaíochtaí sóisialta agus cultúrtha lena n-áirítear tréimhsí mar chathaoirleach ar CND Shligigh, Féile Ealaíne Shligigh agus Ionad Samhlach na nEalaíon.

Ms Adi Roche

Ceaptha ar an mBord in 1997, is Bunaitheoir/POF í Ms Roche ar Chernobyl Children International, an phríomheagraíocht idirnáisiúnta do leanaí a bhfuil stádas NGO den NA aige agus a chuireann cláir leighis, dhaonnúla, shóisialta agus oideachais ar fáil ar fud réigiúin Chernobyl. Tá dámhachtainí ardghradaim daonnúla idirnáisiúnta éagsúla aici, chomh maith le dochtúireachtaí oinigh, is údar torthúil í agus léirigh sí cláir faisnéise áirithe maidir le Chernobyl.

Dr Stephanie Ryan

Ceapadh an Dr Stephanie Ryan ar an mBord in 2010. Is Raieolaí í an Dr Ryan in Ospidéal Ollscoile na Leanaí, Sráid Temple, Baile Átha Cliath. Is ball de Dhámh na Raideolaithe í freisin agus is ball coiste í de Choiste Radaíochta Ianúcháin Leighis den Chomhairle Leighis.

Coistí Comhairleacha

An Coiste Iniúchta

Cuireann an Coiste seo comhairle ar fáil don Bhord maidir le hairgeadas, rialachas agus riosca eagraíochtúil. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire le linn 2010.

Cathaoirleach: Mr Patrick Gilligan	Mr James Fitzmaurice
Ms Darina Muckian	An tOll. Ciarán O hOgartaigh

Fochoiste an Bhoird um Sheirbhísí Tráchtála

Bhunaigh an Bord an Fochoiste seo in 2009 chun athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar seirbhísí tráchtála a dhéanann an RPII agus chun straitéis a fhorbairt do sholáthar seirbhísí den sórt sin ón RPII amach anseo. Tháinig an Fochoiste le chéile trí huaire le linn 2010 agus cuireadh a thuarascáil deiridh ar fáil don Bhord i mí na Samhna 2010.

Cathaoirleach: An Dr Kevin Kelleher	
Ms Nuala Ahern	Mr Patrick Gilligan
Mr James Fitzmaurice	Rúnaí: Mr David Pollard

An Coiste Comhairleach Cumarsáide

Cuireann an Coiste seo comhairle ar fáil maidir le cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal. Tháinig an Coiste le chéile trí huaire le linn 2010.

Cathaoirleach: Mr James Fitzmaurice	
Ms Fionnuala Barker	An Dr Ann McGarry
Ms Marie Kelly	An Dr Barbara Rafferty

An Coiste Comhairleach Radaíochta Ianúcháin

Gníomhaíonn an Coiste seo mar fhoras comhairleach eolaíochta ardleibhéil maidir le hábhar ar bith a bhaineann le radaíocht ianúcháin, agus béim ar leith ar chúrsaí sláinte poiblí, a thagann ón mBord nó ó Fheidhmeannas an RPII. Le héifeacht ó mhí Eanáir 2010 tháinig an Coiste seo in áit na gCoistí Radaíochta Comhshaoil agus Comhairleach Radaíochta Leighis. Tháinig an Coiste le chéile faoi dhó le linn 2010.

Cathaoirleach: An Dr Éamann Breatnach	
Ms Nuala Ahern	An Dr Michael Casey
Dr Harry Comber	An Dr Dominque Crowley
Mr Sean Hogan	An Dr Jean-Luc Godet
An tOll. Ian McAulay	An tOll. Brendan McClean
An Dr Jim McLaughlin	An Dr Jill Meara
An tOll. Peter I Mitchell	An Dr Neil O'Donovan
An Dr Geraldine O'Reilly	An Dr Jane Renehan
An tOll. Wil Van Der Putten	
Rúnaí Eolaíochta: Ms Stephanie Long	

Struchtúr Foirne

An Dr Ann McGarry



An Dr Tom Ryan

Mr David Pollard

An Dr Ciara McMahon

An Dr Barbara Rafferty

Foireann an RPII in 2010

Alison McIntyre	Ann McGarry	Ann Marie Kelly
Ashley Curran	Barbara Rafferty	Catherine McCarron
Catherine Organo	Catherine Scully	Ciara Maguire
Ciara McMahon	David Dawson	David Fenton
David Pollard	David Spain	Dermot Howett
Eileen Hayden	Emily Clarke	Glenda Griffin
Hugh Synnott	Isabella Bolger	Jack Madden
Jarlath Duffy	Jennie Wong	Kevin Kelleher
Kilian Smith	Leo McKittrick	Linda Coyne
Lorraine Currivan	Lucy Doody	Marie Kelly
Máirín O'Colmáin	Mary Fegan	Michael Murray
Noeleen Cunningham	Olivia Cluskey	Olwyn Hanley
Pamela Lennon	Paul Fitzgerald	Paul McGinnity
Rachael Flynn	Rose Timmins	Sarah Baker
Sharon Wade	Sheila Powell	Stephen Fennell
Stephanie Long	Stephen Somerville	Tanya Kenny
Teresa Grant	Tom Ryan	Veronica Smith

Na Ráitis Airgeadais

An tArd-Reachtaire Cuntas is Ciste Tuarascáil le cur i láthair Thithe an Oireachtais	52
Ráiteas um Rialú Airgeadais	53
Ráiteas Faoi Fhreagrachtaí na hInstitiúide	54
Ráiteas Faoi na Polasaithe Cuntasaíochta	55
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	56
Ráiteas Faoi na Gnóthachain agus Caillteanais Iomlána Aitheanta	57
Clár Comhardaithe	58
Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais	59

An tArd-Reachtaire Cuntas is Ciste

Tuarascáil le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Ta na raitis airgeadais den Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010 iniúchta agam faoin Acht um Chosaint Raideolaíoch 1991. Ta na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na polasaithe chuntasaíochta a leagadh amach sna ráitis sin, comhdhéanta den Ráiteas um Polasaithe Cuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas Gnóthachan agus Caillteanas Aitheanta Iomlána, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara. Is dlí infheidhmithe agus cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Eirinn é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus ag déanamh ullmhúcháin.

Freagrachtaí na hInstitiúide

Tá an Institiúid freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a áirithiú go dtugann siad léargas fíor cothrom de staid ghnóthaí na hInstitiúide agus dá ioncam agus caiteachas, agus as rialtacht na n-oibríochtaí a áirithiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas is Ciste

An fhreagracht atá orm ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus iad a thuairisciú de réir an dlí infheidhmithe.

Déantar m'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus de réir Chaighdeáin Eiticiúla an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta d'Iniúchóirí.

Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Is é atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil faoi na suimeanna agus nochtuithe sna ráitis airgeadais, ar leor é chun urrús réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhair, cibé ar tharla sé de bharr calaoise nó earráide. Clúdaíonn seo measúnú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- cé acu an bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach do dhálaí na hInstitiúide agus ar cuireadh i bhfeidhm go seasta iad agus ar nochtadh go leordhóthanach iad

  réasúntacht meastachán cuntasaíochta suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair na ráiteas airgeadais ar an iomlán.

Déanaim iarracht freisin fianaise a lorg maidir le rialtacht na n-oibríochtaí airgeadais le linn an iniúchta.

Chomh maith leis sin léigh mé an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais sa tuarascáil bhliantúil chun aon neamhréireachtaí ábhair a aithint leis na ráitis airgeadais iniúchta. Má thugtar le fios dom go bhfuil míráitis nó neamhréireachtaí ábhair dealraitheacha i gceist, déanaim breitniú ar na himpleachtaí do mo thuairisc.

An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

Is é mo thuairim ná go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Leis in Éirinn, léargas fíor cothrom ar staid ghnóthaí na hInstitiúide ar 31 Nollaig 2010 agus dá ioncam agus caiteachas don bhliain dar críoch.

Is é mo thuairim gur choinnigh an Institiúid na leabhair iomchuí chuntais. Tá na ráitis airgeadais de réir na leabhair chuntais.

Ábhair ar a dTuairiscím de réir Eisceachta

Tuairiscím de réir eisceachta

- mura bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a éilím do m'iniúchadh, nó
- má nótáladh ásc d'ábhar ar bith áit nár úsáideadh airgid chun na críocha a bhí beartaithe nó áit nach raibh na hoibríochtaí de réir mar a bhí i gceist ag na húdaráis a ndearna rialú orthu, nó
- nach bhfuil an fhaisnéis a tugadh i dTuarascáil Bhliantúil na hInstitiúide don bhliain a n-ullmhaítear na ráitis airgeadais dó i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Poiblí, nó
- nach bhfuil an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais léiriú gur chomhlíon an Institiúid an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- Má aimsím go bhfuil cúrsaí ábhair eile a bhaineann leis an mbealach inar tugadh faoi ghnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin ar a bhfuil tuairisciú le déanamh de réir eisceachta.

Andrew Harkness
Thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas is Ciste

30 Meitheamh 2011

Ráiteas um Rialú Airgeadais

Thar ceann an Bhoird den Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch, glacaim leis an bhfreagracht atá orainn chun a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialuithe inmheánacha airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú, chun cuntais an RPII a ullmhú agus chun cloí leis na dualgais reachtúla a bhaineann leis an RPII.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú atá réasúnach agus gan a bheith iomlán a thabhairt go ndéantar na sócmhainní a chosaint, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go hiomchuí, agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhréireachtaí ábhair nó go bhféadfaí iad a aimsiú agus a réiteach in am trátha.

Na hEochairghnáthaimh chun Rialú Inmheánach Airgeadais a Chur ar Fáil

i) Tá céimeanna glactha ag Bord an RPII le timpeallacht rialaithe iomchuí a áirithiú laistigh den RPII trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Ráiteas Straitéise an RPII 2008-2010 a fhoilsiú. Clúdaíonn an Straitéis seo an tréimhse go dtí 2010 agus leagtar amach spriocanna eagraíochtúla an RPII ann. Déantar monatóireacht ar fhorfheidhmiú na Straitéise agus tuairiscítear chuig Bord an RPII ar bhonn tréimhsiúil. Ullmhaíodh straitéis nua don tréimhse 2011-2013.
- Mionchlár oibre a chomhaontú do gach bliain agus monatóireacht agus luacháil a dhéanamh ar an dul chun cinn in aghaidh an chláir oibre go rialta.
- Cruinnithe rialta agus cruinnithe bainistíochta míosúla a reáchtáil áit a bhfuil buncheisteanna straitéiseacha ar nós Rialachas Corparáideach agus Bainistíocht Airgeadais san áireamh sa chlár oibre.
- Gnáthaimh airgeadais a chur i bhfeidhm leis na gnéithe airgeadais suntasacha de ghnó an RPII a rialú agus chun iad seo a fhoilsiú i Lámhleabhar na bhFostaithe.
- Sceideal cuimsitheach árachas a choinneáil chun leasanna an RPII a chosaint.
- Coiste Iniúchta Inmheánach a bhunú, agus iniúchóir inmheánach a cheapadh mar chuid d'athbhreithniú córasach leanúnach ar an timpeallacht rialaithe agus gnáthamh rialachais laistigh den RPII.
- Polasaí agus Creat Bainistíochta Riosca a bhunú agus a fheidhmiú.
- Na freagrachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir, na feidhmeanna cuí a tharmligean, agus athbhreithniú a dhéanamh ar phríomhpholasaithe agus príomhghnáthaimh an RPII agus iad a cheadú.
- Cód Iompair Ghnó a chur i bhfeidhm do Stiúrthóirí agus don Fhoireann i gcomhréir le riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Poiblí.
- Comhlíonadh riachtanais na nAchtanna um Eiticí san Oifig Phoiblí agus Pharagraf 21 d'Acht an Chéad Sceideal den RPII 1991 a bhaineann le Dearbhú agus Nochtadh Leasanna.

ii) Le linn 2010 rinneadh athbhreithniú ar Chláir Riosac an RPII de réir Pholasaí Bainistíochta Riosca an RPII agus ullmhaíodh Clár Riosca Corparáideach.

iii) Tá córas na rialuithe inmheánacha airgeadais bunaithe ar chreat faisnéise bainistíochta rialta, córas tarmligin agus cuntasachta, sraith gnáthamh airgeadais agus nósanna imeachta lena n-áirítear leithscaradh na ndualgas. Áirítear go háirithe na nithe seo a leanas:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil, a ndéanann an Bord athbhreithniú air agus atá ceadaithe aige.
- Sannadh buiséad agus údaráis buiséid agus freagrachtaí d'fheidhmeanna ar leith do bhainisteoirí sinsearacha roghnaithe.
- Srian a chur ar an údarás le híocaíochtaí uile airgid an RPII a údarú agus teorainneacha a chur ar na suimeanna a dhéantar a údarú.
- Ahtbhreithnithe rialta déanta ag an mBord ar fhaisnéis agus tuairiscí faisnéise airgeadais bliantúla (cuntais bainistíochta san áireamh), a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne na mbuiséad.
- Córas rialaithe ar cheadú iomlán na gconarthaí caipitil agus comhairliúcháin.

iv) Rinneadh breithniú ar impleachtaí airgeadais na rioscaí gnó trí phróiseas measúnaithe riosca ghnó foirmiúil agus in ullmhúchán na bPleananna Iniúchta Inmheánacha den RPII.

Eisíodh na gnáthaimh chun gnéithe airgeadais suntasacha ghnó an RPII a rialú, agus tá teorainneacha údaraithe leagtha amach ag an mBord ó thaobh ceannaigh.

v) Tá Coiste Iniúchta an RPII comhdhéanta de thrí bhall den Bhord agus duine seachtrach ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta.

In 2010, ceapadh an chuideachta Deloitte chun feidhm iniúchta inmheánaigh an RPII a chomhlíonadh agus chun tuairisciú a dhéanamh don Choiste Iniúchta. In 2010 rinne Deloitte Athbhreithniú ar an mbainistíocht cuntasaíochta agus airgeadais agus díríodh ar an soláthar. Ní raibh aon torthaí criticiúla le haimsiú sna hiniúchtaí seo.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialuithe inmheánacha airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010.

Sínithe thar ceann an Bhoird

An tOllamh Eugene Kennedy
Cathaoirleach

29 Meitheamh 2011

Ráiteas Faoi Fhreagrachtaí na hInstitiúide

Éilíonn Alt 16 (1) den Acht um Chosaint Raideolaíoch, 1991, ar an Institiúid ráitis airgeadais a ullmhú i gcibé foirm a bheidh formheasta ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le toiliú an Aire Airgeadais. In ullmhú na ráiteas airgeadais seo ceanglaítear ar an Institiúid na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Polasaithe feiliúnacha cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- Breithiúnais agus meastacháin a thabhairt atá réasúnach agus stuama
- Ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaí ach amháin mura bhfuil sé iomchuí a thoimhdiú go leanfaidh an Institiúid ag feidhmiú
- A shonrú cibé ar leanadh na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeachta ábhair a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Deimhníonn an Bord go bhfuil na ceanglais thuas comhlíonta acu in ullmhú na ráiteas airgeadais. Tá an Institiúid freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád a nochtann le beachtas réasunach ag am ar bith staid airgeadais na hInstitiúide agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 16(1) den Acht. Tá an Institiúid freagrach freisin as na sócmhainní den Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch a chosaint agus na bearta réasúnacha is gá a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

An tOllamh Eugene Kennedy
Cathaoirleach

Patrick Gilligan
Ball den Bhord

Ráiteas Faoi na Polasaithe Cuntasaíochta

1. Bonn Cuntasaíochta

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhruithe ach amháin mar a shonraítear thíos, agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil de réir an chleachtais a bhfuil glacadh leis i gcoitinne. Glactar leis na caighdeáin tuairiscthe airgeadais a mholann na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta de réir mar a dhéantar infheidhmithe iad. Is é an t-aonad airgeadais ina bhfuil na ráitis airgeadais ainmnithe ná an Euro.

Tá na Ráitis Airgeadais san fhormáid atá ceadaithe ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le toiliú an Aire Airgeadais.

2. Ioncam

Is ionann ioncam a thaispeántar sna Ráitis Airgeadais faoi dheontais an Oireachtais agus fáltais airgid iarbhír sa bhliain.

3. Sócmhainní Seasta

Luaitear Sócmhainní Seasta ar a gcostas lúide dímheas carntha. Sa chostas áirítear costas measta dhiúscairt na bhfoinsí radaighníomhacha. Déantar dímheas a áireamh de réir méid chothroim trí thagairt a dhéanamh do shaolré fhónta ionchais na sócmhainní atá i gceist. Úsáidtear na rátaí mar seo a leanas:

- Trealamh & Troscán Oifige & Saotharlainne: 20%
- Déantar feabhsuithe léasachta a dhímheas thar saol an léasa.

4. Aoisliúntas

Tá scéim pinsean sochair shainithe á feidhmiú ag an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch a mhaoinítear in aghaidh na bliana ar bhonn 'íoctar-mar-a-úsáidtear' ó airgead a chuireann an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar fáil agus ó ranníocaíochtaí asbhainte de thuarastail foirne.

Léiríonn na costais pinsean na sochair phinsean a thuill fostaithe sa tréimhse agus a thaispeántar glan ó ranníocaíochtaí a choinníonn an Institiúid. Aithnítear suim a chomhfhreagraíonn an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé inghnóthaithe agus fritháirithe ag deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a íoc.

Léirítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha ag eascairt as dliteanais na scéime sa Ráiteas faoi na Gnóthachain agus Caillteanais Iomlána Aitheanta agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsuim atá inghnóthaithe ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Is ionann na dliteanais phinsin agus luach reatha na níocaíochtaí de phinsin sa todhchaí a thuilleann an fhoireann go dtí seo. Is ionann maoiniú pinsin iarchurtha agus an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le hinghnóthú sna tréimhsí amach anseo ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

5. Cuntas Caipitil

Is ionann Cuntas Caipitil agus suim neamh-amúchta an ioncaim a úsáidtear le sócmhainní seasta a cheannach.

6. Réamhioncam

Baineann réamhioncam le hioncam táille ceadúnais a réamhíocann na ceadúnuithe i leith tréimhsí amach anseo.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2010

2009 €		2010 €
	IONCAM	
4,245,000	Deontas Oireachtais	3,685,000
1,039,310	Glanmhaoiniú Iarchurtha do Phinsin (Nóta 7b)	1,329,822
272,441	Aistriú ó/(go) Cuntas Caipitil (Nóta 2)	329,643
5,556,751		5,344,465
573,300	Seirbhís Dáileogmhéadrachta agus Calabrúcháin	489,570
160,590	Seirbhís Tomhais Radóin	529,893
283,979	Seirbhís Monatóireachta Radaíochta	288,857
598,418	Seirbhís Rialaithe	698,465
12,137	Ilghnéitheach/Ioncam Conartha	1,794
1,628,424		2,008,579
7,185,175		7,353,044
	CAITEACHAS	
3,284,383	Tuarastail (Nóta 3)	3,068,984
1,340,432	Pinsin (Nóta 7c)	1,469,884
123,138	Seirbhís Dáileogmhéadrachta agus Calabrúcháin	123,187
32,958	Seirbhís Tomhais Radóin	57,358
147,564	Seirbhís Monatóireachta Radaíochta	114,153
77,887	Seirbhís Rialaithe	50,166
146,334	Faisnéis & Cumarsáid don Phobal	303,337
75,579	Sábháilteacht Núicléach	60,273
107,965	Leabharlann & Bainistíocht Doiciméad	129,370
587,429	Cóiríocht & Árachas	559,776
130,010	Taisteal & Cothú	143,532
97,263	Earcaíocht & Oiliúint	107,010
64,277	CBF, TF & Seirbhís do Chustaiméirí	73,202
71,441	Postas, Fón & Soláthar Oifige	85,043
11,515	Táillí Iniúchóireachta	11,515
59,900	Táillí Gairmiúla & Ilghnéitheach	51,857
652,441	Dímheas	649,611
25,000	Soláthar do dhiúscairt foinsí radaighníomhacha	40,492
7,035,516		7,098,750
149,659	BARRACHAS DON BHLIAIN	254,294
609,638	Iarmhéid mar a bhí ar 31 Eanáir	759,297
759,297	Iarmhéid mar a bhí ar 31 Nollaig	1,013,591

Tá Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 12 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo

An tOllamh Eugene Kennedy
Cathaoirleach

Patrick Gilligan
Ball den Bhord

29 Meitheamh 2011

Ráiteas Faoi na Gnóthachain agus Caillteanais Iomlána Aitheanta *Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2010*

2009 €		Nótaí	2010 €
149,659	Barrachas don bhliain		254,294
(266,000)	Gnóthachain/Ó Thaithí ar dhliteanais scéime pinsean		(1,181,000)
(442,000)	Athrú ar na toimhdí atá mar bhun de luach reatha na ndlitean as scéime pinsean		(950,000)
(708,000)	Gnóthachain Achtúireacha ar Dhliteanais Pinsean	7f	(2,131,000)
708,000	Coigeartuithe don Mhaoiniú Iarchurtha Pinsin		2,131,000
149,659	Gnóthachan iomlán aitheanta don bhliain		254,294

Tá Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 12 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo

An tOllamh Eugene Kennedy
Cathaoirleach

Patrick Gilligan
Ball den Bhord

29 Meitheamh 2011

Clár Comhardaithe

mar atá ag 31 Nollaig 2010

2009 €		Nótaí	2010 €
1,721,158	SÓCMHAINNÍ SEASTA	1	1,423,649
	SÓCHMHAINNÍ REATHA		
1,472,563	Airgead ar Láimh & sa Bhanc		1,886,901
304,112	Féichiúnaithe	8	169,630
1,776,675			2,056,531
	CREIDIÚNAITHE – suimeanna atá dlite laistigh de bhliain		
353,494	Creidiúnaithe	9	337,420
32,134	Réamhdheontas Caipitil	10	0
43,400	Soláthar do Dhiúscairt Foinsí Radaighníomhacha	11	58,892
588,350	Réamhioncam		646,629
1,017,378			1,042,941
759,297	GLANSÓCMHAINNÍ REATHA		1,013,590
2,480,455	SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA		2,437,239
18,938,457	Maoiniú Iarchurtha Pinsin	7d	18,137,279
(18,938,457)	Dliteanas Pinsin	7e	(18,137,279)
2,480,455	GLANSÓCMHAINNÍ		2,437,239
	Arna mhaoiniú ag:		
759,297	Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		1,013,591
1,721,158	Cuntas Caipitil	2	1,423,649
2,480,455			2,437,240

An tOllamh Eugene Kennedy
Cathaoirleach

Patrick Gilligan
Ball den Bhord

29 Meitheamh 2011

Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais

don Bhlain dar Críoch 31 Nollaig 2010

1. SÓCMHAINNÍ SEASTA

	Feabhsuithe Léasacha €	Troscán agus Trealamh Oifig agus Saotharlainne €	Iomlán €
Costas:			
Ag 1 Eanáir 2010	788,301	7,122,528	7,910,829
Breiseanna	0	352,102	352,102
Diúscairtí	0	(532,239)	(532,239)
Ag 31 Nollaig 2010	788,301	6,942,391	7,730,692
Dímheas:			
Ag 1 Eanáir 2010	557,782	5,631,889	6,189,671
Muirear don bhliain	25,617	623,994	649,611
I gcás diúscartha	0	(532,239)	(532,239)
Ag 31 Nollaig 2010	583,399	5,723,644	6,307,043
Glanluach de réir na Leabhar ag			
31 Nollaig 2010	204,902	1,218,747	1,423,649
Glanluach de réir na Leabhar ag			
31 Nollaig 2009	230,519	1,490,639	1,721,158

2. CUNTAS CAIPITIL

	2010 €	2010 €	2009 €	2009 €
Iarmhéid ag 1 Eanáir 2010		1,721,158		2,021,883
Deontas Caipitil a Fuarthas	304,000		380,000	
Sócmhainní a maoiníodh ón deontas reatha	15,968			
Lúide an Deontas amúchta sa Bhliain	(649,611)		(652,441)	
Aistriú (go) Cuntas Caipitil agus Caiteachais		(329,643)		(272,441)
Aistriú ó/(go) Réamhdheontas Caipitil	Nóta 10	32,134		(28,284)
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2010		1,423,649		1,721,158

Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

don Bhlain dar Críoch 31 Nollaig 2010

3. TUARASTAIL AGUS PINSIN

	2010 €	2009 €
Olltuarastail	2,928,974	3,135,188
Á.S.P.C. na bhFostóirí	140,010	149,195
	3,068,984	3,284,383

Fuair an POF íocaíochtaí tuarastail de €147,009 in 2010. Tugadh liúntas toscairí de €2,680 don POF. Fuair an POF cúiteamh as costais taistil agus cothaithe de €14,978 in 2010. Tá an POF mar bhall de scéim earnála poiblí le sochair sainithe neamh-mhaoinithe agus ní théann a teidlíochtaí pinsin thar na teidlíochtaí caighdeánacha sa scéim earnála poiblí le sochair sainithe aoisliúntais.

Aisbhaineadh €191,896 den fhoireann mar thobhach pinsin agus íocadh é leis an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Ba é meanlíon na ndaoine a bhí fostaithe go lánaimseartha gan bhaill den Bhord san áireamh sa bhliain airgeadais ná 50 (2009 - 52).

4. CEANGALTAIS AGUS OIBLEAGÁIDÍ LÉASA – Léasanna Oibriúcháin

3 Cearnóg Chluain Sceach

Na ceangaltais léasa atá iníoctha don chéad dhá mhí dhéag eile ná €300,000 ar bhonn rátaí cíosa reatha agus cuimsíonn siad íocaíochtaí cíosa ar leas leasach, a dtéann a théarma in éag ar 1 Deireadh Fómhair 2018. Tá an t-ioncam cíosa seo faoi réir athbhreithnithe gach tréimhse cúig bliana. Bhí an t-athbhreithniú deireanach den chineál sin ar 1 Deireadh Fómhair 2008.

1 Cearnóg Chluain Sceach

Na ceangaltais léasa atá iníoctha don chéad dhá mhí dhéag eile ná €140,000 (i gcás dhá hurlár) ar bhonn rátaí cíosa reatha agus cuimsíonn siad íocaíochtaí cíosa ar leas léasach 20 bliana le clásal scoir ar 1 Deireadh Fomhair 2018. Ta an cíos seo faoi réir athbhreithnithe gach tréimhse cúig bliana. Tá an Institiúid sa bhunurlár ó 2008. Rinneadh an chéad urlár a léasú in 2009 chun cóiríocht a thabhairt i leith freagraíochtaí breise a bhí le bheith sannta don RPII ag an Rialtas. Go dtí go dtarlaíonn seo, rineadh an chéad urlár a fholigean amach ar feadh dhá mhí dhéag ó mhí Feabhra 2009 agus €60,000 mar chíos bliantúil agus ar feadh fiche a ceathair mí breise ó mhí Feabhra 2010 agus costas ar chíos bliantúil de €45,000.

5. CEANGALTAIS CAIPITIL

Luach na gceangaltas chaipitil a údaraíodh ag 31 Nollaig 2010 ba ea €0

6. LEASANNA BHAILL AN BHOIRD

Ghlac an Bord le gnáthaimh de réir na dtreoirlínte atá eisithe ag an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasanna ag baill Boird agus cloíodh leis na gnáthaimh seo sa bhliain. Ní raibh aon idirbhearta a raibh tábhacht leo sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí na hInstitiúide ina raibh aon leas ag baill an Bhoird. Tá miondealú ar tháillí Bhaill an Bhoird a íocadh le linn 2010 mar seo a leanas:

	€		€
An tOllamh E Kennedy (Cathaoirleach)	11,970	An Dr E Breatnach	7,695
Dr N McEniff	4,050	An Dr S Ryan	3,468
Ms F Barker	4,430	Ms D Muckian	8,370
Ms N Ahern	7,695	Ms A Roche	8,370
Mr M Fitzgerald	7,695	Mr P Gilligan	8,370
Mr J Fitzmaurice	5,621	Mr J O'Dea	8,392

Costais taistil agus cothaithe a íocadh le linn 2010 le baill den Bhord:

An tOllamh E Kennedy (Cathaoirleach)	321	Ms A Roche	1,180
Mr J O'Dea	1,913	Mr M Fitzgerald	1,147

7. PINSIN

(a) An Scéim Pinsean

Ullmhaíodh na nochtuithe thíos don Institiúid Éireannach um Chosaint Radaíochta (RPII) maidir le sochair atá iníoctha ó Scéim Aoisliúntais den Institiúid Éireannach um Chosaint Radaíochta ("An Scéim")

Is é atá sa Scéim ná cineál sochair shainithe, a chuireann sochair scoir ar fáil bunaithe ar an tuarastal deiridh, de réir rialacha modúil na hEarnála Poiblí. Déantar an Scéim a mhaoiniú gach bliain ar bhonn íoctar mar a úsáidtear ó airgid a chuireann an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar fáil agus ó ranníocaíochtaí a aisbhaintear ó thuarastail na mball foirne.

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh don nochtadh FRS17 ar mheasúnú iomlán a dhéanamh ar dhliteanais na Scéime mar atá ag 31 Nollaig 2010. Tomhaiseadh luachanna reatha den oibleagáid sochair shainithe, na costais seirbhíse gaolmhara agus iar-chostais seirbhíse ar bith ag baint úsáide as an modh creidmheasa aonaid réamh-mheasta.

Tá na príomhthoimhdí a d'úsáid achtúirí cáilithe neamhspleácha leis na dliteanais faoi FRS17 a ríomh leagtha amach thios:

	Ag deireadh na bliana 31/12/2010	**Ag deireadh na bliana 31/12/2009**	**Ag deireadh na bliana 31/12/2008**
Ráta lascaine	5.50%	5.50%	5.60%
Toimhdí Boilscithe	2.00%	2.25%	2.00%
Ráta ardaithe sna tuarastail inphinsin	3.25%	3.50%	3.50%
Ráta ardaithe pinsean atá á n-íoc	3.25%	3.50%	3.50%

Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

don Bhlain dar Críoch 31 Nollaig 2010

7. PINSIN *(ar lean)*

(b) Glanmhaoiniú iarchurtha do Phinsin sa Bhliain

	Bliain go 31/12/2010 €'000anna	Bliain go 31/12/2009 €'000anna	Bliain go 31/12/2008 €'000anna
Maoiniú inghnóthaithe i leith na Bliana Reatha			
Costais Pinsean	1,667	1,548	1,598
Deontas an Stáit a bhaineann le Pinsin agus Aiscí a íoc	(337)	(509)	(450)
	1,330	1,039	1,148

(c) Anailís ar Chostais Iomlána na bPinsean A dhéantar a Mhuirearú don Chaiteachas

	Bliain go 31/12/2010 €'000anna	Bliain go 31/12/2009 €'000anna	Bliain go 31/12/2008 €'000anna
Costas Seirbhíse Reatha	618	583	668
Costas Úis	1,049	965	930
Rannaíocaíochtaí Fostaithe	(197)	(208)	(200)
Glantoradh	1,470	1,340	1,398

(d) Sócmhainn Mhaoinithe Iarchurtha do Phinsin

Aithníonn an RPII na suimeanna atá dlite ón Stát don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe ar bhonn líon eachtraí a tharla. San áireamh sna heachtraí seo tá tacaíocht reachtúil don scéim aoisliúntais, agus an polasaí agus cleachtas maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear an próiseas meastachán bliantúil. Cé nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil agus dá bhrí sin níl aon ráthaíocht maidir leis na suimeanna ar leith seo leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, níl aon fhianaise ag an RPII nach leanfaidh an polasaí maoinithe seo ag comhlíonadh na suime seo de réir an chleachtais reatha. An tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha do phinsin amhail ar 31 Nollaig 2010 ná €18.137 milliún (2009: €18.938 milliún).

(e) Gluaiseacht sa Ghlandliteanas Pinsin Le Linn na Bliana Airgeadais

	Bliain go 31/12/2010 €'000anna	Bliain go 31/12/2009 €'000anna	Bliain go 31/12/2008 €'000anna
Glandliteanas Pinsin Ar 1 Eanáir	18,938	17,191	16,812
Costas Seirbhíse Reatha	618	583	668
Costas Úis	1,049	965	930
Sochair a íocadh sa bhliain	(337)	(509)	(251)
(Gnóthachain)/Caillteanais Achtúireacha ar dhliteanais*	(2,131)	708	(968)
Iarchostais Seirbhíse			
Ciorrúcháin			
Socraíochtaí			
Glandliteanas Pinsin ag 31 Nollaig	18,137	18,938	17,191

**Clúdaíonn seo éifeacht na n-athruithe ar na toimhdí*

7. PINSIN *(ar lean)*

(f) Stair Gnóthachan agus Caillteanas ó Thaithí

	Bliain go 31/12/2010 €'000anna	Bliain go 31/12/2009 €'000anna	Bliain go 31/12/2008 €'000anna
Suim (Gnóthachan)/Caillteanas ó Thaithí ar dhliteanais na scéime:	(1,181)	266	430
Mar chéatadán luach reatha dhliteanais na scéime	(6.50%)	1.40%	2.50%
(Gnóthachain)/Caillteanais Achtúireacha Iomlána a aithníodh san STRGL	(2,131)	708	(968)
Mar chéatadán luach reatha dhliteanais na scéime	(11.80%)	3.75%	5.70%
Suim charnach na (nGnóthachan)/gCaillteanas a aithníodh san STRGL^	954	3,085	2,377

^Léirionn seo gnóthachain/caillteanais ó 31/12/2002 go huile

Tá na toimhdí básmhaireachta bunaithe ar tháblaí caighdeánacha básmhaireachta a chuirfidh feabhsuithe básmhaireachta amach anseo san áireamh. Cuireann an bonn básmhaireachta feabhsuithe san ionchas saoil thar am san áireamh, ionas go mbraithfidh an t-ionchas saoil ag aois scoir ar an mbliain ina bhfuil aois scoir slánaithe ag ball (65 bliana d'aois). Taispeánann an tábla thíos an t-ionchas saoil do bhaill a mbeidh 65 bliana d'aois slánaithe acu in 2011, 2031 agus 2051.

Bliain a bhfuil 65 bliana d'aois slánaithe	**2011**	**2031**	**2051**
Ionchas Saoil – Fireann	88.1	91.6	93.6
Ionchas Saoil – Baineann	89.6	92.7	94.5

8. FÉICHIÚNAITHE

	2010 €	2009 €
Féichiúnaithe do Sheirbhísí	61,707	121,813
Soláthar in aghaidh Drochfhiach	(1,299)	(5,778)
Réamhíocaíochtaí	109,222	188,077
	169,630	304,112

9. CREIDIÚNAITHE

	2010 €	2009 €
Fabhruithe	313,046	320,064
An tArd Bhailitheoir	24,374	33,430
	337,420	353,494

Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

don Bhlain dar Críoch 31 Nollaig 2010

10. RÉAMHDHEONTAS CAIPITIL

Is ionann seo agus Deontais Chaipitil a fuarthas i leith tionscadal nar criochnaiodh i rith na bliana:

	2010 €	2009 €
Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir	32,134	3,850
Aistriú (go) ó Chuntas Caipitil	(32,134)	28,284
Iarmhéid an 31 Nollaig	0	32,134
Cuimsíonn an Figiúr seo		
Caiteachas Caipitil don Bhliain	(352,102)	(351,716)
Deontas a fuarthas	304,000	380,000
Sócmhainní maoinithe ón deontas reatha	15,968	
	(32,134)	28,284

11. SOLÁTHAR DO DHIÚSCAIRT FOINSÍ RADAIGHNÍOMHACHA

Tá líon foinsí radaighníomhacha á choimeád ag an Institiúid, agus beidh roinnt díobh coinnithe ar feadh blianta áirithe. Déantar soláthar do chostas dhiúscairt an ábhair sa bhliain ina bhfaigheann sé foinsí nua.

	2010 €	2009 €
Soláthar Oscailte	43,400	
Úsáidte	(25,000)	18,400
Soláthar déanta sa bhliain	40,492	25,000
Soláthar Dúnta	58,892	43,400

12. FORMHEAS NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Rinne an Bord na ráitis airgeadais a fhormheas ar 2 Márta 2011.

Radiological Protection Institute of Ireland
An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch

Déan Teagmháil Linn

An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch
3 Cearnóg Chluain Sceach
Baile Átha Cliath 14
Éire

Teil: 01 2697766
Facs: 01 2697437
R-phost: rpii@rpii.ie
Gréasán: www.rpii.ie

Uaireanta oscailte: 9:00-5:00

Clóite ar pháipéar athchúrsáilte